

Treoirlínte maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

LENA SAINÍTEAR

**LENA
mBUNAÍTEAR**

LENA gCINNTEAR

**LENA gCUIRTEAR
CHUN FEIDHME**

**LENA
nATHBHREITHNÍTEAR**

**LENA gCUIRTEAR
DEIREADH LE**

Treoirínite maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

Nollaig 2024

Rinneadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) den Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) an 19 Eanáir 2022. Ba cheart gach tagairt do EASO, do tháirgí agus do chomhlachtaí EASO a thuiscint anois mar thagairtí do EUAA.



Arna chríochnú i mí na Nollag 2024

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

Print ISBN 978-92-9410-899-9 doi:10.2847/3530415 BZ-01-24-029-GA-C

PDF ISBN 978-92-9410-898-2 doi:10.2847/7790378 BZ-01-24-029-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2026

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinsé a lua.

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an EUAAa úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha. Ní leis EUAA an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas:

- Léaráid chlúdaigh oiriúnaithe ó tolgart, © iStock/Getty Images Plus
- Deilbhíní ar na leathanaigh ó 27 go 32: bsd studio © stock.adobe.com.



Maidir leis an treoirleabhar

Cén fáth ar cruthaíodh an treoirleabhar seo? Is é an misean atá ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus thíortha comhlachaithe Schengen (tíortha AE+ ⁽¹⁾) a éascú agus tacú leo i ndáil le chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET). I gcomhréir leis an aidhm fhoriomlán atá ag EUAA cur chun feidhme ceart agus éifeachtach CET a chur chun cinn agus cóineasú a chumasú, forbraíonn EUAA comhchaighdeáin oibríochtúla agus táscairí, treoirlínte agus uirlisí praiticiúla.

Conas a forbraíodh an treoirleabhar seo? Cruthaíodh an treoirleabhar seo le tacaíocht ó shaineolaithe na mBallstát ón nGearmáin, as Éirinn, ón Ísiltír agus ón tSualainn, agus le hionchur luachmhar ón gCoimisiún Eorpach, ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), ón nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), ó Chiste na Náisiún Aontaithe do Leanáí (UNICEF), ó Chomhairle na hEorpa (CoE) agus ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) ⁽²⁾. Rinne EUAA an fhorbairt a éascú agus a chomhordú. Sular tugadh chun críche é, rinneadh comhairliúchán ar an treoirleabhar le gach tír AE+ trí líonraí EUAA maidir le glacadh, próisis tearmainn agus nós imeachta Bhaile Átha Cliath.

Cé air a bhfuil an treoirleabhar seo dírithe? Tá an treoirleabhar seo dírithe go príomha ar údaráis náisiúnta atá freagrach as coinneáil agus/nó as roghanna malartacha ar choinneáil, lena n-áirítear cinnteoirí agus lucht ceaptha beartas. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an uirlis seo a bheith úsáideach d'aon duine an Aontais atá ag obair nó atá páirteach i réimse na coinneála nó na roghanna malartacha ar choinneáil.

An dóigh leis an treoirleabhar seo a úsáid. Tá treoirlínte sa treoirleabhar seo maidir le roghanna malartacha ar choinneáil, maille le breithnithe sonracha maidir lena n-infheidhmeacht i gcomhthéacs nós imeachta teorann. Féadfaidh an léitheoir tuilleadh treorach a fháil sa [Lámhleabhar maidir leis an dlí Eorpach i ndáil le tearmann, inimirce agus teorainneacha](#) a d'fhoilsigh FRA agus ECtHR go comhpháirteach agus a nuashonraítear go rialta, ina ndéantar cur síos ar an dlí Eorpach is infheidhme maidir le coinneáil agus srianta ar shaoirse gluaiseachta i gCaibidil 7. Go sonracha maidir le roghanna malartacha ar choinneáil, féadfaidh an léitheoir dul i gcomhairle le doiciméid Chomhairle na hEorpa maidir le [gnéithe dlíthiúla agus praiticiúla de roghanna malartacha éifeachtacha ar choinneáil i gcomhthéacs na himirce](#) agus an [Handbook on Alternatives to Immigration Detention: Fostering Effective Results](#) [Lámhleabhar maidir le roghanna malartacha ar choinneáil inimirceach: torthaí éifeachtacha a chothú], foilseachán FRA maidir le [roghanna malartacha ar choinneáil d'iarthóirí tearmainn agus do dhaoine i nósanna imeachta um fhilleadh](#) agus doiciméad Frontex maidir le [deachleachtais i ndáil le roghanna malartacha ar choinneáil](#).

⁽¹⁾ Na 27 Ballstát den Aontas Eorpach, arna gcomhlánú ag an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

⁽²⁾ Tabhair faoi deara nach gá go léiríonn an treoirleabhar críochnaithe seasamh IOM, UNICEF, CoE ná UNHCR.





Conas a bhaineann an treoirleabhar seo le reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta?

Is uirlis bhog chóineasaithe é an treoirleabhar seo. Níl sé ceangailteach ó thaobh dlí de agus léirítear ann caighdeáin a comhaontaíodh go comhchoiteann arna nglacadh ag Bord Bainistíochta EUAA i mí na Nollag 2024. Ba cheart *Treoirlínte EUAA maidir le roghanna malartacha ar choinneáil* a úsáid i gcomhar le treoirleabhair agus uirlisí praiticiúla eile atá ar fáil.

Séanadh

Ullmhaíodh an treoirleabhar seo gan dochar don phrionsabal nach féidir ach le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú údarásach a thabhairt ar dhlí an Aontais.





Clár

Liosta giorrúchán.....	8
Réamhrá.....	10
Roghanna malartacha ar choinneáil a shainiú	12
Treoirlíne 1	14
Níor cheart roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm ach amháin más ann d'fhoras dlisteanach coinneála.....	14
Dleathacht na coinneála	14
Forais choinneála	14
Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta tearmainn	15
Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta um fhilleadh.....	16
Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta um fhreagracht a chinneadh.....	16
Treoirlíne 2	20
Níor cheart go mbeadh cailleadh saoirse mar thoradh ar roghanna malartacha ar choinneáil	20
Roghanna malartacha ar choinneáil agus cailleadh saoirse.....	20
Idirdhealú a dhéanamh idir roghanna malartacha ar choinneáil seachas coincheapa eile.....	22
Roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú.....	25
Treoirlíne 3	25
Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú de réir an dlí, agus ba cheart a shonrú go soiléir iontu an t-údarás atá freagrach as na roghanna sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme, na critéir maidir lena gcur i bhfeidhm agus raon na roghanna atá ar fáil	25
Cé a scrúdaíonn agus cé a chuireann roghanna malartacha ar choinneáil i bhfeidhm?.....	25
Cathain ba cheart roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú agus a chur i bhfeidhm?	25
Cad iad na cineálacha roghanna malartacha ar choinneáil?	26
Na príomhbhuntaistí agus na príomhdhúshláin a bhaineann le roghanna malartacha ar choinneáil	33
Treoirlíne 4	36
Ní mór go gcloífeadh roghanna malartacha ar choinneáil le caighdeáin agus le prionsabail bhunúsacha maidir le cearta an duine	36
Urraim do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe	36
Toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach ...	36
An ceart chun príobháideachais a urramú.....	37
An ceart chun sláinte a urramú.....	37
An ceart chun saol an teaghlaigh a urramú.....	37
Leas an linbh a urramú.....	37





An ceart chun oideachais a urramú.....	38
Urraim do cheart an linbh chun faisnéise agus rannpháirtíochta	38
An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a urramú.....	38
Cinneadh a dhéanamh maidir le roghanna malartacha ar choinneáil.....	40
Treoirlíne 5	40
Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú go cuí agus a chur as an áireamh sula dtéitear i muinín na coinneála, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.....	40
Roghanna malartacha ar choinneáil mar bheart céadrogha.....	40
An oibleagáid cúiseanna a thabhairt le cinneadh a dhéanamh gan roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm	41
An tástáil riachtanais.....	41
An tástáil chomhréireachta	41
Treoirlíne 6	44
Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus na himthosca aonair agus na riachtanais shonracha á gcur san áireamh	44
An measúnú aonair	44
Meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an nós imeachta agus an bhaoil éalaithe.....	44
Meastóireacht a dhéanamh ar thosca leochaileachta.....	46
Prionsabal na hidirghabhála íosta a chur i bhfeidhm.....	48
Breithniú a dhéanamh ar chineál, ar fhad agus ar thionchar.....	49
Na hoibleagáidí a chalabhrú	50
Fógra maidir le cinntí.....	50
Treoirlíne 7.....	56
Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm, de ghnáth, aon uair a chuirtear coinneáil leanaí san áireamh, i gcomhréir le prionsabal leas an linbh.....	56
Creat dlíthiúil an Aontais.....	56
Roghanna malartacha ar choinneáil do leanaí neamhthionlactha agus scartha	58
Roghanna malartacha ar choinneáil do theaghlach a bhfuil leanaí acu.....	61
Roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme.....	63
Treoirlíne 8	63
Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí, trí choimircí agus próisis a chur i bhfeidhm chun an ráta comhlíonta a mhéadú	63
Doiciméadacht a eisiúint	63
Rochtain ar dhálaí maireachtála díniteacha agus rochtain ar sheirbhísí.....	63
Rochtain ar fhaisnéis.....	64
Rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus ar chabhair dhlíthiúil	65





Roghanna malartacha ar choinneáil.....	73
Treoirlíne 9	73
Ní mór go mbeadh roghanna malartacha ar choinneáil faoi réir athbhreithniú breithiúnach ina gcuirtear san áireamh aon athrú ar na himthosca aonair	73
Athbhreithniú ar choinneáil agus ar roghanna malartacha ar choinneáil.....	73
Na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an athbhreithniú breithiúnach.....	75
Fógra um tharraingt siar	78
Deireadh a chur le roghanna malartacha ar choinneáil.....	80
Treoirlíne 10.....	80
Ní mór gur roghanna sealadacha iad roghanna malartacha ar choinneáil.....	80
Ba cheart go mbeadh tréimhse theoranta i gceist le roghanna malartacha ar choinneáil	80
Dul in éag an bhunús dlí do roghanna malartacha ar choinneáil.....	80
larscríbhinn 1. Tábla le hachóimre ar na treoirlínite.....	82
larscríbhinn 2. Seicliostaí treoirlínite	83
larscríbhinn 3. Scagadh agus na nósanna imeachta teorann.....	89
An Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann.....	89
Scagadh.....	89
An nós imeachta teorann um thearmann	91
An nós imeachta teorann um fhilleadh.....	92
Ficsean dlí na neamhiontrála	92
larscríbhinn 4. Gluais	95





Liosta giorrúchán

Giorrúchán	Sainmhíniú
An Rialachán maidir le Scagadh	Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817
An Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh	Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear an nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/1148
An Treoir um Fhilleadh	Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh
AtD(anna)	rogha mhalartach/roghanna malartacha ar choinneáil
Cairt	Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh
CBAE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
CRC	An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh
ECHR	An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine
ECtHR	An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine
EMN	Gréasán Imirce na hEorpa
ESS(anna)	eagraíocht sochaí sibhialta/eagraíochtaí sochaí sibhialta
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
FRA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Frontex	An Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta
Na Ballstáit	Ballstáit den Aontas Eorpach
RBTI	an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce – Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013
RCD (2024)	Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh





Giorrúchán	Sainmhíniú
RNIT	an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn – Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE
TCN(anna)	náisiúnach tríú tír/náisiúnaigh tríú tír
UNHCR	Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe

Déantar na tíortha AE+ a luaitear sa doiciméad seo a ghiorrú mar seo a leanas.

AT: an Ostair	BE: an Bheilg	BG: an Bhulgáir
CH: an Eilvéis	CY: an Chipir	CZ: an tSeicia
DE: an Ghearmáin	DK: an Danmhairg	EE: an Eastóin
EL: an Ghréig	ES: an Spáinn	FI: an Fhionlainn
FR: an Fhrainc	HR: an Chróit	IE: Éire
IT: an Iodáil	LT: an Liotuáin	LU: Lucsamburg
LV: an Laitvia	MT: Málta	NL: an Ísiltír
PL: an Pholainn	PT: an Phortaingéil	SE: an tSualainn
SI: an tSlóivéin	SK: an tSlóvaic	





Réamhrá

Le blianta beaga anuas, tá tuilleadh airde á tabhairt ar roghanna malartacha ar choinneáil (AtDanna), mar bhealach do Bhallstáit leis an imirce a bhainistiú gan a gceart bunúsach chun saoirse a bhaint de dhaoine aonair, ach amháin mura bhfuil gá leis agus mura bhfuil údar leis. Sa chiall sin, d'fhéadfadh AtDanna na héifeachtaí díobhálacha fisiciúla agus síceolaíocha a bhaineann le cailleadh saoirse ar dhaoine a chosc agus a sheachaint, lena n-áirítear daoine ar leochaileach a staid.

Is léir an spéis mhéadaitheach sin i leith an ábhair le feiceáil ach breathnú ar an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann ⁽³⁾. Ní hamháin gur athdhearbhaíodh lena ionstraimí reachtacha éagsúla na príomhphrionsabail agus na príomhchoimircí is bun le AtDanna, ach tá nuálaíochtaí suntasacha tugtha isteach acu freisin, amhail an oibleagáid atá ar na húdaráis a ordáíonn coinneáil cúiseanna a thabhairt go sainráite sna horduithe coinneála aon uair nach gcuirtear AtDanna i bhfeidhm.

Tugtar isteach leis an gComhshocrú nua freisin an fhéidearthacht do Bhallstáit srianta ar shaoirse gluaiseachta a chur i bhfeidhm chun a gcóras glactha a bhainistiú (an treoir maidir le dálaí glactha Airteagal 9 (RCD (2024)) ⁽⁴⁾). Beidh na bearta nua sin, atá níos solúbtha, ann i gcomhthráth le AtDanna – rud a chuirfidh bosca uirlisí cuimsitheach ar fáil do Bhallstáit chun an beart is iomchuí a roghnú. I gcásanna áirithe, is féidir an beart céanna (e.g. tuairisciú do na húdaráis inniúla) a úsáid mar AtD faoi Airteagal 10 RCD (2024) nó mar shrian ar shaoirse gluaiseachta faoi Airteagal 9 RCD (2024). Tá na treoirlínte sin le léamh in éineacht leis an treoir a bhaineann le heagrú glactha agus le bearta bainistíochta (lena n-áirítear srianta ar shaoirse gluaiseachta) a bhforbróidh EUAA amach anseo.

Le hAirteagal 5(5) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh ⁽⁵⁾, tugtar sainordú do EUAA “treoirlínte a fhorbairt maidir le cleachtais mhalartacha éagsúla ar choinneáil, a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacs nós imeachta teorann”.

Mar thoradh air sin, is é is aidhm do na treoirlínte seo uirlis a chur ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát lena ndéantar achoimre ar phríomhghnéithe AtDanna le linn chéimeanna éagsúla an phróisis cinnteoireachta, bunaithe ar *acquis* an Aontais.

Tá an doiciméad roinnte i sé bhloc tógála: AtDanna **a shainiú, a bhunú, a chinneadh, a chur chun feidhme, a athbhreithniú** agus **deireadh a chur leo**. Áirítear ar gach bloc tógála roinnt treoirlínte a leanann, i gcásanna ábhartha, samplaí de chleachtais de chuid na mBallstát a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse inspioráide do thíortha eile.

Cé go bhfuil na treoirlínte infheidhme go ginearálta ag gach céim de na nósanna imeachta um thearmann nó um fhilleadh, déanann breithnithe sonracha anailís ar thionchar na nósanna

⁽³⁾ An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, ‘An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann’, suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, 21 Bealtaine 2024, arna rochtain an 6 Nollaig 2024, https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum_en.

⁽⁴⁾ [Treoir \(AE\) 2024/1346](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh.

⁽⁵⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1349](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148.





imeachta teorann a tugadh isteach le déanaí ar AtDanna, a bhfuil tuairisc orthu le fáil in [larscríbhinn 3](#). Go háirithe, forbraíodh an anailís a bhain le cur i bhfeidhm AtDanna sa nós imeachta um fhilleadh (teorann) i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), i bhfianaise a sainordaithe.

Baineann an treoir seo leas as roinnt príomhfhoinsí amhail foilseacháin, staidéar acadúil, tuarascálacha agus dlí-eolaíocht arna n-eisiúint ag eagraíochtaí ábhartha, gníomhaireachtaí an Aontais agus cúirteanna Eorpacha agus idirnáisiúnta. I gcás inarb iomchuí, luaitear gach foinse sa téacs nó déantar tagairt di sna fonótaí.

Ba cheart na treoirlínte sin a bhreithniú mar iarracht tosaigh de chuid na Gníomhaireachta ar ábhar na coinneála agus ar AtDanna i gcomhréir lena sainordú.





Roghanna malartacha ar choinneáil a shainiú

In ainneoin nach ann do shainmhíniú a comhaontaíodh go huilíoch ar “roghanna malartacha ar choinneáil”, tá comhdhearcadh ginearálta ann gur **bearta neamhchoinneála** iad roghanna malartacha ar choinneáil inimirceach lena mbaineann **leibhéal comhéigneachta níos ísle ná coinneáil** ⁽⁶⁾.

Baintear feidhm as téarmaí éagsúla i gcomhair AtDanna sa reachtaíocht náisiúnta ⁽⁷⁾ a bhaineann le raon cleachtas a d’fhéadfaí a úsáid chun coinneáil a sheachaint, i gcomhréir le príonsabal an riachtanais agus na comhréireachta.

Sa Treoir maidir le Dálaí Glactha (RCD (2024)) sainítear coinneáil mar “gaibhniú iarratasóra ag Ballstát laistigh d’áit ar leith ina bhfuil a shaoirse gluaiseachta nó a saoirse gluaiseachta bainte den iarratasóir” ⁽⁸⁾. Mar sin féin, ní dhéantar in RCD (2024) ná in aon ionstraim eile de *acquis* infheidhme an Aontais AtDanna a shainiú go sainráite ⁽⁹⁾.

⁽⁶⁾ Comhairle na hEorpa, [Practical Guidance on Alternatives to Immigration Detention: Fostering Effective Results – Practical guide](#) [Treoir phraiticiúil maidir le roghanna malartacha ar choinneáil inimirceach: torthaí éifeachtacha a chothú – teoracha praiticiúla], 2019, lch. 12. Maidir leis an difríocht idir cailleadh saoirse agus srian ar shaoirse gluaiseachta, féach freisin [“Treoirlíne 2”](#).

⁽⁷⁾ Mar shampla, “bearta neamhchoinneála”, “bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna”, “bearta nach bhfuil chomh comhéigneach céanna”, “bearta nach bhfuil chomh dian céanna”, “bearta nach bhfuil chomh hionrach céanna”, “bearta nach bhfuil chomh dochraideach céanna”, “bearta nach bhfuil chomh cunórach céanna”, “bearta speisialta céanna”, “bearta atá níos trócairí” nó “bearta malartacha”. Féach Comhairle na hEorpa, [Legal and practical aspects of effective alternatives to detention in the context of migration](#) [Gnéithe dlíthiúla agus praiticiúla de roghanna malartacha éifeachtacha eile ar choinneáil i gcomhthéacs na himirce], 2018.

⁽⁸⁾ Airteagal 2(9) RCD (2024). Dheimhnigh CBAE gurb ionann brí an téarma “coinneáil” faoin Treoir um Fhilleadh (nach sainítear inti é) agus brí an téarma sa RCD (2024) (féach tagairt iomlán [FMS agus eile](#) i bhfonóta. 26).

⁽⁹⁾ Bunaithe ar Airteagal 8(4) den iar-RCD (Treoir 2013/33/AE), sainíonn Gréasán Imirce na hEorpa (EMN) [“rogha mhalartach ar choinneáil”](#) mar “bearta neamhchoinneála a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh agus/nó chun teorainn a chur le gluaiseacht náisiúnach tríú tír chun comhlíonadh nósanna imeachta idirnáisiúnta um chosaint agus um fhilleadh a áirithiú”.





Mar sin féin, is féidir leis na hionstraimí sin cuidiú chun dhá mhír fhíor-riachtanacha a chinneadh lena gcáilítear cineál AtDanna. Go deimhin, ní féidir linn labhairt faoi AtDanna ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- i gcás go sainaitnítear foras ceadaithe coinneála; agus
- i gcás nach bhfuil na bearta neamhchoinneála a chuirtear chun feidhme in ionad coinneála chomh sriantach le cailleadh saoirse, cé go bhféadfadh leibhéal agus déine áirithe comhéigneachta a bheith i gceist leo ⁽¹⁰⁾.



⁽¹⁰⁾ Sa chiall sin, is sainmhíniú cúng é an sainmhíniú a chuirtear ar fáil. Féach C. Costello agus E. Kaytaz in UNHCR, [Building Empirical Research in Alternatives to Detention: Perception of Asylum seekers and Refugees in Toronto and Geneva](#) [Taighde eimpíreach ar roghanna malartacha ar choinneáil a fhorbairt: tuiscint ar iarrthóirí tearmainn agus ar dhídeanaithe in Toronto agus sa Ghinéiv], 2013, lch. 10: “[Úsáidtear an téarma AtD] in dhá chiall ar leith ar a laghad. Sa chiall chún, tagraíonn sé do chleachtas a úsáidtear i gcás ina bhfuil bonn dlí le feiceáil leis an gcoinneáil... ach go bhfuil modh rialaithe nach bhfuil chomh sriantach céanna ar fáil don Stát agus ba cheart, dá bhrí sin, é a úsáid. Sa chiall is leithne, tagraíonn AtDanna d’aon cheann de raon beartas agus cleachtas... nach gcuimsítear faoi choinneáil, ach a mbíonn roinnt srianta i gceist leo de ghnáth”.



Treoirlíne 1

Níor cheart roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm ach amháin más ann d'fhoras dlisteanach coinneála

Dleathacht na coinneála

Ní mór an choinneáil a bheith dleathach, i.e. **ní mór í a bheith údaraithe leis an dlí agus i gcomhréir leis an dlí**. Ceanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla maidir le coinneáil go mbeidh an dlí beacht a dhóthain chun ligean do dhuine ar bith iarmhairtí gníomhaíochta ar leith a thuar.

Ní mór bunús dlí a bheith ag coinneáil sa dlí náisiúnta agus ní mór do na rialacha lena bhforordaítear na himthosca faoina bhféadfar iarratasóir nó náisiúnach tríú tír (TCN) a chur faoi choinneáil, chomh maith leis na nósanna imeachta agus na ráthaíochtaí a bhaineann le coinneáil, a bheith soiléir.

Mura bhfuil na forálacha dlíthiúla lena rialaítear coinneáil intuatha go leordhóthanach ina gcur i bhfeidhm agus ina léiriú ⁽¹¹⁾, d'fhéadfadh coinneáil a bheith treallach ⁽¹²⁾.

Forais choinneála

Tugtar le tuiscint le prionsabal dhlíthiúlacht na coinneála nach mór aon chinneadh iarratasóir nó TCN a chur faoi choinneáil a bheith **bunaithe ar fhoras ceadaithe (dlisteanach) coinneála** sa chás nithiúil.

I gcás nach féidir aon fhoras coinneála mar sin a bhunú (nó nach féidir scor d'fheidhm a bheith ach, féach [“Treoirlíne 9”](#) agus, [“Treoirlíne 10”](#)), **níl aon bhunús dlí ag AtDanna** ⁽¹³⁾ agus ní mór an duine lena mbaineann a scaoileadh saor.

⁽¹¹⁾ ECtHR, breithiúnas an 16 Nollaig 2016, [Khlaifia agus Eile v an Iodáil](#), Uimh. 16483/12, ECLI:CE:ECHR:2016:1215JUD001648312. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽¹²⁾ Tá an coincheap “treallachas” idirnasctha le prionsabail na réasúnaíochta, an riachtanais agus na comhréireachta. Ní mór na prionsabail sin go léir a mheasúnú sna cásanna aonair (féach [“Treoirlíne 5”](#) agus [“Treoirlíne 6”](#)). “Ní hionann an coincheap ‘treallachas’ agus ‘i gcoinne an dlí, agus ní mór é a léirmhíniú ar bhealach níos leithne chun gnéithe de mhí-oiriúnacht, éagóir, easpa tuarthachta agus próiseas cuí dlí a chur san áireamh, chomh maith le gnéithe de réasúntacht, riachtanas agus comhréireacht.” Coiste um Chearta an Duine (HRC) na Náisiún Aontaithe, [General comment No 35, Article 9 \(Liberty and security of person\)](#) [Barúil ghinearálta Uimh. 35, Airteagal 9 (Saoirse agus slándáil an duine)], CCPR/C/GC/35, mír 12, 16 Nollaig 2014.

⁽¹³⁾ In éagmais foras coinneála, ní chuirtear bac ar bhearta sríantacha (mairseachta nó bainistíochta) comhchosúla a úsáid bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta.



Ní gníomh neamhdhleathach é dul isteach i dtír go neamhrialta chun cosaint idirnáisiúnta a lorg agus ní foras coinneála é ⁽¹⁴⁾. Sa chiall sin, soiléirítear in Airteagal 10(1) RCD (2024) “nár cheart do Bhallstáit duine a chur faoi choinneáil ar an gcúis amháin gur iarratasóir é an duine sin nó ar bhonn náisiúntacht an iarratasóra sin”.

Ag brath ar an raon feidhme, tá forálacha maidir le forais choinneála in ionstraimí reachtacha éagsúla in *acquis* an Aontais, mar a shonraítear thíos.

Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta tearmainn

Liostaítear na forais choinneála d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa **RCD (2024)**. Tá na forais sin uileghabhálach agus ní mór iad a leagan síos i ndlí náisiúnta na mBallstát. I gcomhréir le hAirteagal 10(4) RCD (2024), ní fhéadfar iarratasóir a chur faoi choinneáil ach ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

- chun a gcéannacht nó a náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú;
- chun na heilimintí ar a bhfuil an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe a chinneadh, ar eilimintí iad nach bhféadfaí a fháil gan an t-iarratasóir a chur faoi choinneáil, go háirithe i gcás ina bhfuil baol éalaithe ann;
- a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear ar an iarratasóir trí chinneadh aonair maidir le srianta ar shaoirse gluaiseachta i gcásanna nár chomhlíon an t-iarratasóir na hoibleagáidí sin agus go bhfuil baol éalaithe fós ann;
- cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta teorann um thearmann, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch;
- nuair a chuirtear an t-iarratasóir faoi choinneáil faoi réir nós imeachta um fhilleadh, d'fhonn an fillleadh a ullmhú nó an próiseas aistrithe a chur i gcrích, agus nuair is féidir leis an mBallstát lena mbaineann bunús a thabhairt ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear go raibh an deis ag an iarratasóir cheana féin rochtain a fháil ar an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil an t-iarratasóir ag déanamh an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta chun moill nó bac a chur ar fhorfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh, agus chun na críche sin amháin;
- nuair is gá sin chun an tslándáil náisiúnta nó an t-ord poiblí a chosaint.

⁽¹⁴⁾ UNHCR, [Guidelines on the Applicable Criteria and Standards relating to the Detention of Asylum-Seekers and Alternatives to Detention](#) [Treoirínite maidir leis na critéir agus na caighdeáin is infheidhme a bhaineann le coinneáil iarrthóirí tearmainn agus roghanna eile seachas coinneáil], 2012. Seasann an Coiste maidir le Cearta na nOibrithe Imirceacha uile agus Daoine dá dteaghlach a chosaint (CMW) leis an bprionsabal céanna inar thángthas ar an gconclúid “gur mó an t-idirdhealú a dhéantar ar theacht isteach neamhrialta i dtír ná leas dlisteanach na Stát an imirce neamhrialta a rialú agus a rialáil agus go mbeadh coinneáil neamhriachtanach mar thoradh air” (CMW, [General comment No 5 on migrants' rights to liberty, freedom from arbitrary detention and their connection with other human rights](#) [Barúil ghinearálta Uimh. 5 maidir le cearta na n-imirceach chun saoirse, saoirse ó choinneáil threallach agus an nasc atá acu le cearta eile an duine], 2021). Ag an am céanna, dheimhnigh Meitheal na Náisiún Aontaithe um ghabháil gan chúis (WGAD) freisin go bhfuil toirmeasc ar chailleadh saoirse maidir le hiarrthóirí tearmainn, dídeanaí, leanbh gan stát nó imirceach linbh, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha nó scartha, agus nach féidir leis a bheith pionósach (WGAD, [Revised Deliberation No 5 on deprivation of liberty of migrants](#) [Plé athbhreithnithe Uimh. 5 maidir le cailleadh saoirse imirceach], 2018).





Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta um fhilleadh

Bunaithe ar an **Treoir um Fhilleadh** ⁽¹⁵⁾, ní fhéadfaidh Ballstáit TCN atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh a chur faoi choinneáil ach amháin chun an fillleadh a ullmhú agus/nó chun an próiseas aistriithe a chur i gcrích, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- ina bhfuil baol éalaithe nó
- go seachnaíonn nó go gcuireann an TCN lena mbaineann bac ar ullmhú an phróisis fillte nó aistriithe ⁽¹⁶⁾.

Forais choinneála i gcomhthéacs an nós imeachta um fhreagracht a chinneadh

I gcomhréir le hAirteagal 10(4) RCD (2024) agus le hAirteagal 44(2) den rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce (RBTI) ⁽¹⁷⁾, is féidir le Ballstáit duine a chur faoi choinneáil chun é nó í a aistriú chuig an mBallstát freagrach sna cásanna seo a leanas:

- baol éalaithe; nó
- cosaint na slándála náisiúnta nó an oird phoiblí ⁽¹⁸⁾.

⁽¹⁵⁾ [Treoir 2008/115/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le comhchaighdeán agus nósanna imeachta coiteanna i mBallstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh.

⁽¹⁶⁾ Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh. Ní mór feidhm a bheith ag na rialacha ábhartha maidir le coinneáil a ndéantar cur síos orthu sa Treoir um Fhilleadh le linn an scagtha maidir leo siúd nach bhfuil iarratas déanta acu ar chosaint idirnáisiúnta.

⁽¹⁷⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1351](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013.

⁽¹⁸⁾ Bunaítear freisin le hAirteagal 45 RBTI gur cheart na hiarrataí a bhaineann le duine atá faoi choinneáil i gcomhréir leis na forálacha RBTI a sheoladh laistigh de dhá sheachtain ón tráth a gcláraítear an t-iarratas nó a ghlactar leis an amas Eurodac. Ba cheart don Bhallstát is faighteoir freagra a thabhairt laistigh de sheachtain amháin. Ba cheart an t-aistriú a dhéanamh ansin a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 seachtaine ón dáta ar glacadh leis an iarraidh nó nuair nach bhfuil éifeachtaí fionraíochta ag an achomharc nó ag an athbhreithniú a thuilleadh.





Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Forais choinneála sa nós imeachta teorann um thearmann

Tá na forais choinneála a liostaítear sa RCD (2024) infheidhme freisin le linn an nós imeachta teorann um thearmann Go háirithe, bíonn gá le breithnithe sonracha sna cásanna seo a leanas.

- **Céannacht nó náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú**

Níor cheart a thuiscint go dtugtar leis údar le coinneáil na n-iarratasóirí sin go léir nach bhfuil an doiciméadacht chuí acu. Ba cheart coinneáil a chur i bhfeidhm más léir gurb é a saoirse a bhaint den iarratasóir an **t-aon bhealach** atá ag na húdaráis chun céannacht nó náisiúntacht an duine aonair a chinneadh nó a fhíorú.

D'fhéadfadh táscairí áirithe cabhrú leis na húdaráis chun an measúnú seo a dhéanamh, amhail: iarracht d'aon ghnó an duine na húdaráis a chur amú; forais shoiléire a bheith ann lena bhreithniú go ndearna an t-iarratasóir, de mheon mímhacánta, doiciméad céannachta a scriosadh nó a dhiúscairt chun cinneadh a gcéannachta nó a náisiúntachta a chosc; úsáid doiciméad brionnaithe; an easpa comhair d'aon ghnó ón iarratasóir le linn an phróisis scagtha; faisnéis atá bréagnaitheach go soiléir a chur i láthair; agus an baol éalaithe.

- **Cinneadh a dhéanamh maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch**

D'fhéadfadh feidhm a bheith ag an bhforas coinneála sin maidir le gach iarratasóir a bhaineann tairbhe as an nós imeachta teorann um thearmann. Mar a thuairiscítear faoi [“Treoirlíne 6”](#), áfach, níl cur i bhfeidhm **córasach** na coinneála gan measúnú aonair i gcomhréir le caighdeáin dhlíthiúla idir idirnáisiúnta agus AE. Dá bhrí sin, ní leor an imthoisc amháin go bhfuil an t-iarratasóir ag baint tairbhe as an nós imeachta teorann um thearmann chun ordú coinneála a eisiúint faoi Airteagal 10(4)(d) RCD (2024). Féadfaidh Ballstáit an duine lena mbaineann a chur faoi choinneáil chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceart chun dul isteach sa chríoch, go háirithe má mheastar gurb ann do bhaol éalaithe tar éis measúnú aonair a chur i gcrích.



- **Cosaint na slándála náisiúnta nó an oird phoiblí**

Tá sé éigeantach deis a thabhairt do dhuine aonair tairbhe a bhaint as an nós imeachta teorann um thearmann má tá forais réasúnacha ann lena bhreithniú gur bagairt don tslándáil náisiúnta é an duine aonair sin. D'fhéadfadh faisnéis a bheith ag na húdaráis ón tseiceáil slándála a dhéantar le linn an scagtha go bhféadfadh an duine a bheith ina mbaol don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go gcuirfean an t-iarraitasóir faoi choinneáil go huathoibríoch bunaithe ar an bhfaisnéis sin, ós rud é nach ionann na ceanglais maidir le tairbhe a bhaint as an nós imeachta teorann um thearmann agus na ceanglais maidir le hordú coinneála a eisiúint. Ní fhéadfar ach na hiarratasóirí sin lena bhfuil ag gabháil fíorbhagairt láithreach atá tromchúiseach go leor agus a dhéanann difear do leas bunúsach na sochaí nó do shlándáil inmheánach nó sheachtrach an Bhallstáit a chur faoi choinneáil, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht na coinneála ⁽¹⁹⁾.

Forais choinneála sa nós imeachta teorann um fhilleadh

Leis an nós imeachta teorann um fhilleadh, tugadh isteach forais choinneála nua, lena mbeartaítear an fhéidearthacht TCNanna ar diúltaíodh dá n-iarraitas i gcomhthéacs nós imeachta teorann um thearmann a chur faoi choinneáil ⁽²⁰⁾.

Déantar idirdhealú sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh idir an dá chatagóir thíos.

- Daoine a cuireadh faoi choinneáil le linn an nós imeachta teorann um thearmann, nach bhfuil ceart acu fanacht a thuilleadh agus nach bhfuil cead acu fanacht: féadfar leanúint de na daoine sin a chur faoi choinneáil chun cosc a chur ar a dteacht isteach i gcríoch an Bhallstáit lena mbaineann, ar a bhfillleadh a ullmhú nó ar an bpróiseas aistrithe a chur i gcrích.
- Daoine nár cuireadh faoi choinneáil le linn an nós imeachta teorann um thearmann, nach bhfuil ceart acu fanacht a thuilleadh agus nach bhfuil cead acu fanacht: féadfar iad a chur faoi choinneáil má tá baol éalaithe ann, má sheachnaíonn siad nó má chuireann siad bac ar ullmhú an phróisis fillte nó an phróisis aistrithe nó má chruthaíonn siad baol don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tslándáil náisiúnta.

⁽¹⁹⁾ CBAE, breithiúnas an 30 Meitheamh 2022, [M.A. v Valstybės sienos apsaugos tarnyba](#) [M.A. v An tSeirbhís Cosanta Teorann Stáit ag Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Liotuáine], C-72/22 PPU, EU:C:2022:505, míreanna 89-90. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽²⁰⁾ Airteagal 5(2) agus Airteagal 5(3) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh. Tagraítear in Airteagal 4(3) don Treoir um Fhilleadh maidir leis na coimircí nós imeachta agus na prionsabail a bhaineann le coinneáil.



Fíor 1. Forais choinneála i ngach nós imeachta

AN NÓS IMEACHTA TEORANN UM FHILLEADH

Cuireadh faoi choinneáil an duine aonair le linn an nós imeachta teorann um thearmann:

- › chun teacht isteach a chosc; nó
- › chun filleadh a ullmhú; nó
- › chun an próiseas aistrithe a chur i gcrích.

Níor cuireadh faoi choinneáil an duine aonair le linn an nós imeachta teorann um thearmann agus:

- › go bhfuil baol éalaithe ann; nó
- › go seachnaíonn an duine ullmhú an fhille nó go gcuireann sé bac air; nó
- › go gcuireann an duine beartas poiblí, slándáil phoiblí nó slándáil náisiúnta i mbaol.

NÓS IMEACHTA (TEORANN) UM THEARMANN

- › Chun céannacht nó náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú; nó
- › Chun na heilimintí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe a chinneadh; nó
- › Chun comhlíonadh maidir le srianta ar shaoirse gluaiseachta a áirithiú; nó
- › Chun cinneadh a dhéanamh maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch; nó
- › Chun go ndéantar an t-iarratas d'fhonn moill a chur ar an bhfillleadh nó chun bac a chur air agus an t-iarratasóir curtha faoi choinneáil cheana féin; nó
- › Chun an tslándáil náisiúnta nó an t-ord poiblí a chosaint.



NÓS IMEACHTA UM FHILLEADH

- › Go bhfuil baol éalaithe ann; nó
- › Seachnaíonn an duine ullmhú an fhille nó cuireann siad bac air.

NÓS IMEACHTA UM FHREAGRACHT A CHINNEADH

- › Go bhfuil baol éalaithe ann; nó
- › Chun an tslándáil náisiúnta nó an t-ord poiblí a chosaint.



Treoirlíne 2

Níor cheart go mbeadh cailleadh saoirse mar thoradh ar roghanna malartacha ar choinneáil

Roghanna malartacha ar choinneáil agus cailleadh saoirse

Ní mór nach mbeadh AtDanna chomh sriantach le cailleadh saoirse. Mar thoradh air sin, más ionann na srianta a fhorchuirtear, a bhreithnítear ina n-aonar nó go carnach, agus staid atá inchomparáide le cailleadh saoirse, ní féidir na bearta sin a bhreithniú mar rogha mhalartach ar choinneáil, ach mar **chineálacha malartacha coinneála nó coinneáil de facto**, gan beann ar an gcaoi a ndéantar iad tagairt a dhéanamh dóibh i gcórais náisiúnta.

I measc na samplaí tá cásanna **gaibhniúcháin in aon áit** ⁽²¹⁾ ina bhféadfadh cailleadh saoirse tarlú, cleachtas lena mbeartaítear coinníollacha nó srianta ródhochtacha (agus/nó meascán díobh sin). Más spéis leat samplaí sonracha, féach an cásdlí thíos.



ECtHR, *Nolan agus K v an Rúis* ⁽²²⁾

In ***Nolan agus K v an Rúis***, shonraigh ECtHR d'fhonn a chinneadh an bhfuil “a saoirse bainte de dhuine” de réir bhrí Airteagal 5, nach mór a **staid nithiúil** a bheith mar thúsphointe aige, agus nach mór raon iomlán critéar a chur san áireamh amhail cineál, fad, éifeachtaí agus modh cur chun feidhme an bhirt atá i gceist. “**Níl sa difríocht idir cailleadh saoirse agus srian ar shaoirse ach céim nó déine, agus ní hionann í agus cineál nó substaint**”. Sa chás sonracha sin, chinn an Chúirt go raibh na coinníollacha a bhain le fanacht thar oíche an iarratasóra i halla idirthurais Aerfort Sheremetyevo i Moscó (áit a raibh sé faoi ghlas i seomra beag agus cead aige an leithreas, an beár agus an teileafón a úsáid ach an lá dár gcionn faoi mhaoirseacht leanúnach ag oifigeach rialaithe teorann) coibhéiseach sa chleachtas, i bhfianaise na srianta a bhain leis, le cailleadh saoirse.

⁽²¹⁾ Bunaithe ar [General comment No 1 \(2024\) on article 4 of the Optional Protocol to the Convention Against Torture and Other Cruel, Inhuman or Degrading Treatment or Punishment](#) [Barúil ghinearálta Uimh. 1 (2024) maidir le hairteagal 4 den Phrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Ide nó Pionós eile atá Cruálach, Mídhonna nó Táireach], ba cheart a thuiscint go gcuimsítear leis an téarma “áiteanna cailte saoirse”, “aon áit, bíodh sí buan nó sealadach, ina mbaineann údarás phoiblí a saoirse de dhaoine, nó ar thionscnamh na n-údarás poiblí sin nó le toiliú na n-údarás poiblí agus/nó ina n-aontaíonn na húdarás phoiblí leis sin”. D'fhéadfadh suíomhanna príobháideacha nó poiblí a bheith san áireamh sna háiteanna sin, lena n-áirítear institiúidí a ndearnadh a n-oibriú a sheachfhoinsiú nó a tharmligean chuig gníomhaithe príobháideacha agus/nó chuig institiúidí atá á reáchtáil ag gníomhaithe neamhstáit.

⁽²²⁾ ECtHR, breithiúnas an 12 Feabhra 2009, [Nolan agus K. v an Rúis](#), Uimh. 2512/04.

**ECtHR, *Guzzardi v an Iodáil* (23)**

Sa treoircás, ***Guzzardi v an Iodáil***, chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) gurb ionann na bearta arna gcur i bhfeidhm, eadhon gaibhniú in áit ar leith ar oileán beag, ceanglas cónaithe, an oibleagáid tuairisciú faoi dhó sa lá agus a bheith faoi réir maoirseacht leanúnach, agus cailleadh saoirse de réir bhrí Airteagal 5. Thug an Chúirt dá haire go raibh sé deacair ar an duine aonair lenar bhain teagmhálacha sóisialta a dhéanamh de bharr na srianta a forchuireadh. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid **nach bhféadfadh na bearta sin a rinneadh ina n-aonar a bhreithniú mar chailleadh saoirse ach nuair a ghlactar iad go carnach agus i dteannta a chéile gurbh ionann iad agus coinneáil *de facto*** agus, dá bhrí sin, gur bhain siad le raon feidhme Airteagal 5 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) (24).

**ECtHR, *Amuur v an Fhrainc* (25)**

Bhain an cás le náisiúnaigh Shomálacha nár bronnadh orthu an ceart dul isteach sa Fhrainc agus a coinníodh i gcrios idirnáisiúnta aerfort Pháras-Orly. Thug an Chúirt dá haire go mbíonn srianta ar an tsaoirse i gceist le duine a chur faoi choinneáil i gcriosanna idirnáisiúnta. Agus cás *Guzzardi v an Iodáil* á thabhairt chun cuimhne, shonraigh an Chúirt “go bhfuil gaibhniú, in éineacht le coimircí oiriúnacha do na daoine lena mbaineann, inghlactha” sa mhéid go gcuireann sé ar chumas stáit inimirce neamhdhleathach a chosc agus a oibleagáidí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aige ag an am céanna. Thug an Chúirt dá haire freisin nach bhféadfaí an srian “a fhadú go hiomarcach”. Sa chás atá idir lámha, tháinig an Chúirt ar an gconclúid go raibh na “srianta a cuireadh i bhfeidhm” – eadhon a bheith faoi dhianfhaireachas póilíneachta gan rochtain ar chúnamh dlíthiúil ná sóisialta – comhionann le cailleadh saoirse.

(23) ECtHR, breithiúnas an 6 Samhain 1980, [Guzzardi v an Iodáil](#), Uimh. 7367/76.

(24) Comhairle na hEorpa, [An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna leasú le Prótacal Uimh. 15](#), ETS 5, 4 Samhain 1950.

(25) ECtHR, breithiúnas an 25 Meitheamh 1996, [Amuur v an Fhrainc](#), Uimh. 19776/92, ECLI:CE:ECHR:1996:0625JUD001977692.

**CBAE, FMS v OIF** ⁽²⁶⁾

Ina measúnú, bhreithnigh an Chúirt éifeachtaí carnacha na dtáscairí ábhartha amhail imlíne shrianta atá iata le fál ard agus sreanga deilgneacha, coimeádáin a fhónann mar chóiríocht le dromchla níos lú ná 13 m², gan bheith in ann cuairteanna a bheith acu in éagmais údaraithe, gluaiseachtaí teoranta agus faireachas ag oifigigh phóilíneachta sa limistéar agus ina thimpeallacht láithreach. Ina theannta sin, chinn an Chúirt go raibh sé dodhéanta go follasach don iarratasóir an crios idirthurais a fhágáil go deonach toisc (i) go raibh sé suite ar an teorainn talún leis an tSeirbia, tír ina raibh an TCN neamh-inghlactha agus a bhféadfadh pionóis a bheith mar thoradh ar a theacht isteach, agus toisc (ii) gur fágadh go raibh an crios idirthurais i gceist, faoi rialacháin náisiúnta na hUngáire, in ann an t-iarratas ar thearmann a tharraingt siar, gan an náisiúnach tríú tír a bheith in ann achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid nuair a chuirtear **iallach ar TCN fanacht go buan i gcrios idirthurais srianta agus dúnta, i gcás ina bhfuil a ngluaiseachtaí teoranta agus go ndéantar faireachán air nó uirthi agus nach féidir leo imeacht go deonach uaidh**, gurb ionann sin agus cailleadh saoirse.

Idirdhealú a dhéanamh idir roghanna malartacha ar choinneáil seachas coincheapa eile

Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir AtD, ní hamháin idir é agus cineálacha malartacha coinneála ach ba cheart idirdhealú a dhéanamh freisin idir é agus coincheapa eile, mar a shonraítear thíos.

Roghanna malartacha ar choinneáil agus srianta ar shaoirse gluaiseachta

Ní bealach iad AtDanna chun an córas glactha a bhainistiú. I gcomhréir le RCD (2024), tá saoirse ag Ballstáit a gcóras glactha a eagrú ⁽²⁷⁾. Cé nach mbíonn aon srian ar shaoirse gluaiseachta i gceist le bearta glactha de ghnáth, tugtar le RCD (2024) an deis do Bhallstáit coinníollacha áirithe a fhorchur a d'fhéadfadh a bheith cosúil le bearta AtD, lena n-áirítear trí shrian a chur le saoirse gluaiseachta an duine.

Tá na forálacha lena rialaítear leithdháileadh iarratasóirí ar limistéar geografach agus na srianta ar shaoirse gluaiseachta atá beartaithe le fáil in [Airteagal 8 agus in Airteagal 9 RCD \(2024\)](#). Níl na forálacha sin nasctha go díreach le coinneáil ⁽²⁸⁾. Ina ionad sin, déantar cur síos iontu ar mhódúlacht trína ndéanann Ballstáit a gcórais ghlactha a bhainistiú.

⁽²⁶⁾ CBAE, breithiúnas an 14 Bealtaine 2020, [FMS agus eile v Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság Dél-alföldi Regionális Igazgatóság agus Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság](#), cásanna comhpháirteacha C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, EU:C:2020:367, míreanna 216-231. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽²⁷⁾ Aithris 17 RCD (2024): “Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a gcórais ghlactha a eagrú gan bhac. Mar chuid den eagrú sin, Mar chuid den eagrú sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cóiríocht laistigh dá gcríoch a shannadh d'iarratasóirí chun a gcórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú”.

⁽²⁸⁾ Mar a léirítear faoi “[Treoirlíne 1](#)”, d'fhéadfadh an srian ar shaoirse gluaiseachta a bheith ina chúis le foras coinneála, áfach, más rud é nár chomhlíon an t-iarratasóir atá faoi réir srianta na hoibleagáidí a fhorchuirtear agus go bhfuil baol éalaithe fós ann (Airteagal 10(4)(c) RCD (2024)).






Cé go bhféadfadh forluí ar leith a bheith ann i gcleachtas idir AtDanna agus srianta ar shaoirse gluaiseachta de réir Airteagal 9 RCD (2024) ⁽²⁹⁾, **is iad na príomhchritéir nach mór a chur san áireamh ná nach mbíonn feidhm ag AtDanna ach amháin más ann d'fhoras dlísteanach coinneála** (féach “[Treoirlíne 1](#)”). Is bearta uathrialacha iad srianta ar shaoirse gluaiseachta faoi Airteagal 9 RCD (2024) seachas AtD. Cé nach bhfuil aon ghá le foras coinneála, tá gá fós le cinneadh aonair nuair a bhíonn srianta ar shaoirse gluaiseachta á gcur i bhfeidhm.

Roghanna malartacha ar choinneáil agus ar mhódúlachtaí cóiríochta

Ní módúlachtaí cóiríochta iad AtDanna. Tá módúlachtaí cóiríochta mar chuid de na dálaí glactha ábhartha is gá a ráthú a luaithe a chuireann duine aonair in iúl go bhfuil sé ar intinn acu tearmann a lorg ⁽³⁰⁾. D'fhéadfadh cineál cóiríochta a bheith i gceist le AtDanna, e.g. socrúchán i saoráidí glactha mar thoradh ar an oibleagáid fanacht i limistéar ainmnithe. Mar sin féin, níl sé sin fíor i gcás gach AtD (e.g. ceanglais tuairiscithe, ráthaíocht airgeadais a thaisceadh nó doiciméadacht taistil nó chéannachta a thabhairt suas, nó meascán díobh).

Sa chleachtas, is féidir freastal ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus ar dhaoine atá faoi réir AtDanna sna saoráidí céanna ⁽³¹⁾. Sa chás sin freisin, **is iad na príomhchritéir nach mór a chur san áireamh nach bhfuil feidhm ag AtDanna ach amháin más ann d'fhoras dlísteanach coinneála** (féach “[Treoirlíne 1](#)”).

Fíor 2. Idirdhealú a dhéanamh idir roghanna malartacha ar choinneáil seachas coincheapa eile



⁽²⁹⁾ Mar shampla, is gnách go mbíonn cineálacha srianta ar shaoirse gluaiseachta i gceist le AtDanna; d'fhéadfadh na saoráidí a úsáidtear le haghaidh AtDanna agus chun srian a chur ar shaoirse gluaiseachta a bheith mar an gcéanna; d'fhéadfadh ceanglais tuairiscithe nó bearta maoirseachta ar chineál AtD iad freisin a bheith i gceist le srian ar shaoirse gluaiseachta, i gcás inar gá.

⁽³⁰⁾ Aithris 7 RCD (2024): “Is gá a shoiléiriú gur cheart dálaí glactha ábharacha a bheith ar fáil do na hiarratasóirí ón uair a dhéanann siad a mian iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta a chur in iúl d'oifigigh na n-údarás inniúil”.

⁽³¹⁾ Mar shampla, is féidir leanaí faoi AtDanna a chur i saoráid thiomnaithe a úsáidtear chun leanaí nach bhfuil faoi réir AtDanna a óstáil freisin.





Airteagal 8 agus Airteagal 9 RCD (2024)

Airteagal 8 – Leithdháileadh iarratasóirí ar limistéar geografach

1. Féadfaidh Ballstáit iarratasóirí a leithdháileadh ar limistéar geografach laistigh dá gcríoch ina bhfuil siad in ann gluaiseacht faoi shaoirse, ar feadh thréimhse an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348.

2. Ní fhéadfaidh Ballstáit iarratasóirí a leithdháileadh ar limistéar geografach laistigh dá gcríoch de bhun mhír 1 ach amháin chun próiseáil thapa, éifeachtúil agus éifeachtach a n-iarratas a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348 nó dáileadh geografach na n-iarratasóirí sin, agus acmhainneacht na limistéar geografach lena mbaineann á gcur san áireamh.

Cuirfidh Ballstáit iarratasóirí ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 5 maidir lena leithdháileadh ar limistéar geografach, lena n-áirítear maidir le teorainneacha geografacha an limistéir sin.

Airteagal 9 – Srianata ar shaoirse gluaiseachta

1. I gcás inar gá, féadfaidh Ballstáit a chinneadh nach gceadaítear d'iarratasóirí cónaí ach in áit shonrach atá curtha in oiriúint d'iarratasóirí tithíochta, ar chúiseanna a bhaineann le hord poiblí nó chun cosc éifeachtach a chur ar an iarratasóir éalú, i gcás ina bhfuil baol éalaithe ann, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iarratasóirí a gceanglaítear orthu a bheith i láthair i mBallstát eile i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2024/1351; nó

(b) iarratasóirí a aistríodh chuig an mBallstát ina gceanglaítear orthu a bheith i láthair i gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2024/1351 tar éis dóibh éalú chuig Ballstát eile.

I gcás nach gceadaítear d'iarratasóirí cónaí ach in áit shonrach i gcomhréir leis an mír seo, beidh soláthar dálaí glactha ábhartha faoi réir áit chónaithe iarbhír an iarratasóra san áit shonrach sin.

2. Féadfaidh Ballstáit, i gcás inar gá, a cheangal ar iarratasóirí tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnacha, gan difear díréireach a dhéanamh do chearta na n-iarratasóirí faoin Treoir seo.

Féadfar ceanglais tuairiscithe den sórt sin a fhorchur chun a áirithiú go ndéanfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 a urramú nó chun iarratasóirí a chosc go héifeachtach ó éalú.





Roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú

Treoirlíne 3

Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú de réir an dlí, agus ba cheart a shonrú go soiléir iontu an t-údarás atá freagrach as na roghanna sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme, na critéir maidir lena gcur i bhfeidhm agus raon na roghanna atá ar fáil

I gcomhréir le hAirteagal 10(5) RCD (2024), “Áiritheoidh na Ballstáit **go leagfar síos sa dlí náisiúnta na rialacha a bhaineann le roghanna malartacha ar choinneáil**, amhail tuairisciú tráthrialta do na húdaráis, ráthaíocht airgeadais a thaisceadh, nó oibleagáid chun fanacht in áit sannta”.

Ba cheart a shoiléiriú leis na dlíthe náisiúnta, *inter alia*, cé atá freagrach as AtDanna a ghlacadh agus a chur chun feidhme, cathain ba cheart scrúdú a dhéanamh ar AtDanna agus cad iad na AtDanna éagsúla atá ar fáil ⁽³²⁾.

Cé a scrúdaíonn agus cé a chuireann roghanna malartacha ar choinneáil i bhfeidhm?

Tá na húdaráis atá freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le coinneáil nó AtDanna a chur i bhfeidhm éagsúil ar fud na mBallstát. Ag brath ar an gcóras náisiúnta, is iondúil go gcuimsíonn na húdaráis sin gardaí teorann, na póilíní, na húdaráis inimirce agus tearmainn, chomh maith le húdaráis bhreithiúnacha. Sa chiall sin, bunaítear le hAirteagal 11(2) RCD (2024) agus le hAirteagal 15(2) den Treoir um Fhilleadh nach mór **d’údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin** coinneáil a ordú i scríbhinn agus na cúiseanna atá leis an gcoinneáil sin á lua le gníomh agus le dlí ⁽³³⁾.

Cathain ba cheart roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú agus a chur i bhfeidhm?

Go ginearálta, déantar an measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart coinneáil nó AtDanna a chur i bhfeidhm ar dtús nuair a dhéantar coinneáil a ordú nó a bhailíochtú, ag an am céanna le foras le coinneáil is infheidhme a shainnithint. Go deimhin, ní mór do na húdaráis riaracháin

⁽³²⁾ UNHCR, [Detention Guidelines](#) [Treoirlínte maidir le coinneáil], *op. cit.*, fonóta 14, treoirlíne 4.3, mír 36.

⁽³³⁾ Ar an gcuma chéanna, Airteagal 44(4) RBTI.



agus bhreithiúnacha atá ag ordú nó ag bailíochtú na coinneála tosaigh a bhreithniú ar dtús an bhfuil foras coinneála i bhfeidhm (féach “[Treoirlíne 1](#)”) agus, má tá, scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht bearta nach bhfuil chomh comhéigneach sin a chur i bhfeidhm (féach “[Treoirlíne 5](#)”).

Má dhéanann údarás riaracháin (na póilíní, na húdaráis teorann nó inimirce) an cinneadh tosaigh maidir le cur faoi choinneáil, foráiltear le hAirteagal 11(3) RCD (2024) nach mór d’údarás breithiúnach an cinneadh a athbhreithniú (*ex officio* nó arna iarraidh sin don iarratasóir) **chomh tapa agus is féidir** ⁽³⁴⁾ agus tráth nach déanaí ná 15 lá (21 lá i gcásanna eisceachtúla) ó thús na coinneála (nó ó sheoladh na hiarrata ar athbhreithniú).

Ar an gcuma chéanna, foráiltear le hAirteagal 15(2) den Treoir um Fhilleadh nach mór athbhreithniú breithiúnach tapa a dhéanamh, *ex officio* nó arna iarraidh sin don duine aonair lena mbaineann.

Féadfar AtDanna a scrúdú freisin ag céim níos déanaí, le linn an athbhreithnithe ar choinneáil agus/nó AtDanna, *ex officio* nó arna iarraidh sin don duine aonair lena mbaineann a fhéadfaidh agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh tosaigh i ndáil le cur faoi choinneáil tráth ar bith (féach “[Treoirlíne 9](#)”).

Cad iad na cineálacha roghanna malartacha ar choinneáil?

Cuireann Ballstáit raon AtDanna chun feidhme. Leagtar amach sa liosta seo a leanas na príomhroghanna ⁽³⁵⁾, lena n-áirítear iad siúd a luaitear go sonrath in Airteagal 10(5) RCD (2024) agus in Airteagal 7(3) den Treoir um Fhilleadh ⁽³⁶⁾, i.e. tuairisciú rialta d’údaráis, taisceadh ráthaíochta airgeadais agus oibleagáid fanacht in áit ainmnithe.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil an liosta thíos **uileghabhálach** agus gur féidir na roghanna malartacha a úsáid **go neamhspleách nó i dteannta a chéile**, ar choinníoll nach mbeidh cailleadh saoirse mar thoradh ar éifeacht charnach na srianta (féach “[Treoirlíne 2](#)”).

⁽³⁴⁾ Tá sé sonraithe ag ECtHR “go bhfuil aon tréimhse de bhreis ar 4 lá rófhada *prima facie*”. Féach freisin Comhairle na hEorpa, [Guide on Article 5 of the Convention – Right to Liberty and Security](#) [Treoir maidir le hAirteagal 5 den Choinbhinsiún – an ceart chun saoirse agus slándála], 2014, lch. 24. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chásdlí ECtHR, féach: ECtHR, breithiúnas an 23 Meitheamh 2009, [Oral agus Atabay v an Tuirc](#), Uimh. 39686/92, mír 43; ECtHR, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2006, [McKay v an Ríocht Aontaithe](#), Uimh. 543/03, mír 47; ECtHR, breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2007, [Năstase-Silvestru v an Rómáin](#), Uimh. 74785/01, mír 32.

⁽³⁵⁾ Ní gá go mbreithníonn na Ballstáit go léir gur AtD iad na roghanna éagsúla atá liostaithe.

⁽³⁶⁾ Luaitear in Airteagal 7(3) den Treoir um Fhilleadh, i ndáil leis an tréimhse imeachta dheonaigh, go bhféadfaidh Ballstáit oibleagáidí áirithe a chur i bhfeidhm chun éalú a chosc, amhail tuairisciú rialta do na húdaráis, ráthaíocht airgeadais leordhóthanach a thaisceadh, doiciméid a chur isteach nó an oibleagáid fanacht in áit áirithe, a fhéadfar a fhorchur ar feadh na tréimhse le haghaidh imeacht deonach. Ní mór na forálacha sin a bhreithniú in éineacht leis na forálacha a dhíorthaítear ó Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh ina sonraítear, cé nach sainítear ná nach soláthraítear liosta de roghanna malartacha ar choinneáil, nach bhféadfaidh an t-údarás imeachta TCN a chur faoi choinneáil ach amháin mura féidir bearta leordhóthanacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tugtar le tuiscint le leabú dlíthiúil den sórt sin go bhfuil oibleagáid dhearfach ar an mBallstát, go n-áireofaí ina reachtaíocht náisiúnta na forálacha is gá chun AtDanna a chur ar fáil i raon feidhme níos imeachta um fhilleadh, rud a fhágann gur féidir an beart is lú comhéigneach a ghlacadh a mheastar a bheith riachtanach agus éifeachtach chun aistriú an TCN lena mbaineann a fhorfheidhmiú. Féach Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtas maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024.



Níos tábhachtaí fós, ní mór roghanna malartacha inmharthana ar choinneáil a bheith ann. Ba cheart do Bhallstáit **dhá rogha ar a laghad** a chur ar fáil agus ní féidir leo daoine aonair a chur faoi choinneáil ar an mbonn nach bhfuil aon AtD ar fáil.

Tuairisciú rialta d'údaráis



Ceanglaítear leis ar an duine aonair lena mbaineann tuairisciú do na húdaráis inniúla ag eatraimh shonracha ama. Is féidir tuairisciú a dhéanamh go pearsanta nó trí mhodhanna leictreonacha nó teicneolaíochtaí nua-aimseartha a úsáid (e.g. aithint gutha teileafóin) ⁽³⁷⁾. D'fhéadfadh minicíocht an tuairiscithe a bheith éagsúil ag brath ar na himthosca aonair agus is féidir é a sceidealú thart ar an am céanna le ceapacháin oifigiúla eile leis na húdaráis (e.g. agallamh tearmainn) chun ualach iomarcach a sheachaint.

Mar a léirítear in aithris 20 RCD (2024), níor cheart go ndéanadh ceanglais tuairiscithe difear díréireach do chearta an duine aonair lena mbaineann. Go deimhin, d'fhéadfadh dualgais tuairiscithe atá ródhian nó rómhinic a chuireann ualach iomarcach ar dhuine ó thaobh ama agus costais de, ina n-aonar nó ar bhonn carnach le cineálacha eile AtDanna, a bheith ina gcoinneáil *de facto* (féach “[Treoirlíne 2](#)”) nó ina sárú ar chearta bunúsacha amhail an ceart chun saol an teaghlaigh (féach “[Treoirlíne 4](#)”) ⁽³⁸⁾.

Forléargas ar na Ballstáit

Úsáidtear tuairisciú rialta d'údaráis i 25 Bhallstát ⁽³⁹⁾.

Bhunaigh an Liotuáin an fhéidearthacht cumarsáid leictreonach a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh freisin: feidhmchláir mhóibíleacha

⁽³⁷⁾ Le haghaidh samplaí de mhódúlachtaí tuairiscithe, féach [Commission Staff Working Document – The Dublin Roadmap in action – Enhancing the effectiveness of the Dublin III Regulation: identifying good practices in the Member States](#) [Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin – Treochlár Bhaile Átha Cliath faoi lán seoil – Feabhas a chur ar éifeachtacht Rialachán Bhaile Átha Cliath III: dea-chleachtais a shainathint sna Ballstáit], 2023, Ich. 6. I measc na samplaí sin tá: “Córas ‘dul isteach-imeachta’ a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar láithreach san ionad glactha (BG); féinchlárú laethúil ag an ionad glactha agus tarchur liosta na n-iarratasóirí atá ina gcónaí sa lárionad chuig aonad Bhaile Átha Cliath go rialta chun a chinneadh cé na hiarratasóirí atá fós ina gcónaí san ionad nó nach bhfuil i láthair san ionad (LU) a thuilleadh; fostaithe sonracha a shannadh chun a sheiceáil an bhfuil gach iarratasóir ina limistéar ainmnithe gach lá. Mura bhfuil siad i láthair laistigh de na tréimhsí ama sonracha ina bhfuil sé d’oibleagáid orthu a bheith i láthair san ionad glactha, cuirtear prótacal i ngníomh agus cuirtear in iúl do na hiarratasóirí gur féidir bearta breise a dhéanamh, lena n-áirítear coinneáil (BG); oibleagáid dul i dteagmháil leis an rialtas uair sa tseachtain chun sochair leasa shóisialaigh a fháil, mar aon leis an oibleagáid tuairisciú don ionad glactha ar bhealach rialta (CH).”

⁽³⁸⁾ Maidir leis na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann mura gcomhlíontar an tuairisciú, féach: Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtais maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024: i measc na n-iarhmhairtí sin d’fhéadfaí glacadh le fineáil agus forchur rogha níos géire ar choinneáil, nó fiú tionlacan láithreach chuig an teorainn i gcásanna ina ndearnadh cinneadh um fhilleadh infhorfheidhmithe agus nach bhfuil aon bhacainn fós ann maidir le fillleadh TCN ar an tír thionscnaimh. D’fhéadfadh neamhchomhlíonadh den sórt sin cosc a chur ar an TCN rochtain a fháil ar roghanna malartacha ar choinneáil in imeacht um fhilleadh amach anseo.

⁽³⁹⁾ EMN, [Detention and alternatives to detention in international protection and return procedure](#) [Coinneáil agus roghanna malartacha ar choinneáil sa nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta agus um fhilleadh], 2022 (Staidéar EMN). Go háirithe, baineann 17 mBallstát úsáid rialta as, AT, CY, CZ, DE, EE, EL, ES, FI, FR (faoi chuimsiú braighdeanais baile), HR, IE (in úsáid den chuid is mó do dhaoine a bhfuil orduithe díbeartha eisithe ina leith nó atá faoi réir chinneadh aistrithe Bhaile Átha Cliath), IT, LT, NL, PT, SE, SI (faoi chuimsiú “ceanglas [malartach] chun cónaí in áit ainmnithe” sa nós imeachta um fhilleadh); agus is annamh a bhaineann na 8 mBallstát seo a leanas úsáid rialta as: BE, BG, HU, LU, LV, MT, PL, SK.



speisialta, gléasanna faireachais agus seoladh ríomhphoist lena saináithnítear an seoltóir ⁽⁴⁰⁾.

Minicíocht tuairiscithe

- **Formhór na mBallstát:** gach 24 uair an chloig.
- **Éire:** gach 4 nó 5 seachtaine le haghaidh nósanna imeachta áirithe.
- **An Ísiltír agus An Bheilg:** bíonn an mhinicíocht idir laethúil agus míosúil.

Taisceadh ráthaíochta airgeadais



Ceanglaítear ar an duine aonair lena mbaineann méid airgid a thaisceadh leis na húdaráis. Má chomhlíonann an duine aonair na ceanglais arna bhforchur leis an rogha mhalartach, seolfar an tsuim thaiscthe ar ais chucu a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an rogha mhalartach. Seachas sin, féadfar an tsuim thaiscthe a aistriú chuig na húdaráis.

Is féidir leis na húdaráis taisceadh ráthaíochta airgeadais a cheangal ón tús nó mar choinníoll lena scaoileadh (scaoileadh faoi bhannaí, mar a thugtar air). Sa chás deireanach sin, ní AtD amháin atá i gceist ⁽⁴¹⁾.

Ba cheart go mbeadh an méid atá le taisceadh réasúnach agus comhréireach, i bhfianaise na n-imthosca aonair. Sa chiall sin, níor cheart an méid a shocrú, ach ba cheart é a chinneadh de réir an cháis, agus éifeachtacht AtD á breithniú freisin. Féadfaidh an méid a bheith laistigh de raon (íosmhéideanna agus uasmhéideanna) a d'fhéadfadh a bheith réamhshainithe ag Ballstáit ina reachtaíocht náisiúnta. Féadfaidh an measúnú ar acmhainn airgeadais an duine aonair a bheith bunaithe ar dhearbhuí pearsanta, toisc go mb'fhéidir nach mbeadh an Ballstát in ann é a chruthú ⁽⁴²⁾. Ba cheart an duine aonair lena mbaineann a chur ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas agus faoi na réamhriachtanais agus na módúlachtaí don aisíocaíocht.

Forléargas ar na Ballstáit

- **An Bhulgáir, an Chipir, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, Lucsamburg:** Is féidir le TCNanna taisce nó ráthaíocht airgeadais a chur ar fáil chun fanacht sa tír.

⁽⁴⁰⁾ [Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39, lch. 18.

⁽⁴¹⁾ Ní hionann taisceadh ráthaíochta airgeadais agus scaoileadh faoi bhannaí. Is éard atá i gceist le scaoileadh faoi bhannaí ná TCN a scaoileadh ó choimeád nuair a íoctar taisce airgeadais ón duine aonair nó ó ráthóir lena mbaineann. Ní féidir scaoileadh faoi bhannaí a shainiú go docht mar AtD, ós rud é nach féidir é a úsáid ach amháin tar éis coinneáil a bheith curtha i bhfeidhm agus ní roimhe sin. De réir staidéar EMN, tá scaoileadh ar bhannaí ar fáil i naoi mBallstát ach ní úsáidtear é sa chleachtas ach i gceithre Bhallstát. Ar an gcuma chéanna, féadfaidh scaoileadh ó choinneáil a bheith bunaithe ar chomhaontú i scríbhinn idir na húdaráis agus an duine aonair lena mbaineann (banna) nó ar ráthaíocht arna soláthar ag tríú páirtí (ráthóir) go gcomhlíonfaidh an duine na ceanglais. Féadfaidh taisce airgeadais a bheith ag gabháil leis an dá fhoirm.

⁽⁴²⁾ Bheadh sé idirdhealaitheach coinneáil a chur i bhfeidhm bunaithe ar an bhfíric nach bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag an duine chun rochtain a fháil ar an AtD seo, agus ar an mbonn sin amháin (féach "[Treoirlíne 4](#)").





- **An Ungáir:** cumhdaíonn an t-uasmhéid iomlán na speansas taistil agus cónaithe.
- **An Ísiltír:** is é EUR 1 500 an t-uasmhéid (AtD a úsáidtear sa nós imeachta um fhilleadh ⁽⁴³⁾).
- **An Iodáil:** socraítear an ráthaíocht airgeadais ó EUR 2 500 go EUR 5 000 faoin dlí.

Oibleagáid cónaí in áit ainmnithe



Ceanglaítear leis ar an duine aonair lena mbaineann fanacht ag suíomh sonrach arna ainmniú ag na húdaráis, idir áiteanna cónaithe príobháideacha agus ionaid dídine nó ionaid ghlacktha (féach [Roghanna malartacha ar choinneáil agus ar mhódúlachtaí cóiríochta](#)). Maireann an oibleagáid de ghnáth go dtí deireadh an nós imeachta scrúdúcháin nó an aistrithe iarbhrí. Tá gá le formheas roimh ré más mian leis an duine an áit a athrú.

Forléargas ar na Ballstáit

Tá oibleagáid ar TCNanna cónaí in áit ainmnithe i 20 Ballstát ⁽⁴⁴⁾ agus úsáidtear an oibleagáid sin i 17 mBallstát ⁽⁴⁵⁾. Uaireanta, úsáidtear an rogha mhalartach sin in éineacht le AtDanna eile, amhail ceanglais tuairiscithe (e.g. an Ísiltír).

Sa Danmhairg, ní mór d'fhillithe a bhfuil cóiríocht acu in ionaid oscailte um fhilleadh roinnt dualgas a urramú agus a chumhdach ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear “dualgas chun cónaí”, “dualgas chun fógra a thabhairt” agus “dualgas chun tuairisciú”, d’fhonn cabhrú leis na húdaráis cuntas a choimeád den áit ina bhfuil siad. Mura mbíonn fillí i láthair ag agallamh sceidealaithe, is féidir le cásoibrí áitiúil ón Aonad For-rochtana teagmháil a dhéanamh leis an bhfillí ag an ionad oscailte um fhilleadh. Is léir ón taithí atá faighte go dtí seo go bhfuil cásoibríthe a mbíonn teacht orthu go háitiúil agus a bhfuil sé éasca teagmháil a dhéanamh leo, rochtain ar chúnamh airgeadais um ath-imeascadh, caidreamh iontaoibh-bhunaithe a fhorbairt, agus fillithe a bheith rannpháirteach i bpleanáil a bhfillte féin, i measc na bpríomhghnéithe chun iad siúd a fhanann go fadtéarmach a spreagadh chun a bpróiseas um fhilleadh a chomhlíonadh agus an bealach a réiteach d’oibríochtaí inbhuanaithe um fhilleadh ⁽⁴⁶⁾.

Leanaí

Ní mór na saoráidí ina gcuirtear cóiríocht ar fáil do leanaí neamhthionlactha agus do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu a dhearadh

⁽⁴³⁾ [Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39, lch. 21.

⁽⁴⁴⁾ AT, BE, CY, CZ, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT (ní chuirtear cóiríocht ag Seirbhís an Gharda Teorann Stáit i bhfeidhm ach amháin d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta), LU, MT, NL, PL, SI ([Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39).

⁽⁴⁵⁾ AT, BE, CZ, DE, EE, EL, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, NL, PT, SI ([Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39). San Iodáil, ní chuirtear an beart i bhfeidhm ach amháin má tá pas bailí agus áit chónaithe oifigiúil incháilithe ag an duine.

⁽⁴⁶⁾ Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtais maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024.




go sonrach chun freastal ar a gcuid riachtanas, agus coimircí, príobháideachas agus seirbhísí riachtanacha leordhóthanacha a chur ar fáil (féach [“Treoirlíne 7”](#)).

Comhlíonadh agus faireachán

Tá sásraí chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an AtD seo le fáil i thart ar leath de na Ballstáit. Féadfaidh an Eastóin, an Ungáir agus an Pholainn cigireachtaí a dhéanamh ag an áit chónaithe ainmnithe. D’fhonn comhlíonadh a áirithiú, ní mór go mbeadh srianta ar ghluaiseacht comhréireach agus riachtanach, agus ní mór go mbeadh cearta an duine aonair á n-urramú. D’fhéadfadh sé gurb ionann limistéir atá róshrianta a shainiú nó iallach a chur ar dhaoine aonair fanacht go buan san áit ainmnithe agus braighdeanas baile *de facto* (féach [“Treoirlíne 2”](#)).

Oibleagáid doiciméad taistil nó doiciméad céannachta a thabhairt suas



Ceanglaítear ar an duine aonair lena mbaineann aon doiciméad céannachta bailí nó aon doiciméad taistil náisiúnta atá acu a thabhairt suas do na húdaráis.

Níor cheart doiciméid chéannachta a choimeád siar ach amháin má tá fóirghá leis agus ní mór iad a thabhairt ar ais don úinéir gan aon mhoill, a luaithe a bheidh na himeachtaí ar coinníodh siar na doiciméid ina leith curtha i gcrích, mura gceanglaítear a mhalairt de réir na n-imthosca ⁽⁴⁷⁾.

I gcás ar bith, ní mór an doiciméadacht riachtanach a sholáthar d’iarratasóirí a chruthaíonn a stádas sa Bhallstát i gcomhréir le hAirteagal 6(1) RCD (2024) agus le hAirteagal 29(1) RNIT (féach [“Treoirlíne 8”](#)).

Forléargas ar na Ballstáit

Tá an AtD sin ann in 19 mBallstát ⁽⁴⁸⁾ agus úsáidtear é go rialta in 15 Bhallstát ⁽⁴⁹⁾.

Cur chun feidhme

Is féidir an rogha mhalartach sin a chomhcheangal le AtDanna eile agus fanann sí i bhfeidhm go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le teacht isteach nó fanacht, nó go dtí go bhforfheidhmítear cinneadh aistrithe.

⁽⁴⁷⁾ Mar shampla, má dheonaítear cosaint idirnáisiúnta don duine, féadfaidh an Ballstát a chinneadh na doiciméid chéannachta a thugtar suas a choimeád, agus doiciméid chéannachta nua a chur ina n-ionad.

⁽⁴⁸⁾ BG, CY, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LU (ní rogha mhalartach neamhspleách í ach tá sí san áireamh in oibleagáidí tuairiscithe), LV, MT, NL, PL, SE ([Staidéar EMN, 2022, op. cit., fonóta. 39](#)). Tá an cleachtas seo beartaithe freisin in NO agus in SI.

⁽⁴⁹⁾ BG, CY, EE, EL, ES, FI, FR (nósanna imeachta braighdeanais baile), HR, IE, IT, LV, NL, SE ([Staidéar EMN, 2022, op. cit., fonóta. 39](#)). Tá an cleachtas sin in úsáid san Iorua agus sa tSlóivéin freisin. Ina theannta sin, tuairiscíonn an Iodáil nach n-úsáidtear í ach amháin mar ullmhúchán don fhilleadh éigeantach.

Oibleagáid maidir le seoladh a chur in iúl



Ceanglaítear léi ar an duine aonair lena mbaineann na húdaráis a chur ar an eolas faoina seoladh cónaithe agus faoi aon athrú ar an seoladh sin.

Forléargas ar na Ballstáit

Tá an rogha mhalartach sin ann i 14 Bhallstát ⁽⁵⁰⁾ agus úsáidtear í i 9 mBallstát ⁽⁵¹⁾.

Cur chun feidhme

I roinnt tíortha (e.g. an Pholainn, an tSlóivéin agus an Iodáil), is **ceanglas nós imeachta ginearálta** é sin cheana féin. Tá sé d'oibleagáid, faoin rialachán maidir le nósanna imeachta tearmainn ⁽⁵²⁾ (RNIT), ar gach iarratasóir a bhfuil cónaí orthu in aon Bhallstát seoladh a chur in iúl agus – faoi [Threoir 2013/32/AE](#) – is féidir é sin a dhéanamh ach níl sé éigeantach. I roinnt tíortha, **feidhmíonn sé mar AtD**, lena gceanglaítear ar TCNanna a seoladh agus aon athrú a thuairisciú go pras, laistigh den chéad lá oibre eile de ghnáth. Is iondúil go ndéantar an rogha mhalartach sin a chomhcheangal le AtDanna eile.

Urraíocht ó shaoránach nó ó chónaitheoir fadtéarmach



Is AtD é urraíocht a dhéanann saoránach nó cónaitheoir fadtéarmach i gcás ina soláthraíonn duine aonair freagrach (an t-urraitheoir) titíocht, bunriachtanais, agus lena n-áiríthítear comhlíonadh an duine aonair arna n-urrú ⁽⁵³⁾. Is féidir leis na húdaráis é sin a cheangal ón tús nó mar choinníoll lena scaoileadh (sa chás deireanach sin, ní AtD amháin atá i gceist). Mar réamhriachtanas, déanann na húdaráis grinnfhiosrúchán ar urraitheoirí agus dearbhaítear go bhfuil siad oiriúnach ó thaobh an dlí de chun gníomhú mar urraitheoirí.

Forléargas ar na Ballstáit

Úsáidtear urraíocht ó shaoránach nó ó chónaitheoir fadtéarmach sa Liotuáin ⁽⁵⁴⁾.

⁽⁵⁰⁾ CZ, EE, EL, FI, FR (nósanna imeachta braighdeanais baile), HR, HU, IE, IT, LU, MT, PT, SE. ([Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39). Tá an cleachtas seo beartaithe in SI freisin, mar cheanglas nós imeachta ginearálta.

⁽⁵¹⁾ CY, CZ, EE, FI, FR, HR, IE, PT ([Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39). Tá an cleachtas seo in úsáid freisin san Iorua agus sa tSlóivéin.

⁽⁵²⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1348](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta cosanta idirnáisiúnta coiteann san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE

⁽⁵³⁾ Féadfar foráil a dhéanamh sa reachtaíocht náisiúnta maidir le ceanglais bhreise: mar shampla, féadfar a cheangal ar an urraitheoir fianaise a thabhairt go bhfuil ioncam leordhóthanach acu chun bheith in ann gníomhú mar urraitheoir.

⁽⁵⁴⁾ Odysseus Network, [Alternatives to Immigration and Asylum Detention in the EU](#) [Roghanna malartacha ar inimirce agus ar choinneáil tearmainn san Aontas], Ich. 92. Féach freisin Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtais maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024. Thuairiscigh SI nach bhfuil an cleachtas seo in úsáid a thuilleadh.

Cláir bainistithe pobail nó mhaoirseachta



Cuireann siad ar chumas an duine aonair lena mbaineann cónaí laistigh den phobal, faoi choinníoll maoirseachta ag údaráis, comhlachtaí nó eagraíochtaí ainmnithe eile (e.g. eagraíochtaí reiligiúnacha nó pobail). Go minic áirítear ar na cláir sin seirbhísí bainistithe cásanna a sholáthraíonn tacaíocht chun dul i ngleic leis an bpróiseas tearmainn nó próiseas um fhilleadh, d'fhonn rochtain a fháil ar chabhair dhlíthiúil agus d'fhonn nascadh le seirbhísí sóisialta. Is féidir leis an maoirseoir, na húdaráis nó na comhlachtaí ainmnithe ann seiceálacha agus cuairteanna a dhéanamh go rialta ⁽⁵⁵⁾.

Forléargas ar na Ballstáit

Úsáidtear cláir bainistithe pobail nó mhaoirseachta mar AtDanna in dhá Bhallstát ⁽⁵⁶⁾.

Cur chun feidhme

Ní mór an úsáid a bhaintear as maoirseacht mar AtD a bhreithniú go cúramach chun ábhair inmí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cearta an duine a sheachaint, toisc gur féidir leis a bheith cunórach ag brath ar an gcineál agus ar an gcur chuige forfheidhmithe. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach maoirseacht a chur in oiriúint do na himthosca agus do na riachtanais aonair, agus tús áite á thabhairt do mhodhanna neamh-fhorfheidhmithe lena gcuirtear béim ar rannpháirtíocht agus tacaíocht pobail.

Faireachán leictreonach



Is éard atá i gceist le faireachán leictreonach réitigh theicneolaíocha atá dírithe ar an mbaol éalaithe a mhaolú, agus cailleadh saoirse aonair a sheachaint ag an am céanna.

Is féidir úsáid a bhaint as faireachán leictreonach mar AtD i bhfoirmeacha éagsúla, amhail faireachán trí aipeanna tiomnaithe, geologánú an duine, nó clibeáil. Leis na gléasanna sin, déantar faireachán ar shuíomh an duine aonair agus áirithítear go gcomhlíontar srianta gluaiseachta agus ceanglais tuairiscithe.

Is cineál faireacháin leictreonaigh é clibeáil lena mbaineann rianú leanúnach ar an duine trí úsáid a bhaint as gléasanna leictreonaigh, amhail bráisléid rúitín/láimhe nó gléasanna atá cumasaithe do GPS.

⁽⁵⁵⁾ Níor cheart gurb é an t-oifigeach maoirseachta céanna é an té a dhéanann an cinneadh maidir le tearmann agus filleadh. Cuidítear ar an mbealach sin le muinín agus comhar a bhunú sa phróiseas. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi seo, féach [Back to Basics: The Right to Liberty and Security of Person and “Alternatives to Detention” of Refugees, Asylum-Seekers, Stateless Persons and Other Migrants](#) [Fill ar na bunphrionsabail: an ceart chun saoirse agus slándála atá ag daoine agus “roghanna malartacha ar choinneáil” dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, daoine gan stát agus imirceach eile], 2011.

⁽⁵⁶⁾ CY, SE ([Staidéar EMN](#), 2022, *op. cit.*, fonóta 39). Maidir le BE, níl aon chineál maoirseachta i gceist le clár ICAM, ainneoin go mbaintear úsáid as seirbhísí bainistithe cásanna. Féach an bosca maidir le “bainistíú cásanna” faoi [“Treoirlíne 8”](#).





Forléargas ar na Ballstáit

Tá úsáid faireacháin leictreonaigh á breithniú i roinnt Ballstát. Déantar cur síos i mír “[Tuairisciú rialta d’údaráis](#)” thuas ar roinnt cleachtas a bhaineann go sonrach le faireachán leictreonach trí thuairisciú.

Tá an cleachtas clibeála thar a bheith teoranta i dtíortha AE+ ⁽⁵⁷⁾.

Cur chun feidhme

Má bheartaítear clibeáil, ní mór foráil a dhéanamh sa reachtaíocht náisiúnta maidir le coimircí bunúsacha chun úsáid gléasanna den sórt sin a rialáil, lena n-áirítear trína áirithiú nach gcuireann siad isteach gan ghá ar shaoirse phearsanta agus nach bhfuil aon riosca sláinte ag baint leo don duine.

Ní mór an chlibeáil a úsáid go cúramach, i bhfianaise an tionchair thromchúisigh ar shaoirsí pearsanta agus ar phríobháideacht a d’fhéadfadh a bheith i gceist léi. Is féidir le stiogma a ghabháil le caitheamh gléis clibeála, agus daoine aonair a dhealú mar dhaoine atá faoi amhras nó faoi smacht. D’fhéadfadh náire, imní agus strus a bheith mar thoradh air sin, rud a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar an meabhairshláinte. I gcomhréir le [prionsabal na hidirghabhála íosta](#), d’fhéadfaí an beart sriantach sin a chur i bhfeidhm tar éis breithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha nach bhfuil chomh cunórach céanna.

Na príomhbhuntaistí agus na príomhdhúshláin a bhaineann le roghanna malartacha ar choinneáil

Ar choinníoll gur dúshlán é an baol éalaithe i ngach cineál AtD, liostaítear sa tábla ar an gcéad leathanach eile dúshlán agus bhuntaistí breise do gach ceann de na cineálacha AtD a léirítear sa roinn seo, gan bheith uileghabhálach.

Tábla 1. Na príomhbhuntaistí agus na príomhdhúshláin a bhaineann le AtDanna

Beart malartach	Na príomhbhuntaistí	Na príomhdhúshláin
Tuairisciú rialta d’údaráis	<ul style="list-style-type: none"> – Costéifeachtach – Coinnítear an tsaoirse gluaiseachta leis – Cuirtear ath-imeascadh chun cinn a bhuí le teagmháil rialta – Naisc leis an bpobal – Ceadaítear leis aontacht teaghlaigh 	<ul style="list-style-type: none"> – Gabhann ualach riaracháin leis

⁽⁵⁷⁾ De ghnáth, bíonn clibeáil ag gabháil le cineálacha coinneála, amhail braighdeanas baile (e.g. Lucsamburg): sa chiall sin, ní fhéadfar í a bhreithniú mar AtD amháin.





Taisceadh ráthaíochta airgeadais	<ul style="list-style-type: none">– Níos saoire ná coinneáil– Tionchar níos ísle ar shaol an duine– Oiriúnach do chónaitheoirí fadtéarmacha– Cuirtear naisc leis an bpobal agus ath-imeascadh chun cinn a bhuí leis– Éascaítear aontacht teaghlaigh leis	<ul style="list-style-type: none">– Castacht riaracháin, lena n-áirítear maidir leis an méid iomchuí a chinneadh– Riosca an idirdhealaithe bunaithe ar acmhainní airgeadais– Deacracht aisíocaíochtaí a dhéanamh– D'fhéadfadh baol a bheith ann don iarratasóir a bhféadfadh sé go mbeadh orthu fiachas a thabhtú agus go ndéanfaí gáinneáil orthu dá bharr
Oibleagáid cónaí in áit ainmnithe	<ul style="list-style-type: none">– Ceadaítear leis aontacht teaghlaigh– Oiriúnach do leanaí– Cuirtear chun cinn léi ath-imeascadh agus tacaíocht pobail– Níos saoire ná coinneáil	<ul style="list-style-type: none">– Infhaighteacht theoranta saoraidí agus/nó ball foirne iomchuí– Costais a bhaineann le saoraidí a leathnú.– Fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar bheart lena sainítear limistéar atá srianta go rómhór nó lena mbaineann tréimhse rófhada.
Oibleagáid doiciméid taistil nó chéannachta a thabhairt suas	<ul style="list-style-type: none">– Furasta le cur chun feidhme– Laghdaítear an t-ualach riaracháin dá bharr– Simplítear an mhaoirseacht a bhuí le fíorú céannachta	<ul style="list-style-type: none">– Neamhéifeachtach ina aonar i dtaobh taisteal a chosc– Baol maidir le doiciméid chalaoiseacha– Infhaighteacht theoranta doiciméad bailí– An baol go bhfaighidh an t-iarratasóir pas nua nó go mbeidh doiciméid bhreise taistil nó chéannachta aige nó aici
Oibleagáid seoladh a chur in iúl	<ul style="list-style-type: none">– Ualach riaracháin íseal– Cuirtear chun cinn léi ath-imeascadh agus naisc leis an bpobal– Furasta le cur chun feidhme	<ul style="list-style-type: none">– Deacracht i dtaobh faireachán a dhéanamh má athraíonn an seoladh go minic
Cláir bainistithe pobail nó mhaoirseachta	<ul style="list-style-type: none">– Costéifeachtach– Cuirtear chun cinn leo ath-imeascadh agus comhlíonadh– Aontacht teaghlaigh– Neartaítear leo naisc leis an bpobal	<ul style="list-style-type: none">– Dian ar acmhainní le haghaidh bainistiú cásanna





Urráocht ó shaoránach nó ó chónaitheoir	<ul style="list-style-type: none"> – Cuirtear chun cinn léi ath-imeascadh sóisialta agus naisc leis an bpobal – Costéifeachtach – Cumhachtaítear daoine aonair dá bharr 	<ul style="list-style-type: none"> – Ualach ar an urraitheoir – Baol neamhchomhlíonta – Faireachán neamhréireach – Castacht riaracháin – Baol dúshaothraithe
Faireachán leictreonach	<ul style="list-style-type: none"> – Costéifeachtach (seachas clibeáil) – Coinnítear an tsaoirse gluaiseachta leis – Ceadaítear leis aontacht teaghlaigh 	<ul style="list-style-type: none"> – Gabhann ualach riaracháin leis – An fhéidearthacht go mbeadh gléasanna leictreonacha mífheidhmiúil – An fhéidearthacht go mbeadh mífheidhmiú ann, go mbeadh comhartha á chailleadh nó go mbeadh rianú míchruinn agus aláirim bhréagacha luaite le gléasanna clibeála.




Treoirlíne 4

Ní mór go gcloífeadh roghanna malartacha ar choinneáil le caighdeáin agus le prionsabail bhunúsacha maidir le cearta an duine

I gcomhréir le haithris 33 RCD (2024), “Aon bheart malartach ar choinneáil, ba cheart dó cearta bunúsacha an duine a urramú a mhéid a bhaineann le hiarratasóirí.” ⁽⁵⁸⁾.

Chomh maith leis an gceart chun sairse (Airteagal 6 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) ⁽⁵⁹⁾ agus Airteagal 5 ECHR) agus an gá atá le dínit an duine a urramú agus a chosaint (Airteagal 1 den Chairt), d’fhéadfaí difear a dhéanamh do na príomhchearta bunúsacha thíos.

Urraim do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe



Toirmisctear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras, amhail gnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

(Airteagal 21 den Chairt; Airteagal 14 ECHR)

Toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach



Ní mór do AtDanna dínit an duine a urramú agus níor cheart go mbeadh íde, céastóireacht ná pionós atá mídhaonna nó táireach mar thoradh orthu ar bhealach ar bith.


(Airteagal 4 den Chairt; Airteagal 3 ECHR)

⁽⁵⁸⁾ Ní luaitear go sonrath sa Treoir um Fhilleadh gur cheart do AtDanna cearta bunúsacha a urramú. Meabhraítear an prionsabal sin in aithris 24, áfach (“Sa Treoir seo urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.”), agus in Airteagal 1 (“Leagtar amach leis an Treoir seo na caighdeáin choiteanna agus na nósanna imeachta coiteanna atá le cur i bhfeidhm sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, i gcomhréir le cearta bunúsacha mar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais agus den dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cosaint dídeanaithe agus oibleagáidí maidir le cearta an duine”).

⁽⁵⁹⁾ An tAontas Eorpach, [Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#), 26 Deireadh Fómhair 2012, 2012/C 326/02.



An ceart chun príobháideachais a urramú



Níor cheart do AtDanna cur isteach go treallach ná go neamhdhleathach ar shaol príobháideach an duine lena mbaineann.

(Airteagal 7 den Chairt; Airteagal 8 ECHR)

An ceart chun sláinte a urramú



Ní mór do AtDanna a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais sláinte, lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte, agus bacainní ar rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte á seachaint. Tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus an ceart chun tairbhe a bhaint as cóireáil leighis faoi na coinníollacha a bhunaítear le dlíthe agus le cleachtais náisiúnta. Ní mór ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú i sainmhíniú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

(Airteagal 35 den Chairt)

An ceart chun saol an teaghlaigh a urramú



Níor cheart go gcuirfeadh cur i bhfeidhm AtDanna cosc ar dhaoine aonair teagmháil a choimeád lena dteaghlach. Ní mór do AtDanna a áirithiú nach ndéanfar leanaí agus a gcúramóirí a scaradh óna chéile, ach amháin i gcásanna ina bhfuil an scaradh sin dleathach, riachtanach agus comhréireach leis na himthosca. Áirítear leis an gceart chun saol an teaghlaigh oibleagáidí amhail tacaíocht mhothúchánach, shóisialta agus airgeadais a áirithiú, aontacht teaghlaigh a chosaint, agus timpeallacht sheasmhach agus chothaitheach a chothú do gach ball teaghlaigh.

(Airteagal 7 den Chairt; Airteagal 8 ECHR, Airteagal 8 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh (CRC) ⁽⁶⁰⁾)

Leas an linbh a urramú




I gcinneadh ar bith a bhaineann le AtDanna, ní mór tús áite a thabhairt do leas an linbh. Is éard atá i gceist leis sin riachtanais fhisiciúla, mhothúchánacha agus fhorbarthacha an linbh a chur san áireamh, agus a chinntiú go dtugtar tús áite dá bhfolláine. Ina theannta sin, ní mór do Bhallstáit a áirithiú go n-áirítear ina gcreat dlíthiúil náisiúnta coimircí láidre maidir le cosaint leanaí.

(Airteagal 24 den Chairt; Airteagal 3 CRC)

⁽⁶⁰⁾ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, [An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh](#), Na Náisiún Aontaithe, Sraith Conarthaí, Imleabhar 1577, Ich. 3, 20 Samhain 1989.




An ceart chun oideachais a urramú



Níor cheart do AtDanna cur isteach ar cheart chun oideachais an linbh. Ciallaíonn sé sin a áirithiú go mbeidh rochtain ag leanaí ar dheiseanna scolaíochta agus oideachais gan cur isteach ná idirdhealú.

(Airteagal 14 agus Airteagal 24 den Chairt; Airteagal 28 CRC; Airteagal 2 Prótacal 1 a ghabhann le ECHR ⁽⁶¹⁾)

Urraim do cheart an linbh chun faisnéise agus rannpháirtíochta



Ní mór a áirithiú le cur i bhfeidhm AtDanna go n-urramaítear ceart an linbh chun faisnéise agus rannpháirtíochta. Áirítear leis sin a ráthú go gcuirfear faisnéis shoiléir atá oiriúnach ó thaobh aoise de ar fáil do leanbh atá in ann teacht ar a dtuairimí féin faoin bpróiseas AtD, agus tugtar an deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl gan bhac maidir le gach ábhar a dhéanann difear dóibh, lena n-áirítear cinntí maidir lena socrúchán nó lena gcúram. Ní mór an aird chuí a thabhairt ar na tuairimí sin, agus aois agus aibíocht an linbh á gcur san áireamh. Ní mór an deis a bheith ag an leanbh éisteacht a fháil freisin in aon imeacht breithiúnach nó riaracháin a bhaineann lena staid, go díreach, trí ionadaí nó trí chomhlacht iomchuí, i gcomhréir le nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta.

(Airteagal 24 den Chairt; Airteagal 12 CRC)

An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a urramú



Ní mór an deis a bheith ag daoine aonair atá faoi réir AtDanna athbhreithniú breithiúnach a lorg ar an gcinneadh lena gcuirtear srian ar a gcearta (féach freisin [“Treoirlíne 9”](#)).

(Airteagal 47 den Chairt; Airteagal 13 ECHR)

⁽⁶¹⁾ Comhairle na hEorpa, [Prótacal 1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint](#), ETS 9, 20 Márta 1952.





Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Ceartha bunúsacha sa nós imeachta teorann um thearmann

Forordaítear in RNIT **nach mór do Bhallstáit sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar an urraim do chearta bunúsacha** le linn na gníomhaíochtaí uile a dhéantar sa nós imeachta teorann um thearmann ⁽⁶²⁾. Áirítear orthu sin bearta lena mbaineann cailleadh saoirse agus srian ar shaoirse gluaiseachta mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le scagadh ⁽⁶³⁾. Ba cheart go n-áireofaí sa sásra freisin an treoir chuimsitheach a chuir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) ar fáil ⁽⁶⁴⁾.

⁽⁶²⁾ Aithris (71) agus Airteagal 43(4) RNIT.

⁽⁶³⁾ [Rialachán \(AE\) 2024/1356](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2019/817, Airteagal 10(2)(a).

⁽⁶⁴⁾ Féach FRA, [Monitoring fundamental rights during screening and the asylum border procedure – A guide on national independent mechanisms](#) [Faireachán ar chearta bunúsacha le linn an scagtha agus an nós imeachta teorann um thearmann – Treoir maidir le sásraí neamhspleácha náisiúnta], 19 Meán Fómhair 2024. I gcomhréir le treoir FRA, ba cheart don sásra a bheith go hiomlán neamhspleách, uathrialaitheach go hoibríochtúil, agus ba cheart an t-údarás a bheith aige gníomhú ar a thionscnamh féin. Ba cheart dó faireachán córasach agus rialta a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar i gcomhthéacs an scagtha agus an nós imeachta teorann um thearmann, lena n-áirítear oibriú sásraí tarchuir, lena n-áirítear go ndéantar na gníomhaíochtaí sin agus dínit an duine agus cearta bunúsacha daoine aonair leochaileacha á n-urramú go hiomlán.



Cinneadh a dhéanamh maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 5

Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú go cuí agus a chur as an áireamh sula dtéitear i muinín na coinneála, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta

Roghanna malartacha ar choinneáil mar bheart céadrogha

Bunaítear le reachtaíocht an Aontais **gur cheart an choinneáil a bheith ina rogha dheireanach**. Ní mór do Bhallstáit scrúdú a dhéanamh, i ngach cás ar leith, cibé an bhfuil aon bheart nach bhfuil chomh sriantach céanna ann, i measc na mbeart sin atá ar fáil d'fhonn na críocha céanna a bhaint amach (féach [“Treoirlíne 6”](#)). **Ciallaíonn sé sin nach mór AtDanna a bhreithniú, a anailísiú agus a chur as an áireamh ar deireadh sula gcuirfear coinneáil i bhfeidhm** ⁽⁶⁵⁾.

Dá bhrí sin, ba cheart toimhde a bheith ann i bhfabhar an chirt chun saoirse agus ba cheart tosaíocht a thabhairt d'úsáid AtDanna *vis-à-vis* úsáid na coinneála: is é an ceart chun saoirse an seasamh réamhshocraithe ⁽⁶⁶⁾ agus ní féidir é a chomhbhrú ach amháin i gcásanna teoranta agus in imthosca a bhfuil údar maith leo, a mhéid is lú is féidir.

⁽⁶⁵⁾ Aithris 33 RCD (2024) agus Airteagal 10(2) RCD (2024). Ar an gcuma chéanna, sonraítear in Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh nach gceadaítear coinneáil chun críche aistrithe ach amháin “[mura féidir] bearta leordhóthanacha eile ach nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach i gcás ar leith”. I [Moladh \(AE\) 2017/2338 ón gCoimisiún](#) an 16 Samhain 2017 lena mbunaítear ‘Lámhleabhar maidir le Filleadh’ coiteann a bheidh le húsáid ag údarais inniúla Ballstát agus cúraimí a bhaineann le filleadh á gcur i gcrích acu (IO L 339, 19.12.2017, lch. 83), léirmhínítear é sin mar fhoráil lena gceanglaítear “ar gach Ballstát roghanna malartacha ar choinneáil a sholáthar ina reachtaíocht náisiúnta”. Ina theannta sin, foráiltear le haithris 11 den Rialachán maidir le Scagadh nach féidir coinneáil a ordú ach amháin mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Ina theannta sin, bunaítear le hAirteagal 44(2) RBTI go bhféadfaidh Ballstáit duine lena mbaineann a chur faoi choinneáil chun nósanna imeachta aistrithe a áirithiú “ar bhonn measúnú aonair ar imthosca an duine, agus sa mhéid go bhfuil an choinneáil comhréireach agus nach féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus sa mhéid sin amháin”. Féach freisin an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta Coinneála, [Immigration Detention as an Exceptional Measure of Last Resort](#) [Coinneáil inimirceach mar bheart eisceachtúil rogha deiridh], 2023.

⁽⁶⁶⁾ UNHCR, [Detention Guidelines](#) [Treoirlínte maidir le coinneáil], *op. cit.*, fonóta 14, treoirlíne 2, mír 14, lch. 13.



Dá bhrí sin, tá aon choinneáil éigeantach, uathoibríoch nó chórasach, e.g. grúpaí sonracha daoine a chur faoi choinneáil bunaithe ar a náisiúntacht ⁽⁶⁷⁾ nó duine aonair a chur faoi choinneáil gan AtDanna a fhágáil as an áireamh ar dtús, neamhdhleathach.


An oibleagáid cúiseanna a thabhairt le cinneadh a dhéanamh gan roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm

Tugtar le tuiscint le prionsabal na coinneála mar bheart rogha deiridh nach mór cúiseanna a thabhairt aon uair nach gcuirtear AtDanna i bhfeidhm. Ní féidir leis an easpa AtDanna atá ann a bheith ina fhoras réasúnach chun daoine aonair a chur faoi choinneáil (féach “[Treoirlíne 3](#)”).

Deimhnítear é sin in RCD (2024) lenar tugadh isteach foráil nua ar dá réir a “[**uafar san ordú coinneála na cúiseanna** fíorasacha mar aon le cén fáth **nach féidir bearta malartacha nach bhfuil chomh comhéigheach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach**” ⁽⁶⁸⁾.

An tástáil riachtanais

Ní féidir choinneáil a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis breithniú agus rialú cuí a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le AtDanna a chur i bhfeidhm agus ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin nuair a léirítear go bhfuil sé **riachtanach** an cuspóir dlisteanach a shaothrú.



Leis an tástáil riachtanais féachtar le fáil amach cibé an fíor-riachtanach í an choinneáil agus cibé an féidir déanamh dá huireasa d’fhonn cuspóir dlisteanach an leasa ghinearálta a bhaint amach i gcás ar leith. Féadfar a mheas go bhfuil gá le coinneáil, mar shampla, i gcás ina bhfuil baol éalaithe nó imní slándála náisiúnta ann a bhfuil fianaise ann ina leith. Is éard atá i gceist leis an tástáil riachtanais measúnú a dhéanamh ar cé acu is féidir na cuspóirí céanna a bhaint amach le bearta malartacha agus tá feidhm acu i ndáil leis an gcinneadh tosaigh i ndáil le cur faoi choinneáil agus maidir le haon síneadh leis ina dhiaidh sin.

An tástáil chomhréireachta

Má mheastar go bhfuil choinneáil riachtanach, ní mór an tástáil chomhréireachta a chur i bhfeidhm ⁽⁶⁹⁾.



Ceanglaítear leis an tástáil chomhréireachta measúnú a dhéanamh lena gothromaítear an díobháil a dhéantar de bharr cailleadh saoirse agus an sprioc a shaothraítear sa chás aonair. Go deimhin, agus cinneadh á dhéanamh maidir le coinneáil a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis a áirithiú go

⁽⁶⁷⁾ Soiléirítear le hAirteagal 10(1) RCD (2024) nach bhféadfaidh Ballstáit iarratasóir a chur faoi choinneáil ar bhonn a náisiúntachta.

⁽⁶⁸⁾ Airteagal 11(2) RCD (2024).

⁽⁶⁹⁾ Féach aithris (22) RCD (2024), aithris (13) an Treoir um Fhilleadh, aithris (11) an Rialachán maidir le scagadh agus Airteagal 44(2) RBTI,




mbaintear amach an cuspóir dlisteanach sa chás aonair gan dul thar a bhfuil fíor-riachtanach, i gcomhréir le prionsabal na hidirghabhála íosta.

Bíonn feidhm ag an tástáil chomhréireachta maidir leis an an gcinneadh tosaigh tosaigh i ndáil le cur faoi choinneáil agus maidir le haon síneadh leis a d'fhéadfadh a bheith i gceist ina dhiaidh sin. Má theipeann ar an measúnú sa tástáil chomhréireachta, ansin ní féidir coinneáil a ordú.

I gcomhthéacs an fhille, breithnítear go bhfuil sé díréireach duine a chur faoi choinneáil nó leanúint dá gcoinneáil i gcás nach ann d'aon ionchas inláimhsithe ná réasúnach dá n-aistriú. I bprionsabal den sórt sin, faightear cumhdach dlíthiúil in Airteagal 15(4) den Treoir um Fhilleadh, ar dá réir nach mbíonn údar cuí leis an gcoinneáil a thuilleadh nuair nach ann níos mó d'ionchas réasúnach aistrithe ⁽⁷⁰⁾. Mura mbíonn feidhm a thuilleadh ag na himthosca tosaigh ba chúis le cur i bhfeidhm na coinneála, ní mór an duine lena mbaineann a scaoileadh saor (féach [“Treoirlíne 9”](#) agus [“Treoirlíne 10”](#)).

Fíor 3. Réamhriachtanais chun coinneáil a chur i bhfeidhm



⁽⁷⁰⁾ Féach freisin CBAE, breithiúnas an 28 Aibreán 2011, [Hassen el Dridi, ailias Karim Soufi](#), C-61/112 PPU, EU:C:2011:268, mír 41. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).



Leid phraiticiúil

Is freagairt atá sa tástáil riachtanais ar na ceisteanna seo a leanas.

- An fíor-riachtanach í coinneáil sa chás sonracha nó an féidir na cuspóirí a shaothraítear le coinneáil a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh comhéigneach céanna?
- An ann do chúiseanna sonracha lena n-éilítear coinneáil?
- An ann do riachtanais shonracha nó d'imthosca aonair a chuirfeadh cosc ar choinneáil?

Is freagairt atá sa tástáil chomhréireachta ar na ceisteanna seo a leanas.

- An ndéanadh coinneáil díobháil dhíríreach don duine -i bhfianaise a riachtanas sonracha nó a n-imthosca aonair?
- An bhfuil an díobháil a dhéanann an choinneáil cothrom agus an bhfuil údar léi *vis-à-vis* na cuspóirí atá á saothrú leis an gcoinneáil?
- An féidir na cuspóirí sin a bhaint amach le bearta nach bhfuil chomh comhéigneach céanna?

Treoirlíne 6

Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus na himthosca aonair agus na riachtanais shonracha á gcur san áireamh

An measúnú aonair

Ba cheart AtDanna a scrúdú ar bhonn cás ar chás, agus riachtanais shonracha agus imthosca aonair an duine lena mbaineann á gcur san áireamh. Is réamhchoinníoll riachtanach é sin chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál AtD atá le cur i bhfeidhm agus na gnéithe a bhaineann leis, e.g. minicíocht an tuairiscithe.

Meabhraítear prionsabal an mheasúnaithe aonair in Airteagal 10(2) den RCD (2024), ar dá réir “i gcás inar gá agus **ar bhonn measúnú aonair ar gach cás**, féadfaidh Ballstáit iarratasóir a chur faoi choinneáil, mura féidir bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach” ⁽⁷⁾. Ar an gcuma chéanna, tugtar le tuiscint le hAirteagal 15 agus le haithris 6 den Treoir um Fhilleadh go ndéantar measúnú cás ar chás sula gcuirtear duine faoi choinneáil. Go deimhin, níl coinneáil mar ullmhúchán don fhilleadh agus/nó chun an próiseas aistrithe a chur i gcrích inghlactha ach amháin mura féidir bearta leordhóthanacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa chás sonrach.

Le linn an mheasúnaithe aonair ar an gcás, ní mór do na húdaráis atá inniúil chun an cinneadh a eisiúint maidir le AtD a chur faoi choinneáil nó a chur i bhfeidhm **gnéithe éagsúla** a bhreithniú mar chuid den tástáil riachtanais agus chomhréireachta (féach “[Treoirlíne 5](#)”).

Go háirithe, ní mór dóibh **cothromaíocht** íogair a bhaint amach idir comhlíonadh nósanna imeachta tearmainn nó nósanna imeachta um fhilleadh a áirithiú, agus cearta agus folláine an duine aonair a chosaint.

Meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an nós imeachta agus an bhaol éalaithe

Nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar chomhlíonadh an nós imeachta, féadfaidh an t-údarás riaracháin agus/nó breithiúnach roinnt táscairí a bhreithniú, mar a shonraítear thíos.

⁽⁷⁾ Sa chiall sin, féach aithris 33 RCD (2024) ina luaitear go soiléir “[nár] cheart réamhbhreith a thabhairt ar úsáid na coinneála i gcás nach féidir bearta malartacha den sórt sin, lena n-áirítear oibleagáidí cónaithe agus tuairiscithe, a chur i bhfeidhm go héifeachtach”.



Cruthúnas de chomhlíonadh roimhe seo

D'fhéadfadh mainneachtain an duine roimhe sin orduithe roimhe seo ó na húdaráis nó ó AtDanna a forchuireadh roimhe sin a chomhlíonadh, gan aon chúis a thugann údar maith leo, a bheith ina toisc lena dtreoraítear an cinneadh maidir le coinneáil.

Mar shampla, i nós imeachta um fhilleadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh seans ní ba mhó ag údaráis coinneáil a chur i bhfeidhm mar thoradh ar neamhchomhlíonadh ordaithe roimhe sin chun an chríoch a fhágáil ionas nach féidir leis an duine ullmhú an fhille nó an próiseas aistrithe a sheachaint nó bac a chur air arís eile. Níor cheart an imthoisc sin a bhreithniú, áfach, ar bhealach uathoibríoch ná ar bhealach aonair, ach ba cheart í a bheith leagtha amach go cuí sna himthosca aonair foriomlána.

Os a choinne sin, féadfaidh an t-údarás riaracháin agus/nó breithiúnach a chinneadh nach bhfuil gá le coinneáil más ann do chruthúnas de chomhlíonadh ag an duine lena mbaineann roimhe sin.

Baol éalaithe

I measc na ngnéithe den neamhchomhlíonadh, tá ról suntasach ag an mbaol éalaithe in *acquis* an Aontais. Mar a léirítear in Airteagal 2(11) RCD (2024), agus measúnú á dhéanamh acu ar an mbaol éalaithe, ba cheart d'údaráis a bhreithniú go ginearálta cibé an bhfuil cúiseanna agus imthosca sonracha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh iarratasóir éalú d'aon ghnó ⁽⁷²⁾. Ba cheart go mbeadh an measúnú ar an mbaol éalaithe bunaithe ar **chritéir oibiachtúla a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta** agus ba cheart é a dhéanamh ar bhonn aonair. Níor cheart baol den sórt sin a dhíorthú go huathoibríoch de dheasca easpa doiciméad céannachta ná easpa seolta sheasta, i bhfianaise ina theannta sin nach mbíonn a leithéidí ag formhór na n-iarratasóirí.

I gcomhréir le haithris 24 RCD (2024), “Sa mheasúnú foriomlán ar staid ar leith iarratasóra, tugann teaghlaim roinnt tosca bunús go minic lena chinneadh go bhfuil riosca éalaithe ann”.

D'fhéadfaí a áireamh ar na táscairí a d'fhéadfaí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an mbaol éalaithe, mar shampla: comhar an iarratasóra leis na húdaráis inniúla nó comhlíonadh na gceanglas nós imeachta; naisc an iarratasóra sna Ballstáit; ar diúltaíodh don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith mí-úsáideach nó toisc gur follasach go bhfuil sé gan bhunús; gealltanais fostaíochta nó oideachais; agus rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí pobail nó tacaíochta. D'fhéadfadh an ardmhínicíocht lena n-éalóidh TCNanna a thagann ó thíortha tionscnaimh áirithe a bheith ina táscaire breise, agus meastóireacht á déanamh ar an mbaol éalaithe. Sa mheasúnú foriomlán, áfach, ní mór táscairí eile a bhaineann go sonracha leis an staid aonair a chur san áireamh.

⁽⁷²⁾ In Airteagal 2(12) RCD (2024) sainítear “éalú” mar “**an ghníomhaíocht arb é atá i gceist léi nach bhfanann iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí chríoch an Bhallstáit a fhágáil gan cead a fháil ó na húdaráis inniúla, ar chúiseanna a bhfuil neart ag an iarratasóir orthu**”. Ar an gcuma chéanna, aithris 23: “...gníomhaíocht d'aon toil agus an imthoisc fhíorasach, a bhfuil neart ag an iarratasóir uirthi, nach bhfuil sé nó sí ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí imeacht ó chríoch an Bhallstáit ina gceanglaítear ar an iarratasóir a bheith i láthair.”



Mar an gcéanna, i réimse an fhille, tagraíonn an baol éalaithe do chúiseanna sonracha a bheith ann i gcás aonair, bunaithe ar chritéir oibiachtúla arna sainiú ag an dlí, chun a chreidiúint go bhféadfadh TCN atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh éalú ⁽⁷³⁾. In éagmais critéir shoiléire a leagtar síos sa Treoir um Fhilleadh nó sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht na critéir oibiachtúla atá le húsáid chun an baol sin a chinneadh a leagan síos go soiléir ina ndlí náisiúnta ⁽⁷⁴⁾.

Méid an chomhair

Gné bhreise atá le cur san áireamh is ea an méid comhair a léiríonn an duine aonair lena mbaineann agus cinneadh á dhéanamh maidir le coinneáil nó AtD a chur i bhfeidhm. Go deimhin, d'fhéadfadh an rún sainráite gan comhoibriú nó an easpa de chomhar fíorasach a bheith i bhfabhar cinneadh i ndáil le coinneáil. Fiú sa chás sin, níor cheart breathnú ar an staid sin ina haonar, ach ba cheart í a bhreithniú i gcomhthéacs na n-imthosca aonair foriomlána.

Meastóireacht a dhéanamh ar thosca leochaileachta

Ní mór an measúnú ar ghnéithe comhlíonta leis an nós imeachta, ar an mbaol éalaithe agus ar an méid comhair a chothromú trí mheasúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí: ní mór tosca amhail riochtaí sláinte, láithreach cleithiúnaithe agus aois an duine aonair a bhreithniú go cúramach. Dearbhaítear é sin le haithris 21 RCD (2024) ar dá réir ba cheart gnéithe ábhartha de staid aonair an iarratasóra, lena n-áirítear a riachtanais ghlactha speisialta, a chur san áireamh sna cinní uile lena gcuirtear srian ar shaoirse gluaiseachta iarratasóra. Sa chiall sin, ceanglaítear ar na húdaráis na daoine ar leochaileach a staid a **shainaithint** agus **measúnú** a dhéanamh ar a riachtanais shonracha ghlactha agus/nó nós imeachta.



Uirlisí gaolmhara EUAA

Is é an aidhm atá leis an **uirlis IPSN** tacú leis na húdaráis agus le pearsanra speisialaithe chun daoine a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta agus/nó ghlactha acu a shainaithint go tráthúil. Is féidir an uirlis a úsáid ag céim ar bith den nós imeachta tearmainn agus den phróiseas glactha chun aon leochaileacht atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

Tá sé i gceist go gcabhrófar a bhuí leis an **uirlis SNVA** le pearsanra speisialaithe measúnú a dhéanamh ar riachtanais shonracha iarratasóirí agus go soláthrófar léi creat le haghaidh measúnú agus tacaíocht leanúnach.

Ní mór do Bhallstáit a bheith an-airdeallach maidir le riachtanais shonracha daoine i staid leochaileach a aithint agus déileáil leo ⁽⁷⁵⁾. Áirítear ar na tosca leochaileachta atá le cur san áireamh, mar shampla, cé acu leanbh (neamhthionlachta nó gan bheith neamhthionlachta),

⁽⁷³⁾ Airteagal 3(7) den Treoir um Fhilleadh.

⁽⁷⁴⁾ Féach freisin CBAE, breithiúnas an 15 Márta 2017, [Policie ČR, Krajské ředitelství policie Ústeckého kraje, odbor cizinecké policie v Salah Al Chodor e.a.](#) [Policie ČR, Krajské ředitelství policie Ústeckého kraje, odbor cizinecké policie v Salah Al Chodor e.a.], C-528/15, mír 28. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽⁷⁵⁾ Féach Airteagal 24 RCD (2024) agus Airteagal 3(9) den Treoir um Fhilleadh le haghaidh na sainmhínte faoi seach ar chatagóirí daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu





tuismitheoir aonair ag a bhfuil leanaí nó duine scothaosta é an duine, an bhfuil siad faoi mhíchumas nó an bhfuil aon riocht sláinte (fisiceach nó meabhrach) orthu nach bhfuil comhoiriúnach leis an gcoinneáil (lena n-áirítear riochtaí a n-éilítear leo cóireálacha leighis nach féidir a sholáthar i suíomhanna coinneála) nó cé acu a d'fhéadfadh siad a bheith ina marthanóirí na gáinneála ar dhaoine ⁽⁷⁶⁾, céastóireacht, éigniú nó cineálacha eile d'fhoréigean síceolaíoch, fisiceach nó gnéasach amhail foréigean inscnebhunaithe, ciorrú ball giniúna ban, pósadh leanaí nó pósadh éigeantais, nó foréigean a dhéantar ar chúis ghnéasach, inscne, chiníoch nó reiligiúnach.

Coinneáil iarratasóirí a bhfuil riachtanais ghlacktha speisialta acu

Is ceadmhach iarratasóirí a bhfuil riachtanais ghlacktha speisialta acu a chur faoi choinneáil faoin RCD (2024), i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ach amháin má bhreithnítear go gcuirfidh coinneáil a sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte i mbaol tromchúiseach ⁽⁷⁷⁾.

Má chuirtear coinneáil i bhfeidhm, ní mór ráthaíochtaí áirithe a bheith i bhfeidhm freisin, ós rud é gur féidir le cailleadh saoirse dochar ar leith a dhéanamh d'iarratasóirí ar leochaileach a staid agus go bhféadfadh an baol a bheith ann go ndéanfaí a leochaileachtaí a ghéarú, rud a d'fhágfadh go mbeadh tuilleadh tráma ann a chuirfeadh bac ar a gcumas teacht ar ais chucu féin agus ar a gcumas chun imeasctha.

Mar a léirítear le hAirteagal 10(3) RCD (2024), 'Agus iarratasóir á choinneáil nó á coinneáil, cuirfidh na Ballstáit aon chomharthaí infheicthe, ráitis nó iompar san áireamh lena léirítear go bhfuil riachtanais ghlacktha speisialta ag an iarratasóir. I gcás nach bhfuil an "[measúnú leochaileachta dá bhforáiltear in Airteagal 25] curtha i gcrích go fóill, déanfar é a chur i gcrích gan moill mhíchúí agus cuirfear a thorthaí san áireamh agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an leanfar den choinneáil nó an gá na dálaí coinneála a choigeartú" (féach "[Treoirlíne 9](#)").

Thairis sin, ní mór do Bhallstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais ghlacktha speisialta acu, agus go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach dóibh, agus a staid ar leith á cur san áireamh, lena n-áirítear a sláinte fhisiciúil agus a meabhairshláinte ⁽⁷⁸⁾.

I ngach cás a bhaineann le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, ní mór tosaíocht a thabhairt do AtDanna d'fhonn a ndea-bhail a áirithiú, d'fhonn an tacaíocht is

⁽⁷⁶⁾ Áirithítear le prionsabal an neamhphionós d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine nach ngearrfar pionós ar dhaoine aonair a ndearnadh gáinneáil orthu nó a bhfuil an baol ann go ndéanfaí gáinneáil orthu as coireanna a dhéantar faoi chomhéigean agus gan a dtoiliú. Luaitear i [dtreoir frithgháinneála nua an Aontais](#) nár cheart pionós a ghearradh ar íospartaigh gháinneála as gníomhaíochtaí a bhaineann lena staid gháinneála agus gur cheart an tacaíocht is gá a thabhairt dóibh chun cabhrú lena dtéarnamh agus lena n-ath-imeascadh. Nuair a bhíonn AtDanna infheidhme ar bhonn foras coinneála eile, ní mór iad a dhearadh go cúramach chun tuilleadh díobhála nó stiogmataithe a sheachaint. Ba cheart dóibh rochtain ar sheirbhísí cosanta, téarnaimh agus tacaíochta a éascú, i gcomhréir le riachtanais shonracha an duine. Féach freisin Giammarino M.G. – Rapóirtéir Speisialta maidir le gáinneáil ar dhaoine, go háirithe mná agus leanaí, [The importance of implementing the non-punishment provision: the obligation to protect victims](#) [An tábhacht a bhaineann leis an bhforáil maidir le neamhphionós a chur chun feidhme: an oibleagáid íospartaigh a chosaint], 2020.

⁽⁷⁷⁾ Féach Airteagal 13(1) RCD (2024). Cuireann roinnt Ballstát toirmeasc sainráite ina reachtaíocht náisiúnta ar chatagóirí sonracha daoine ar leochaileach a staid a chur faoi choinneáil, amhail leanaí, mná torracha, marthanóirí na gáinneála ar dhaoine agus céasadh. San Iodáil, mar shampla, toirmiscear le [Foireathne Reachtach Uimh. 142/2015](#) iad siúd nach bhfuil a sláinte nó a ndálaí leochaileacha comhoiriúnach le coinneáil, leanaí san áireamh.

⁽⁷⁸⁾ Airteagal 13(1) RCD (2024).



gá a sholáthar, agus d'fhonn seasamh lena gcearta bunúsacha. Tugtar tuilleadh sonraí faoi bhreithnithe sonracha a bhaineann le leanaí in “[Treoirlíne 7](#)”.



ECtHR, *Thimothawes v an Bheilg*, 2011 ⁽⁷⁹⁾

Chuir ECtHR in iúl go bhféadfadh cinntí ginearálta nó uathoibríocha chun iarrthóirí tearmainn a chur faoi choinneáil gan aon bhreithmheas aonair ar aon riachtanas speisialta saincheist a ardú faoi Airteagal 5(1) ECHR.

Prionsabal na hidirghabhála íosta a chur i bhfeidhm

Ba cheart go gcinnfí sa mheasúnú aonair freisin cén cineál AtDanna atá ar fáil (nó meascán díobh sin) **is oiriúnaí** d'imthosca aonair agus do riachtanais shonracha an duine lena mbaineann.

Chuipe sin, ba cheart do na húdaráis prionsabal na hidirghabhála íosta a chur san áireamh, lena gceanglaítear an beart **is lú cunórtas is féidir** ⁽⁸⁰⁾ a ghlacadh i measc na mbeart is féidir a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Go deimhin, is féidir le AtDanna a bheith an-éagsúil ó thaobh leibhéal na comhéigneachta de. D'fhéadfadh roinnt acu srianta ní b'airde a fhorchur ar shaoirse phearsanta, amhail ceanglais tuairiscithe rialta, agus b'fhéidir nach mbeadh srianta eile chomh sriantach céanna, amhail maoirseacht phobail. Mar a shoiléirigh CBAE, “**áirítear ar an ngrádú [sin] an beart lena dtugtar an tsaoirse is mó don duine lena mbaineann... agus bearta lena gcuirtear an srian is mó ar an tsaoirse sin**” ⁽⁸¹⁾.

⁽⁷⁹⁾ ECtHR, breithiúnas an 4 Aibreán 2017, *Thimothawes v an Bheilg*, Uimh. 39061/11, mír 73, ECLI:CE:ECHR:2017:0404JUD003906111. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).


⁽⁸⁰⁾ Bustamante J., *Report of the Special Rapporteur on the human rights of migrants* [Tuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta maidir le cearta an duine atá ag imircigh], A/65/222, 2010, mír 92(a) agus mír 95; Coiste CRC, *Report of the 2012 Day of General Discussion on the Rights of All Children in the Context of International Migration* [Tuarascáil ar Lá an Phlé Ghinearálta 2012 maidir le cearta gach leanbh i gcomhthéacs na himirce idirnáisiúnta], 2012, mír 79; UNHCR, *Treoirlínte Coinneála*, op. cit., fonóta 14, treoirlíne 4.3, mír 39.

⁽⁸¹⁾ CBAE, breithiúnas an 28 Aibreán 2011, *Hassen el Dridi, ailias Karim Soufi*, C-61/112 PPU, EU:C:2011:268, mír 41. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).





Fíor 4. Sampla de scála aistritheach leibhéal sriantach na mbeart



Léirítear san fhíor scála aistritheach féideartha de bhearta ón mbeart lena mbaineann an méid is mó srianta (ag an mbun) go dtí an beart lena mbaineann an méid is lú srianta (ag an mbarr). Is léargas tásach é sin, ós rud é go bhféadfadh méid iarbhir na srianta a chinneadh bunaithe ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcás sonracha. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tuairisciú ísealmhnicíochta chomh sriantach céanna le bheith ag cónaí in ionad leathoscailte. Os a choinne sin, d'fhéadfadh tuairisciú ísealmhnicíochta a bheith ní ba shriantaí ná a bheith ag cónaí in ionad oscailte.

Breithniú a dhéanamh ar chineál, ar fhad agus ar thionchar

Ní hamháin gurb é an AtD is oiriúnaí an AtD is lú cunórtas, ach is ionann é freisin agus an AtD is oiriúnaí don chás sonracha, agus na himthosca aonair agus na tosca leochaileachta á gcur san áireamh. Nuair a bhíonn an AtD is oiriúnaí á roghnú acu, ní mór d'údaráis aird ar leith a thabhairt ar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear na gnéithe thíos.

- **Cineál AtD *vis-à-vis* an spriocghrúpa**

An cineál rogha malartaí eile, cé acu atá nó nach bhfuil ceanglais tuairiscithe, faireachán tréimhsiúil, cónaí ainmnithe, maoirseacht phobail i gceist léi. Mar shampla, tá socruithe cúraim teaghlaigh níos oiriúnaí do leanaí neamhthionlactha nó scartha; tá árasáin nó saoráidí tiomnaithe níos oiriúnaí do theaghlaigh.

- **Fad AtD**

Ba cheart srianta fadtéarmacha a sheachaint mura bhfuil gá leo sna himthosca aonair agus ba cheart go mbeidís faoi réir athbhreithniú breithiúnach rialta. I bprionsabal, dá





fhaide an tréimhse is ea is lú srianta ba cheart a bheith sna AtDanna. Ba cheart cloí i gcónaí le teorainn ama an AtD arna fhorchur.

- **Tionchar ar an duine aonair**

Tionchar AtDanna ar shaol an duine aonair, lena n-áirítear a gcumas na hoibleagáidí a chomhlíonadh, obair a dhéanamh, rochtain a fháil ar oideachas, cúram sláinte a fháil, agus naisc teaghlaigh agus leis an bpobal a chothabháil.

Na hoibleagáidí a chalabhrú

Nuair a bhíonn AtD á chur i bhfeidhm sa chás aonair, ba cheart do na húdaráis na hoibleagáidí is gá a choigeartú freisin d'fhonn a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach chun freastal ar imthosca an duine aonair. Ba cheart go mbeadh na hamanna tuairiscithe agus an mhinicíocht tuairiscithe solúbtha agus ba cheart uaireanta oibre agus riochtaí sláinte an duine aonair, inter alia, a chur san áireamh iontu. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tuairisciú pearsanta ar an láthair iomchuí do dhaoine faoi lagú fisiceach, agus d'fhéadfadh tuairisciú leictreonach a bheith ní b'oiriúnaí dóibh. D'fhéadfadh an oibleagáid cónaí i limistéar ainmnithe a bheith ní b'oiriúnaí ná tuairisciú do dhuine atá ag obair nó do dhuine atá ag tabhairt aire do leanaí.

Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar shocruithe AtD chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanas agus ar a gcomhréireacht leanúnach, agus coigeartuithe is gá a dhéanamh bunaithe ar aon athrú ar imthosca nó ar leochaileachtaí an duine aonair (féach freisin [“Treoirlíne 9”](#)).

Fógra maidir le cinntí

Ní mór an cinneadh maidir le AtDanna a chur i bhfeidhm a chur in iúl go pras agus i scríbhinn don duine aonair lena mbaineann. Fónann an fógra i scríbhinn mar dhoiciméad oifigiúil ar féidir leis an duine aonair agus leis na húdaráis ábhartha araon tagairt a dhéanamh dó. Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta, ba cheart an fógra a sholáthar i bhformáid a bhfuil rochtain ag an duine aonair uirthi, agus aon bhacainn teanga nó litearthachta a chur san áireamh. Ba cheart a áireamh ann míniú mionsonraithe ar na cúiseanna a bhfuil gá leis na AtDanna sonracha, agus tagairt á déanamh d'ábhair inmí nó do thosca sonracha as ar eascair an measúnú ar phróifíl riosca an duine aonair, amhail cruthúnas de chomhlíonadh cheana féin. Ina theannta sin, ba cheart faisnéis shoiléir a chur ar fáil san fhógra maidir leis an **gceart chun leigheas éifeachtach** (féach [“Treoirlíne 4”](#)), le teoracha maidir le conas an próiseas seo a thionscnamh, cabhair dhlíthiúil a iarraidh agus faisnéis bhreise nó fianaise bhreise a chur isteach lena hathbhreithniú. D'fhéadfadh moill ar fhógra bac a chur ar chumas an duine aonair agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir le AtDanna (féach [“Treoirlíne 9”](#)).





Dea-chleachtas

Áirítear leis an bhfógra faisnéis teagmhála pointe teagmhála ainmnithe laistigh d'údaráis inimirce nó tearmainn, ar féidir leis an duine aonair lena mbaineann aon cheist nó ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an gcinneadh maidir le AtDanna a chur faoina mbráid.

Athbhreithniú praiticiúil

Nuair a bhíonn roghanna malartacha á gcur i bhfeidhm, ní mór na trí phríomhchéim thíos a chur i gcrích.

1. Measúnú riosca atá curtha in oiriúint don duine aonair a dhéanamh

Ní mór measúnú riosca a chur i gcrích chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht nach gcomhlíonfaidh an duine aonair ceanglais nós imeachta agus/nó go n-éalóidh siad. Is éard atá i gceist leis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáschomhad aonair agus, más gá, an duine a chur faoi agallamh chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar a stair. Le linn an mheasúnaithe riosca, ní hamháin gur cheart do na húdaráis féachaint ar tháscairí neamhchomhlíonta nó baol éalaithe (e.g. cruthúnas de chomhlíonadh AtDanna roimhe seo agus stair/fianaise maidir le héalú), ach ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh freisin ar thosca a d'fhéadfadh baol den sórt sin a laghdú, lena n-áirítear naisc theaghlaigh, naisc leis an bpobal, fostaíocht nó rannpháirtíocht i gcúrsaí oideachais. Ba cheart spreagadh agus toilteanas an duine aonair comhoibriú leis na húdaráis agus oibleagáidí AtDanna a chomhlíonadh a chur san áireamh freisin. Ba cheart go dtacódh an fhaisnéis go léir a bhailítear leis na húdaráis chun na hionchais neamhchomhlíonta agus chun an baol éalaithe a chinneadh. Tá an measúnú sin ríthábhachtach chun cinneadh a dhéanamh maidir le cineál agus leibhéal iomchuí AtDanna, lena n-áirítear go léirítear leibhéal baoil an duine aonair. Fiú má léirítear sa mheasúnú riosca go bhféadfadh neamhchomhlíonadh nó baol éalaithe a bheith ann, ní mór measúnú leochaileachta a dhéanamh.



2. Measúnú leochaileachta atá curtha in oiriúint don duine aonair a dhéanamh

Ba cheart measúnú leochaileachta a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach agus ba cheart sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte an duine aonair a scrúdú, mar aon le himthosca a dteaghlai, na heispéiris a bhí acu roimhe agus a riachtanais shonracha. Ní mór na leochaileachtaí, na rioscaí agus na tosca díobhála trasnacha a chur san áireamh, chomh maith le tosca cosantacha agus athléimneacht an duine aonair agus a líonraí sóisialta agus teaghlai. Is é an sprioc atá ann tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais uathúla an duine agus cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu.

I gcásanna a bhaineann le leanaí, go háirithe mionaoisigh neamhthionlachta (féach [“Treoirlíne 7”](#)), ní mór coimircí cosanta leanaí sonracha a chomhtháthú sa phróiseas measúnaithe aonair. Áirítear leis seo a áirithiú go bhfuil gach gníomh ar mhaithe le leas an linbh, de réir mar a cheanglaíonn caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní mór ionadaí dlíthiúil/caomhnóir a cheapadh do leanaí neamhthionlachta chun tacú lena gcearta agus chun iad a chosaint le linn an nós imeachta. Ba cheart an measúnú a dhéanamh ar bhealach atá oiriúnach do leanaí, agus aois, aibíocht agus riachtanais shonracha an linbh a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart aird chúil a thabhairt ar thuairimí an linbh i gcomhréir lena n-aois agus lena leibhéal tuisceana.

Ba cheart do ghairmithe oilte an measúnú a dhéanamh, ar gairmithe iad ar féidir leo leochaileachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, e.g. neamhord struis iarthrámaigh, míchumas fisiciúil agus riochtaí sláinte eile.

3. AtDanna a choigeartú don chás aonair

Bunaithe ar na measúnuithe leochaileachta agus riosca, ba cheart do na húdaráis na AtDanna is iomchuí a chinneadh sa chás sonrach. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa phróiseas sin go leor gnéithe, lena n-áirítear [prionsabal na hidirghabhála íosta](#) a urramú.

Ba cheart do na húdaráis na hoibleagáidí arna bhforchur ag an AtD a oiriúna a thuilleadh chun teacht le cumas an duine aonair iad a chomhlíonadh agus chun freastal ar imthosca an duine aonair. Ba cheart go mbeadh amanna agus minicíochtaí tuairiscithe solúbtha, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí coigeartuithe a dhéanamh bunaithe ar ghnáthamh laethúil agus ar dhálaí sláinte an duine aonair.

Trí sheirbhísí tacaíochta, amhail comhairleoireacht, tacaíocht shíceasóisialta, cúram leighis agus cabhair dhlíthiúil a chomhtháthú sa scéim AtD, is féidir aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais an duine aonair (féach freisin [“Treoirlíne 8”](#)). Ina theannta sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe AtD chun measúnú a dhéanamh ar a riachtanas agus ar a gcomhréireacht leanúnach, agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh bunaithe ar aon athrú ar imthosca nó ar leochaileachtaí an duine aonair (féach freisin [“Treoirlíne 9”](#)).

Ba cheart go mbainfí cothromaíocht amach leis an mbeart a roghnófaí ar deireadh idir comhlíonadh nósanna imeachta tearmainn nó nósanna imeachta um fhilleadh a áirithiú agus an tionchar ar shaoirse agus ar shaol laethúil an duine a íoslaghdú.



Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Torthaí scagtha a chomhtháthú i measúnuithe riosca agus leochaileachta

Tá sé ríthábhachtach réamhthorthaí an phróisis scagtha a chomhtháthú sna measúnuithe riosca agus leochaileachta a dhéantar le linn na nósanna imeachta teorann. Cuidíonn sé sin le hagallaimh bhreise nach bhfuil gá leo a chosc agus seachnaítear “athíospairt” daoine ar leochaileach a staid, rud a d’fhéadfadh tarlú nuair a bhíonn daoine aonair a d’fhulaing tráma nó anacair faoi réir nósanna imeachta athfhillteacha nó ionracha ceistiúcháin a d’fhéadfadh cuimhní ar thrámaí roimhe seo a spreagadh. Ní hamháin go mbíonn an athíospairt mar bhonn le hanacair shíceolaíoch an duine a dhéanamh níos measa ach laghdaíonn sé freisin a muinín as na húdaráis agus as an gcóras cosanta foriomlán.

Chun próiseas éifeachtúil a áirithiú, ba cheart torthaí na seiceálacha sláinte agus leochaileachta tosaigh a rinneadh le linn an scagtha a roinnt go pras leis na húdaráis ábhartha atá freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le coinneáil nó AtD. Cuireann sé sin ar a gcumas cur leis an bhfaisnéis a bailíodh cheana, seachas an próiseas measúnaithe a atosú ón tús.

Tá sé ríthábhachtach go gcomhordaítear comhroinnt faisnéise agus go ndírítear go sonrach léi ar na húdaráis a mbíonn baint acu le céimeanna éagsúla an phróisis nó ar na heintitis eile a bhfuil sé de chúram orthu cinntí sonracha a dhéanamh maidir leis an gcás aonair. Ní mór go mbeadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS ⁽⁸²⁾) á chomhlíonadh ag comhroinnt faisnéise chun a áirithiú go láimhseáiltear sonraí pearsanta go dleathach, go slán agus le hurraim do phríobháideacht an duine aonair. Ní mór dianrúndacht a chothabháil, agus ní mór toiliú an duine aonair a fháil, nuair is iomchuí, sula gcomhroinntear sonraí pearsanta.

Nósanna imeachta teorann agus iarratasóirí a bhfuil riachtanais shonracha acu

Má tá riachtanais ghhlactha speisialta ag an duine nach féidir freastal orthu ag an teorainn, tá sé d’oibleagáid ar an mBallstát teacht isteach a údarú agus an duine aonair a threorú chuig an nós imeachta iomchuí. Ba cheart go bhfaigheadh iarratasóirí a shaináithnítear mar iarratasóirí a bhfuil ráthaíochtaí nós imeachta speisialta de dhíth orthu tacaíocht iomchuí chun rochtain iontaofa agus éifeachtach ar na nósanna imeachta a áirithiú ⁽⁸³⁾. Ba cheart an tacaíocht is gá laistigh de nósanna imeachta teorann a chinneadh trí mheasúnuithe aonair agus féadfar a áireamh inti, mar shampla, rochtain ar chúram leighis speisialaithe, amhail tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta do dhaoine aonair a bhfuil tráma nó riochtaí meabhairshláinte eile orthu.

⁽⁸²⁾ [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le sairse gluaiseachta sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88).

⁽⁸³⁾ Aithris 20 RNIT.





Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis freisin cóiríocht a chur ar fáil atá oiriúnaithe do riachtanais daoine ar leochaileach a staid ⁽⁸⁴⁾, infhaighteacht ateangairí, cabhair dhlíthiúil agus/nó ionadaíocht dhlíthiúil a áirithiú de réir mar is gá, nó saoráidí agus seirbhísí atá oiriúnach do theaghlaigh a thairiscint atá saincheaptha do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu, lena n-áirítear bearta cosanta leanaí, rochtain ar oideachas agus cúram sláinte iomchuí (féach freisin [“Treoirlíne 7”](#)). Níor cheart nósanna imeachta teorann a chur i bhfeidhm mura féidir tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil.

An measúnú aonair sna nósanna imeachta teorann

Ní mór a mheabhú go gceanglófar ar iarratasóirí, le linn an nós imeachta teorann um thearmann mar a leagtar amach in RNIT é, cónaí sna suíomhanna ina dtarlaíonn an nós imeachta teorann (ag an teorainn nó gar don teorainn nó laistigh den chríoch ag brath ar an áit ina bhfuil na suíomhanna lonnaithe). Tá ceanglas den sórt sin maidir le cónaí in áit áirithe bunaithe ar Airteagal 9 RCD (2024).

Sa nós imeachta teorann um thearmann, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach measúnú a dhéanamh ar an mbaol éalaithe d'iarratasóirí nuathagtha, toisc go bhféadfadh táscairí a bheith teoranta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh dóthain faisnéise ag Ballstáit faoin duine aonair, go háirithe i bhfianaise an tráthchláir ghearr chun an measúnú a dhéanamh. Cé gur ar Bhallstáit amháin atá an fhreagracht as AtDanna is infheidhme a chinneadh, bíonn ról ríthábhachtach i gceist le comhoibriú gníomhach an iarratasóra. Nuair a chuirtear iarratasóirí ar an eolas faoin bpróiseas agus nuair a spreagtar iad chun faisnéis phearsanta ábhartha a chomhroinnt, is féidir leis sin tacú go mór leis an mBallstát meastóireacht níos cruinne a dhéanamh ar AtDanna, atá saincheaptha d'imthosca an iarratasóra.

Ag tús an nós imeachta teorann um fhilleadh, ní mór measúnú nua a dhéanamh chun a bhunú cibé an bhfuil coinneáil fós infheidhme, agus é á chur san áireamh freisin nach bhféadfar coinneáil a chothabháil ach amháin má tá ionchas réasúnach ann go n-aistreofar í agus má tá na socruithe gaolmhara á gcur i gcrích le dícheall cuí ⁽⁸⁵⁾. Mura gcomhlíontar coinníollacha den sórt sin nó má scoireann siad d'fheidhm a bheith acu, ní bheidh coinneáil infheidhme a thuilleadh agus ní mór an duine aonair a scaoileadh (féach freisin [“Treoirlíne 10”](#)).

Is féidir le TCN(anna) a cuireadh faoi choinneáil le linn an nós imeachta teorann um thearmann fanacht i gcoinneáil le linn an nós imeachta teorann um fhilleadh más féidir leis na húdaráis náisiúnta a chruthú go bhfuil na ceanglais choinneála fós i bhfeidhm agus nach bhfuil aon imthosc nua ann, go háirithe iad siúd a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs um fhilleadh (e.g. níl aon ionchas réasúnach aistrithe ann) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an measúnú i ngach cás ar leith.

⁽⁸⁴⁾ Airteagal 24 RCD (2024). Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ar chóiríocht inrochtana, ar iompar nó ar threalamh speisialta leighis ag teastáil ó dhuine a bhfuil a soghluaisteacht teoranta.

⁽⁸⁵⁾ Airteagal 5(4) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.





Os a choinne sin, dá gcuirfí AtD i bhfeidhm le linn an nós imeachta teorann um thearmann agus dá gcomhlíonfadh an t-iarratasóir é, ba cheart a bheith ag súil go bhféadfadh an beart céanna a bheith leordhóthanach le linn an nós imeachta teorann um fhilleadh. Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh gur dócha go dtiocfaidh méadú ar an mbaol éalaithe i gcásanna áirithe tar éis diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú cúramach a dhéanamh ar an mbaol sin ag tús an nós imeachta teorann um fhilleadh.





Treoirlíne 7

Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm, de ghnáth, aon uair a chuirtear coinneáil leanaí san áireamh, i gcomhréir le prionsabal leas an linbh

Creath dlíthiúil an Aontais

Aithnítear i reachtaíocht an Aontais nár cheart, de ghnáth, leanaí a chur faoi choinneáil ⁽⁸⁶⁾ agus gur beart rogha deiridh é coinneáil nach bhfuil incheadaithe ach amháin in imthosca eisceachtúla ⁽⁸⁷⁾. Leagtar béim in RCD (2024) ar an bpointe nach mór do Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar an treoir a chuireann CRC ar fáil ⁽⁸⁸⁾ agus iad ag déileáil le leanaí.

Go háirithe, le RCD (2024) tugadh isteach gnéithe úrnua maidir leis na himthosca **eisceachtúla** ina bhféadfadh coinneáil leanaí tarlú. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin nuair is chun leasa an linbh é coinneáil, e.g. i gcás ina gcoinnítear tuismitheoir nó príomhchúramóir an linbh thionlactha freisin agus gur chun leasa an linbh é fanacht leo, nó i gcás ina gcosnaítear an leanbh neamhthionlactha a bhuíochas den choinneáil ⁽⁸⁹⁾.

⁽⁸⁶⁾ Tá comhthoil leathan idirnáisiúnta ann (e.g. an Coiste um Chearta an Linbh, an Coiste maidir le Cearta na nOibríthe Imirceacha Uile agus Dhaoine dá dTeaghlach a Chosaint agus Meitheal na Náisiún Aontaithe um Choinneáil Threallach) maidir leis an bhfíric nár cheart leanaí a chur faoi choinneáil chun críocha inimirce, beag beann ar a stádas dlíthiúil/imirceach féin ná ar stádas dlíthiúil/imirceach a dtuismitheoirí, agus nach chun a leasa riamh í an choinneáil. Tá éifeachtaí díobhálacha na coinneála ar leanaí doiciméadaithe go maith agus doshéanta. Beag beann ar an bhfad agus ar na dálaí ina gcoinnítear leanaí, d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach agus diúltach a bheith ag coinneáil ar shláinte agus ar fhorbairt an linbh. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá sé mar aidhm ag roinnt tionscnamh deireadh a chur le coinneáil inimirceach leanaí, agus táthar ag iarraidh ar Stáit deireadh a chur leis an gcleachtas sin. Féach Comhthionóil Ginearálta na Náisiún Aontaithe, [Global Compact for Safe, Orderly and Regular Migration](#) [An Comhshocrú Domhanda maidir leis an Imirce Shábháilte, Ordúil, Rialta], 2018, Cuspóir 13, mír 29(h); UNHCR, [Beyond Detention – A Global Strategy to support governments to end the detention of asylum seekers and refugees – 2014-2019](#) [Lasmuigh den choinneáil – Straitéis dhomhanda chun tacú le rialtais deireadh a chur le coinneáil iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe – 2014-2019], Sprioc 1, athbhreithniú 1, 2024; Felipe González M., [Report of the Special Rapporteur on the human rights of migrants – Ending immigration detention of children and providing adequate care and reception for them](#) [Tuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta maidir le cearta an duine atá ag imircigh – Deireadh a chur le coinneáil inimirceach leanaí agus cúram agus fáil leordhóthanach a sholáthar dóibh], 2020; Coiste na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na nOibríthe Imirceacha uile agus Dhaoine dá dTeaghlach a Chosaint [Joint general comment No 4 \(2017\) of the Committee on the Protection of the Rights of All Migrant Workers and Members of Their Families and No 23 \(2017\) of the Committee on the Rights of the Child on State obligations regarding the human rights of children in the context of international migration in countries of origin, transit, destination and return](#) [Barúil Ghinearálta Chomhpháirteach Uimh. 4 (2017) ón gCoiste maidir le Cearta na nOibríthe Imirceacha uile agus Dhaoine dá dTeaghlach a Chosaint agus Uimh. 23 (2017) ón gCoiste um Chearta an Linbh maidir le hoibleagáidí Stáit i ndáil leis na cearta an duine atá ag leanaí i gcomhthéacs imirce idirnáisiúnta i dtíortha tionscnaimh, idirthurais, cinn scríbe agus fillte], 2017.

⁽⁸⁷⁾ Aithris 40 agus Airteagal 13(2) RCD (2024); Airteagal 17(1) den Treoir um Fhilleadh.

⁽⁸⁸⁾ Luaitear an méid seo a leanas in aithris 40 RCD (2024), caithfidh “[...] na Ballstáit Dearbhú Nua-Eabhrac maidir le Dídeanaithe agus Imircigh an 19 Meán Fómhair 2016, treoir údarásach ábhartha ó chomhlacht conartha na Náisiún Aontaithe maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989 agus cásdlí ábhartha a chur san áireamh.

⁽⁸⁹⁾ Airteagal 13(2) RCD (2024).





Ní fhéadfar leanaí a chur faoi choinneáil ach amháin san imthoisc eisceachtúil ina meastar go bhfuil an choinneáil chun leasa an linbh ⁽⁹⁰⁾.



Treoir phraiticiúil maidir le leas an linbh i nósanna imeachta tearmainn ⁽⁹¹⁾

Tacaíonn an treoir seo le húdaráis thíortha AE+ chun prionsabal leas an linbh a chur i bhfeidhm. Clúdaítear ann gnéithe cúlra de leas an linbh, ráthaíochtaí ábhartha, treoir maidir le conas measúnú a dhéanamh ar na leasanna is fearr i gcleachtas agus táscairí leochaileachta agus riosca

Ráthaíochtaí treisithe do leanaí atá faoi choinneáil

Sna cásanna eisceachtúla ina gcailltear saoirse linbh lasmuigh de na ráthaíochtaí is infheidhme maidir le gach duine atá faoi choinneáil ⁽⁹²⁾, ní mór an méid seo a leanas a urramú.

- Ba cheart gach iarracht a dhéanamh an leanbh atá á gcoinneáil a scaoileadh saor agus é nó í a chur i gcóiríocht oiriúnach ⁽⁹³⁾.
- Ráthaítear ceart chun oideachais an linbh ⁽⁹⁴⁾ agus an fhéidearthacht chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí súgartha agus áineasa atá oiriúnach dá n-aois ⁽⁹⁵⁾.
- Ní choinnítear an leanbh riamh i bpríosún ná i saoráidí a úsáidtear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí ⁽⁹⁶⁾.
- Ba cheart cóiríocht ar leith a chur ar fáil do theaghlaigh faoi choinneáil lena ráthaítear príobháideachas leordhóthanach agus a chuirtear in oiriúint do ríochtanais leanaí ⁽⁹⁷⁾.
- Tá caighdeáin mhaireachtála leordhóthanach d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta an linbh ⁽⁹⁸⁾.
- Tá rochtain ag an leanbh faoi choinneáil ar leigheasanna éifeachtacha agus ar ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ⁽⁹⁹⁾.

Ina theannta sin, tá feidhm ag na forálacha sonracha thíos maidir le leanaí neamhthionlactha.

⁽⁹⁰⁾ Is bunphrionsabal den dlí idirnáisiúnta agus den dlí Eorpach é leas an linbh, mar a leagtar amach in Airteagal 24 den Chairt agus in Airteagal 3 CRC. Ceanglaítear leis go dtabharfar tús áite do leas an linbh i ngach gníomhaíocht a dhéanann difear dóibh.

⁽⁹¹⁾ EASO, *Practical guide on the best interests of the child in asylum procedures* [Treoir phraiticiúil maidir le leasa an linbh i nósanna imeachta tearmainn], Feabhra 2019.

⁽⁹²⁾ Tá feidhm ag na ráthaíochtaí is infheidhme maidir le gach iarratasóir faoi choinneáil nó TCN(anna) freisin maidir le leanaí, lena n-áirítear nach mór coinneáil a bheith ar feadh na tréimhse ama is giorra is féidir agus nach mór ordú coinneála a eisiúint i scríbhinn i gcónaí, ina sonraítear na forais fhíorasacha agus dhlíthiúla ar a bhfuil sé bunaithe, chomh maith le fad na coinneála. Ina theannta sin, ní mór ionadaí dlíthiúil nó caomhnóir a cheapadh i ngach cás, is cuma cé acu a chuirtear coinneáil nó AtD i bhfeidhm. Tá sé sin fóir-riachtanach chun a áirithiú gur féidir le leanaí iarratas a thaisceadh nó agóid a dhéanamh in aghaidh ordú coinneála go héifeachtach. Ní bhraitheann an oibleagáid ionadaí a cheapadh ar an stádas coinneála ach is coimirce éigeantach í chun seasamh lena gcearta dlíthiúla agus chun cóir chothrom a áirithiú ar feadh an phróisis.

⁽⁹³⁾ Airteagal 13(2) RCD (2024); Airteagal 17(1) agus (4) an Treoir um Fhilleadh.

⁽⁹⁴⁾ I gcomhréir le hAirteagal 16 RCD (2024).

⁽⁹⁵⁾ Airteagal 13(2) RCD (2024); Airteagal 17(3) den Treoir um Fhilleadh.

⁽⁹⁶⁾ Airteagal 13(2) RCD (2024).

⁽⁹⁷⁾ Airteagal 13(4) RCD (2024).

⁽⁹⁸⁾ Airteagal 26(1) RCD (2024).

⁽⁹⁹⁾ Airteagal 29 RCD (2024); Airteagal 13 Treoir um Fhilleadh.



- Ba cheart cóiríocht a chur ar fáil do leanaí neamhthionlactha ar leithligh ó dhaoine fásta ⁽¹⁰⁰⁾.
- Ní mór cóiríocht a chur ar fáil do leanaí, a mhéid is féidir, in institiúidí ina bhfuil pearsanra cáilithe agus saoráidí atá oiriúnach do riachtanais a n-aoisghrúpa agus ar leithligh de réir inscne ⁽¹⁰¹⁾.



ECtHR, *Rahimi v an Ghréig* ⁽¹⁰²⁾

Sa chás sin, leag ECtHR béim ar an bpointe, faoi Airteagal 5(1)(f) ECHR, nach mór aird ar leith a thabhairt ar AtDanna do dhaoine aonair nó do ghrúpaí i gcásanna leochaileacha chun a áirithiú go ndéanfar aon choinneáil de mheon macánta agus go mbeidh sí saor ó threallachas. **Chinn an Chúirt go sainráite nach mór AtDanna a bhreithniú le haghaidh leanaí neamhthionlactha.** Cuireann sé sin béim ar an oibleagáid atá ar na húdaráis tosaíocht a thabhairt do bhearta neamhchoinneála agus do mheasúnuithe críochnúla agus atá curtha in oiriúint don duine aonair a dhéanamh ar gach cás, lena n-áiritheofar go gcuirfear na bearta is iomchuí agus lena mbaineann an líon is lú srianta i bhfeidhm.



ECtHR, *Kanagaratnam agus eile v an Bheilg* ⁽¹⁰³⁾

Chinn an Chúirt, trí na leanaí a chur i saoráid dhúnta, gur fhág údaráis na Beilge gur neamhchosanta ar imní a bhí siad agus gur chuir siad a bhforbairt i mbaol, arb ionann an méid sin agus íde atá mídhonna agus táireach atá de shárú ar Airteagal 3. Rialaigh an Chúirt freisin gur theip ar na húdaráis, trína gcoinneáil i ndálaí a bhí oiriúnach d'inimircigh neamhdhleathacha fásta, ceart na leanaí chun saoirse a chosaint, rud lenar sáraíodh Airteagal 5.1.

Roghanna malartacha ar choinneáil do leanaí neamhthionlactha agus scartha

Ní mór do Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar AtDanna a sheasann le leas an linbh agus a thugann tús áite a thabhairt dá bhfolláine, lena n-áirítear trí leanaí a chur i dtimpeallachtaí sábháilte.

D'fhéadfaí a áireamh ar na roghanna cóiríochta, mar shampla, socrúchán in ionaid ghlactha speisialaithe, cúram altrama nó roghanna pobalbhunaithe ina bhfaigheann leanaí cúram agus cosaint iomchuí (féach "[Treoirlíne 3](#)"). Ó thaobh na praiticiúlachta de, d'fhéadfadh na háiteanna ina bhfreastalaítear ar leanaí atá agus nach bhfuilfaoi réir AtDanna a bheith mar an gcéanna: is é an phríomhdhifear ná **foras coinneála** a bheith ann (féach "[Treoirlíne 1](#)")

⁽¹⁰⁰⁾ Airteagal 13(3) RCD (2024) agus Airteagal 17(4)-(5) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹⁰¹⁾ Airteagal 13(3) RCD (2024) agus Airteagal 17(4) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹⁰²⁾ ECtHR, breithiúnas an 5 Aibreán 2011, *Rahimi v an Ghréig*, Uimh. 8687/08, ECLI:CE:ECHR:2011:0405JUD000868708. Tá achoimre ar fáil i [mBunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#).

⁽¹⁰³⁾ ECtHR, Breithiúnas dlísheomra an 13 Nollaig 2011, *Kanagaratnam agus eile v an Bheilg*, Uimh. 15297/09 (breithiúnas i bhFraincis). Tá preaseisiúint ar fáil i [mBéarla](#).





Níos tábhachtaí fós, nuair a bhíonn cur chuige AtD á chur chun feidhme, bíonn cur chuige amháin a oireann do chách neamhéifeachtach. Tá sé ríthábhachtach tairbhe a bhaint as straitéis aonair, measúnú a dhéanamh ar imthosca gach linbh agus a áirithiú go dtabharfaidh na bearta roghnaithe aghaidh go héifeachtach ar riachtanais shonracha an linbh agus a gcearta a chosaint ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh foirne ildisciplíneacha páirteach i measúnuithe aonair, lena n-áirítear síceolaithe leanaí, oibríthe sóisialta agus saineolaithe dlí, chun cur chuige iomlánaíoch a áirithiú.

Ba cheart go mbeadh roinnt réiteach ar fáil agus, go minic, ní mór roghanna malartacha eagsúla a úsáid le chéile chun freastal ar an mbealach is fearr agus is féidir ar riachtanais chultúrtha agus teanga gach linbh. Sa chiall sin, tá bainistiú cásanna éifeachtach ríthábhachtach chun folláine an linbh a áirithiú, beag beann ar an rogha mhalartach nó na roghanna malartacha a roghnaítear (féach “[Treoirlíne 8](#)”).

I gcás leanaí neamhthionlactha agus scartha, cuireann cúram altrama, lena n-áirítear socrúcháin le teaghlach sínte nó laistigh de líonraí pobail, timpeallacht atá cosúil le teaghlach ar fáil agus cuidíonn sé le caidreamh muiníneach a bhunú lenar féidir an dóchúlacht go n-imeoidh leanaí ó chúram a laghdú. Ba cheart go bhfaigheadh teaghlaigh altrama an tacaíocht agus an oiliúint ba ghá chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha an linbh, lena n-áireofaí iarmhairtí a n-eispéireas imirce a bhainistiú, chomh maith le mí-úsáid agus dúshaothrú a chosc. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh sé gurbh fhearr a d’oirfeadh socruithe maireachtála neamhspleácha d’ógánaigh ní ba shine, amhail teaghlaigh atá faoi cheannas leanaí, i gcás ina nglacann siblín nó piara níos sine le ról maoirseachta. Ba cheart go mbeadh **córas faireacháin treisithe** mar bhonn leis na socruithe sin chun timpeallacht shábháilte agus thacúil a áirithiú. D’fhéadfadh socrúchán in árasáin ghrúpa a bheith ina réiteach freisin chun timpeallacht thacúil agus spreagúil a chruthú.

D’fhéadfadh AtDanna eile a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an socrúchán, mar shampla, tuairisciú do na húdaráis nó doiciméid a thabhairt suas, a bheith curtha in oiriúint do na himthosca aonair.





Leid phraiticiúil: freastal ar leanaí neamhthionlactha agus scartha

Ba cheart do Bhallstáit sreafaí oibre agus prótacail a bhunú nó a athbhreithniú chun a áirithiú go ndéanfar leas an linbh a mheasúnú agus a chur in ord tosaíochta go córasach ag gach céim den phróiseas AtD. Ina theannta sin, ní mór córais ghlactha le haghaidh AtDanna a chur in oiriúint chun aois, riachtanais agus leochaileachtaí sonracha an linbh a chur san áireamh, lena n-áirithítear go ndéantar na tosca sin a mheas go comhsheasmhach agus go dtugtar aghaidh orthu go comhsheasmhach an próiseas tríd síos.

Is prionsabail ríthábhachtacha iad na prionsabail thíos a bhíonn le comhlíonadh agus cóiríocht á socrú do leanaí neamhthionlactha agus scartha.

- **Athruithe ar áit chónaithe a íoslagh dú.** A áirithiú go bhfanfaidh leanaí i dtimpeallacht chobhsaí agus go leanfaidh siad ar aghaidh ag freastal ar an scoil chéanna, mura bhfuil aistriú ag freastal ar leas na leanaí, d'fhonn leanúnachas cúraim a choimeád ar bun.
- **Baill teaghlaigh/siblínní a choimeád le chéile.** Nuair is féidir, ba cheart cóiríocht a chur ar fáil do shiblínní i dteannta a chéile chun tacú le haontacht teaghlaigh.
- **Leanaí a scaradh ó dhaoine fásta nach bhfuil muinteartha dóibh.** D'fhonn an tsábháilteacht a áirithiú, níor cheart leanaí a chur in aontíos le daoine fásta nach bhfuil muinteartha dóibh, rud lena n-íoslaghaítear an baol go mbeidh teagmháil nó tionchar míchuí i gceist.
- **Leanaí a chosaint ar theagmhálacha seachtracha míchuí.** Ba cheart coimircí a bheith i bhfeidhm chun leanaí a chosaint ar aon idirghníomhaíocht mhí-oiriúnach le daoine ó lasmuigh dá dtimpeallacht chúraim.
- **Dálaí maireachtála leordhóthanacha a sholáthar.** Ní mór rochtain a bheith ag leanaí ar dhálaí maireachtála iomchuí, lena n-áirítear spás leordhóthanach, saoirse gluaiseachta, agus deiseanna le haghaidh idirghníomhaíocht dhearfach le piraí agus le daoine aonair eile.
- **Maoirseacht agus measúnuithe rialta a áirithiú.** Ba cheart do ghairmithe cáilithe meastóireachtaí leanúnacha a dhéanamh ar na socruithe cúraim.
- **Teagmháil a dhéanamh leis na leanaí.** Ba cheart leanaí a chur ar an eolas faoina socruithe cúraim trí chumarsáid atá oiriúnach do leanaí, agus ba cheart a dtuairimí a chur san áireamh nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh a dhéanann difear dóibh.
- **Gníomhaíochtaí oideachais agus áineasa a thairiscint.** Tá sé ríthábhachtach rochtain ar ghníomhaíochtaí oideachais agus áineasa a chur ar fáil d'fhorbairt agus d'fholláine leanaí. Ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí sin oiriúnach ó thaobh aoise de agus íogair ó thaobh cultúir de, agus go gcabhródh siad leo a bheith in ann leanúint den fhoghlaim agus taitneamh a bhaint as an normáltacht in ainneoin na n-imthosca.



- **Cúram sláinte riachtanach a chur ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht shíceasóisialta.** Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbíonn rochtain ag leanaí ar sheirbhísí cúraim sláinte cuimsitheacha, lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta. Leis an gcineál cúraim sin, tugtar aghaidh ar thionchair fhisiceacha agus mhothúchána a n-eispéireas agus tacaítear lena bhfolláine fhoriomlán.

Gné ríthábhachtach den chúram do leanaí gan tionlacan agus do leanaí scartha is ea iad teaghlach a lorg agus athaontú teaghlaigh. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh **teacht ar bhail teaghlaigh** láithreach agus measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hathaontú sábháilte. Mura bhfuil athaontú indéanta, moltar cúram pobalbhunaithe lena n-urramaítear cúlra cultúrtha an linbh agus lena dtacaítear lena bhforbairt.



Treoir phraiticiúil maidir le teaghlach a lorg ⁽¹⁰⁴⁾

Leis an treoir seo, cuirtear tacar treorach agus ábhar tagartha ar fáil chun tacú le tíortha AE+ le teaghlach a lorg. Leagtar amach sa treoir freisin na cleachtais reatha maidir le teaghlach a lorg ar fud tíortha AE+.

Roghanna malartacha ar choinneáil do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu

Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 13(2) RCD (2024): “Mar riail, úsáidfear roghanna malartacha leormhaithe ar choinneáil le haghaidh teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu i gcomhréir le prionsabal na haontachta teaghlaigh. Déanfar teaghlaigh den sórt sin a chur i gcóiríocht atá oiriúnach dóibh”.

I measc na roghanna cóiríochta coiteanna do theaghlaigh tá saoráidí tithíochta comhpháirteacha amhail árasáin nó ionaid teaghlaigh thiomnaithe (féach “[Treoirlíne 3](#)”). Cuireann na suíomhanna sin ar chumas teaghlach fanacht le chéile i dtimpeallacht thacúil fad is bhíonn a gcásanna inimirce nó tearmainn á bpróiseáil. D’fhéadfaí glacadh le hionaid oscailte mar rogha freisin, go háirithe nuair is féidir tacaíocht atá curtha in oiriúint don duine aonair a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais uathúla gach linbh. Ba cheart do na hionaid sin bearta slándála iomchuí a áirithiú lena gcosnaítear teaghlaigh agus timpeallacht neamhshriantach á cothabháil ag an am céanna, agus cothromaíocht á baint amach idir sábháilteacht agus saoirse do na daoine aonair atá ina gcónaí iontu. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht bainistithe cásanna a chur ar fáil sna saoráidí sin chun cabhrú le teaghlaigh dul i ngleic leis na próisis dhlíthiúla agus rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha, lena n-áirítear cúram sláinte, cabhair dhlíthiúil agus acmhainní pobail eile (féach “[Treoirlíne 8](#)”).

D’fhéadfadh AtDanna eile a d’fhéadfadh a ghabháil leis an socrúchán, mar shampla, tuairisciú do na húdaráis nó doiciméid a thabhairt suas, a bheith curtha in oiriúint do na daoine fásta den teaghlach nó an teaghlach ina iomláine a chur san áireamh. I measc na AtDanna eile do theaghlaigh tá scéimeanna bannaí chun comhlíonadh imeachtaí inimirce nó ceanglas tuairiscithe a áirithiú, nó scéimeanna trína gcomhaontaíonn ráthóirí nó urraitheoirí tacú le cúram agus le maoirseacht teaghlaigh sa phobal.

⁽¹⁰⁴⁾ EASO, [Practical guide on family tracing](#) [Treoir phraiticiúil maidir le teaghlach a lorg], Márta 2016.





Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Nósanna imeachta teorann agus leanaí neamhthionlactha

Díolmhaítear leanaí neamhthionlactha ón nós imeachta teorann um thearmann, ach amháin má chuireann siad an tslándáil náisiúnta nó an t-ord poiblí i mbaol. Sna cásanna eisceachtúla ina ndéantar leanbh neamhthionlactha a threorú chuig an nós imeachta teorann um thearmann agus ina gcuirtear AtD i bhfeidhm, bíonn sé d'oibleagáid ar an mBallstát a áirithiú gur féidir an tacaíocht riachtanach ar fad a chur ar fáil dóibh (e.g. socrúchán i saoráidí atá deartha go sonrach, rochtain ar oideachas).





Roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme

Treoirlíne 8

Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí, trí choimircí agus próisis a chur i bhfeidhm chun an ráta comhlíonta a mhéadú

Ní leor cinneadh a dhéanamh maidir le **AtD(anna) is oiriúnaí** atá le cur i bhfeidhm i gcás nithiúil, agus imthosca aonair agus riachtanais shonracha an duine lena mbaineann á gcur san áireamh, chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú. Le linn chur chun feidhme AtDanna, ní mór coimircí agus próisis eile a bheith i bhfeidhm chun cur leis an seans go gcomhlíonfaidh daoine aonair atá faoi réir AtDanna na ceanglais a fhorchuirtear ⁽¹⁰⁵⁾.

Doiciméadacht a eisiúint



Ní mór doiciméadacht lena ndeimhnítear a stádas a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá faoi réir AtDanna, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) RCD (2024) agus le hAirteagal 29(1) RNIT. Tá foráil den chineál céanna infheidhme maidir leo siúd atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh. Sonraítear in Aithris 12 den Treoir um Fhilleadh gur cheart deimhniú i scríbhinn ar a gcás a thabhairt do TCNanna atá ag fanacht go neamhdhleathach ach nach féidir a aistriú go fóill, chun bheith in ann a gcás sonracha a léiriú i gcás rialuithe nó seiceálacha riaracháin. Go deimhin, is príomhghné é doiciméadacht a eisiúint d'fhonn athphróiseáil nó athchoinneáil an duine lena mbaineann a sheachaint.

Rochtain ar dhálaí maireachtála díniteacha agus rochtain ar sheirbhísí



Mar a leagtar síos sa RCD (2024) ⁽¹⁰⁶⁾, ní mór rochtain a bheith ag gach iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta ar thithíocht, nuair is gá, agus ar phríomhsheirbhísí, amhail cúram sláinte. Baineann sé sin freisin le hiarratasóirí atá faoi réir AtDanna. Go deimhin, is mó seans go gcomhlíonann daoine aonair na ceanglais AtDanna má bhíonn siad in ann freastal ar a gcuid riachtanas. Mar

⁽¹⁰⁵⁾ Comhairle na hEorpa, [Practical Guidance on Alternatives to Immigration Detention: Fostering Effective Results – Practical Guide](#) [Treoir phraiticiúil maidir le roghanna malartacha ar choinneáil inimirceach: torthaí éifeachtacha a chothú – Treoir phraiticiúil], 2019.


⁽¹⁰⁶⁾ Aithris 7 agus Aithris 9 RCD (2024).



shampla, is fearr is féidir leo siúd a bhfuil cóiríocht chobhsaí acu fanacht i dteagmháil le húdaráis ná daoine aonair gan dídean agus daoine aonair dealbha. Is féidir leo siúd nach bhfuil rochtain acu ar dhálaí glactha díniteacha dul i ngleic le nósanna imeachta ar bhealach nach bhfuil chomh cuiditheach céanna agus is dóichí go n-aistroidh siad ar aghaidh go Ballstát eile ⁽¹⁰⁷⁾.

Go dtí go bhfilltear iad, ní mór na ráthaíochtaí seo a leanas a áirithiú do TCNanna go sonrach ar deonaíodh tréimhse dóibh le haghaidh imeacht deonach: aontacht teaghlai, cúram sláinte agus rochtain ar an gcóras bunúsach oideachais do leanaí ⁽¹⁰⁸⁾.

Rochtain ar fhaisnéis



Le rochtain ar fhaisnéis, cuirtear ar chumas an duine lena mbaineann tuiscint a fháil ar na cúiseanna ar ar cuireadh scéim mhalartach eile chun feidhme, ar na cearta agus ar na hoibleagáidí is gá dóibh a chomhlíonadh, agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh. Sa chiall sin, trí fhaisnéis leordhóthanach, thráthúil agus cothrom le dáta a sholáthar, d'fhéadfaí feabhas a chur ar chomhlíonadh na rogha malartaí nó na roghanna malartacha ar choinneáil a cuireadh i bhfeidhm, rud a chuirfeadh lena héifeachtacht.

Bunaithe ar reachtaíocht an Aontais ⁽¹⁰⁹⁾, ba cheart faisnéis a chur ar fáil i scríbhinn i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi, trí úsáid a bhaint as teanga shoiléir, shimplí agus a dtuigeann an duine í. I gcás inar gá, ní mór faisnéis a sholáthar ó bhéal nó i bhfoirm amhairc, amhail trí úsáid a bhaint as físeáin nó pictagraim, agus ní mór í a chur in oiriúint do riachtanais an duine aonair, e.g. teanga atá oiriúnach do leanaí. Ba cheart tacaíocht ateangaire a úsáid nuair is gá: tá sé tábhachtach a fhíorú go dtuigeann an duine an fhaisnéis a chuirtear ar fáil, agus tríd an deis a thabhairt soiléiriú a lorg freisin.

D'fhéadfadh tríú páirtithe faisnéis a sholáthar freisin, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus/nó eagraíochtaí sochaí sibhialta (ESSanna) a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an ábhar.

⁽¹⁰⁷⁾ An Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta Coinneála, [There are alternatives](#) [Is ann do roghanna malartacha], 2015.

⁽¹⁰⁸⁾ Airteagal 14(1) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹⁰⁹⁾ Airteagal 5 RCD (2024). Ar an gcuma chéanna, bunáitear le hAirteagal 12 den Treoir um Fhilleadh gur cheart faisnéis maidir le cinní um fhilleadh a chur ar fáil i scríbhinn, cúiseanna a thabhairt i bhfíoras agus i ndlí, agus faoi na leigheasanna dlí. Ba cheart príomhghnéithe an chinnidh a chur ar fáil san aistriúchán i scríbhinn nó ó bhéal i dteanga a dtuigeann an TCN í. Féach Airteagal 19 agus Airteagal 20 RBTI le haghaidh faisnéis atá le soláthar i gcomhthéacs nósanna imeachta um fhreagracht a chinneadh. Féach aithris 38 agus Airteagal 11 den Rialachán maidir le Scagadh, chun eolas a fháil faoi fhaisnéis atá le cur ar fáil le linn an nós imeachta um scagadh.



Rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus ar chabhair dhlíthiúil



Bunaítear le RNIT gur chóir go mbeadh an ceart ag iarratasóirí dul i gcomhairle le comhairleoir dlí maidir le hábhair a bhaineann lena n-iarratas ag gach céim den nós imeachta riaracháin ⁽¹¹⁰⁾.

Ní hionann comhairleoireacht dhlíthiúil agus cabhair dhlíthiúil agus áirítear léi treoir, cúnamh agus míniú ar an nós imeachta ina iomláine: cearta, oibleagáidí, rialacha maidir leis na nósanna imeachta éagsúla, faisnéis maidir le conas agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh diúltach. Tá sé saor in aisce agus ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht a bhaineann lena leithéid a iarraidh tráth a gcláraithe ar a dhéanaí. Ní mór do Bhallstáit comhairleoireacht dhlíthiúil a sholáthar – fiú i ngrúpsheisiúin – don iarratasóir/do na hiarratasóirí a iarrann a leithéid ⁽¹¹¹⁾.

Cuidíonn comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce leis an duine lena mbaineann tuiscint a fháil ar na cúiseanna atá leis an scéim mhalartach eile a chur chun feidhme chomh maith leis na nósanna imeachta is infheidhme agus na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun a gcás a réiteach. Mar thoradh air sin, méadaítear leis an seans go gcomhlíonfar na ceanglais AtD.

Le linn an nós imeachta chun achomharc a dhéanamh i gcoinne thoradh an nós imeachta tearmainn nó an nós imeachta um fhilleadh, ní mór cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a thabhairt don duine aonair lena mbaineann, arna iarraidh sin ⁽¹¹²⁾. Áirítear leis sin doiciméid a ullmhú, achomharc a dhéanamh agus páirt a ghlacadh in éisteacht os comhair an chomhlachta achomhairc. D'fhéadfadh trío páirtithe, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus/nó ESSanna agus soláthraithe seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil a bhfuil saineolas ábhartha acu ar an ábhar, comhairle dlí a sholáthar freisin – comhairleoireacht, cúnamh nó ionadaíocht.

I dtreo cur chun feidhme éifeachtach roghanna malartacha ar choinneáil

Bainistiú cásanna Braitheann cur chun feidhme éifeachtach AtDanna go mór ar bhainistiú cásanna, ar chur chuige iomlánaíoch agus struchtúrtha lena soláthraítear tacaíocht chuimsitheach do dhaoine aonair agus ar cheart é a chur i bhfeidhm le linn an phróisis.

Oibríonn bainisteoirí cásanna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha an duine sa chomhthéacs sonrach. Cuirtear imthosca uathúla an duine san áireamh, lena n-áirítear a láidreachtaí, a leochaileachtaí agus a dtosca riosca.

⁽¹¹⁰⁾ Airteagal 15(1) RNIT.

⁽¹¹¹⁾ Níl ach líon beag catagóirí iarratasóirí eisiata ó chomhairleoireacht dhlíthiúil, eadhon iad siúd: a thaisc an chéad iarratas ina dhiaidh sin chun moill a chur ar an bhfilleadh nó chun bac a chur air; a thaisc an dara hiarratas nó iarratas eile ina dhiaidh sin; a ndéanann ionadaí dhlíthiúil ionadaíocht dóibh.


⁽¹¹²⁾ Airteagal 17(1) RNIT; Airteagal 13(4) den Treoir um Fhilleadh.



Tríd an méid sin a dhéanamh, cruthaíonn siad caidreamh comhoibríoch le daoine aonair agus le teaghlaigh agus cumhachtaíonn siad iad chun cinntí eolasacha a dhéanamh. Cuireann sé sin feabhas ar a bhfolláine agus forbraíonn sé a gcuid scileanna réitigh fadhbanna.

Trí shaincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le hacmhainní pobail, cuireann bainisteoirí cásanna ar chumas daoine aonair a mbealach a dhéanamh trína bpobail go muiníneach. Áirítear leis sin rochtain ar sheirbhísí a áirithiú, sásraí tarchuir chun freagairt do riachtanais speisialta, faisnéis iontaofa agus comhairle dlí maidir leis na roghanna go léir atá ar fáil don duine (lena n-áirítear comhairleoireacht maidir le filleadh), cláir um fhilleadh deonach agus ath-imeascadh chomh maith le roghanna chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí diúltacha agus faisnéis maidir le hiarmhairtí an neamhchomhlíonta.

Ciallaíonn rátaí arda comhlíonta a chur chun cinn trí straitéis atá dírithe ar chosaint na gceart a urramú agus freastal ar bhunriachtanais an duine, tacú le rochtain ar dhoiciméadacht agus ar stádas foirmiúil, agus réiteach cásanna cothrom agus tráthúil a sholáthar.





Bainistiú Cásanna Aonair (ICAM): Taithí na Beilge ar bhainistiú cásanna

Is é is aidhm don chlár, a bunaíodh laistigh de Roinn na Roghanna malartacha ar Choinneáil, cóitseáil a chur ar fáil d'fhillithe féideartha nach bhfuil faoi choinneáil. Áirítear leis sin teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh iontu, imircigh atá ag fanacht go neamhrialta agus a bhfuil seoladh aitheanta acu, TCNanna nach bhfuil seoladh aitheanta acu arna n-idircheapadh ag na póilíní agus mionaoisigh atá ag fanacht ag seoladh duine muinteartha. Cuirtear an chóitseáil ar fáil i suíomhanna cónaithe agus in ionaid réigiúnacha ar leithligh ina dtugann cóitseálaí cuireadh do dhaoine aonair ⁽¹¹³⁾.

Foireann oiliúna

D'fhonn AtDanna a chur chun feidhme go héifeachtach, tá gá le pearsanra dea-oilte atá eolach ar chaighdeán um chearta bunúsacha, ar na nósanna imeachta tearmainn agus ar na nósanna imeachta um fhilleadh, ar dhlíthe inimirce agus ar dhea-chleachtais maidir le bearta neamhchoinneála a bhainistiú.

Ní hamháin gur oibleagáid faoi CEAS é pearsanra a oiliúint ach is ráthaíocht é freisin maidir le cáilíocht agus comhlíonadh na hoibre a dhéantar faoi chuimsiú na cosanta idirnáisiúnta. Eascaíonn coincheap comhchosúil is infheidhme maidir le fearann an fhille as an straitéis Eorpach um bainistiú comhtháite teorainneacha, a bhfuil fillleadh ina chomhpháirt bhunriachtanach di ⁽¹¹⁴⁾.

Ba cheart oiliúint chuimsitheach a chur ar oifigigh ábhartha, lena n-áirítear na póilíní, oifigigh teorann, údaráis inimirce agus breithiúna, chun a áirithiú go mbeidh siad in ann cinntí eolasacha a dhéanamh agus cásanna a bhainistiú agus aird chuí á tabhairt ar fholláine an duine aonair lena mbaineann.

⁽¹¹³⁾ Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtais maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024.

⁽¹¹⁴⁾ Féach Rialachán(AE) 2019/1896 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, Airteagal 3(1)(i) agus Airteagal (2), Airteagal 9(1) agus Airteagal (4), Airteagal 10(1)(l) agus Airteagal (w), agus Airteagal 62(1), (2), (4) agus (5).





Tionscadail phíolótacha

Is féidir le tionscadail phíolótacha a bheith ina mbealach costéifeachtach chun tuiscint a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na AtDanna roghnaithe éifeachtach (mar shampla, maidir le spriocghrúpa ar leith). D'fhéadfadh go leor buntáistí a bheith ag baint le tionscadail phíolótacha, mar a shonraítear thíos.

Maolú riosca

Trí phíolótú a dhéanamh, is féidir rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainnithint agus a mhaolú sula gcuirtear beart chun feidhme ar scála iomlán. D'fhéadfaí botúin chostasacha a sheachaint ar an tslí sin.

Measúnú indéantachta

Trí leagan mionscála de thionscadal a phíolótú, is féidir teacht ar thuiscint maidir lena bhfuil an tionscadal inmharthana i gcúinsí sonracha agus nithiúla agus an féidir é a chur in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla.

Barrfheabhsú acmhainní

Is féidir le píolótú cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní, lena áirithiú go ndéantar am, airgead agus iarrachtaí a infheistiú go críonna.

Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

Is fusa a bhíonn sé teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear baill den phobal, gníomhaireachtaí rialtais agus ESSanna, i gcás céim phíolótach. D'fhéadfadh an t-aiseolas a gcuireann siad ar fáil a bheith fíorluachmhar chun an tionscadal a bheachtú d'fhonn bheith in ann freastal níos fearr ar riachtanais agus ar ionchais na bpáirtithe go léir lena mbaineann.

Sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu

Le píolótú tugtar deis sonraí mionsonraithe a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar thorthaí. Tríd an gcur chuige fianaisebhunaithe sin, is féidir bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht agus éifeachtacht an tionscadail a léiriú do lucht ceaptha beartas agus do mhaoinitheoirí.

Tástáil inscálaitheachta

Le píolótú is féidir a fháil amach cibé an bhfuil tionscnamh inscálaithe. Cuidíonn sé le tuiscint a fháil ar na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus an tionscadal á leathnú chuig daonra níos mó nó chuig suíomhanna geografacha éagsúla.

Tionchar beartais

D'fhéadfadh treoirtionscadail rathúla feidhmiú mar chás-staidéir chun tionchar a imirt ar athrú beartais. Trí éifeachtacht AtDanna a léiriú, mar shampla, is féidir glacadh agus athchóiriú níos leithne a spreagadh.





Sásraí gearáin agus freagartha a bhunú

Ba cheart go mbeadh rochtain thráthúil ag daoine aonair atá faoi réir roghanna malartacha, ar bhealach sábháilte agus rúnda, ar shásra gearán agus freagartha éifeachtach.

Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha ar choinneáil

Chun AtDanna a chur chun feidhme go héifeachtach, ní mór do Bhallstáit sásra a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht fhoriomlán an chórais agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Go deimhin, is féidir cuspóirí éagsúla a bheith ag baint le meastóireacht a dhéanamh ar na AtDanna, lena n-áirítear feidhmiú ceart AtDanna a cuireadh i bhfeidhm a fhóru; láidreachtaí agus laigí a shainaithint, gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh i gcás inar gá agus é mar aidhm dheiridh an córas a fheabhsú; tacú le hathruithe dlíthiúla agus beartais agus tionchar a imirt orthu.

D'fhonn éifeachtacht AtDanna a mheas, ba cheart measúnú rialta a dhéanamh ar na heilimintí thíos.

Ráta comhlíonta

Céatadán na ndaoine aonair a chomhlíonann ceanglais AtD a ríomh, chomh maith le líon na ndaoine aonair a dhéanann coireanna tromchúiseacha agus iad faoi réir AtDanna.

Ráta éalaithe

Is féidir an ráta éalaithe a mhiondealú de réir an chineáil AtD, le sonraí díchomhiomlánaithe maidir le haoisghrúpa, inscne, leochaileachtaí, náisiúntacht, tír chinn scríbe bheartaithe etc. Bheadh léargas ríthábhachtach le fáil san fhaisnéis sin ar an measúnú ar éifeachtacht AtDanna.

Seirbhísí tacaíochta

Measúnú a dhéanamh ar inrochtaineacht, infhaighteacht, cáilíocht agus úsáid na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair, amhail cúnamh dlíthiúil, seirbhísí tithíochta agus sláinte.

Cost-éifeachtúlacht

Comparáid a dhéanamh idir costais AtDanna agus costais choinneála, lena n-áirítear costais airgeadais agus shóisialta fhadtéarmacha chun a chinneadh an bhfuil na roghanna malartacha atá i bhfeidhm ag feidhmiú mar réiteach inbhuanaithe agus eacnamaíoch. Tugtar le tuiscint leis go bhfuiltear ag féachaint ar acmhainní agus ar chostais (costas in aghaidh an duine in AtDanna vis-à-vis an costas in aghaidh an duine atá faoi choinneáil, lena n-áirítear acmhainní riaracháin, oibríochtúla agus daonna, fad AtDanna vis-à-vis fad na choinneála).



Tionchar na gceart bunúsach

Measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an méid seo a leanas á dhéanamh ag AtDanna nó nach bhfuil:

- dínit an duine agus cearta bunúsacha a urramú;
- tacaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil;
- idirdhealú agus imeallú a sheachaint.

Tionchar an phobail

Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar AtDanna agus measúnú a dhéanamh ar an nglacadh a mbíonn ag an bpobal óstach leo. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an méid seo a leanas á dhéanamh ag AtDanna nó nach bhfuil:

- muinín agus comhar a chothú idir an pobal agus daoine aonair;
- comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus teannas a laghdú;
- aghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus ar mhíthuaisirí maidir leis an imirce.

Bailiú agus anailís sonraí

Ba cheart sonraí cainníochtúla (e.g. rátaí comhlíonta, coigilteas costais i gcomparáid le coinneáil) agus sonraí cáilíochtúla (e.g. torthaí cásanna) maidir leis na táscairí thuas a bhailiú go córasach.

Is féidir sonraí a bhailiú agus a mheasúnú trí fhoinsí agus modhanna éagsúla, e.g. aiseolas ó dhaoine aonair atá faoi réir AtDanna, bainisteoirí cásanna agus páirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear ESSanna a bhfuil baint acu le cur chun feidhme AtDanna), agallaimh, suirbhéanna agus fócasghrúpaí.

D'fhéadfadh an anailís ar na sonraí sin feabhas a chur ar an tuiscint ar láidreachtaí agus ar laigí an chórais, agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar a éifeachtúlacht fhoriomlán agus, más gá, athruithe a mholadh ar na creataí dlíthiúla agus beartais lena rialaítear AtDanna.



Sampla de thionscadal píolótach maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

- **EPIM**, [Alternatives to detention: building a culture of cooperation. Evaluation of two-year engagement-based alternative to immigration detention pilot projects in Bulgaria, Cyprus and Poland](#) [Roghanna malartacha ar choinneáil: cultúr comhair a fhorbairt. Meastóireacht ar rogha mhalartach 2 bhliain bunaithe ar rannpháirtíocht i dtreoirthionscadail choinneála inimirceach sa Bhulgáir, sa Chipir agus sa Pholainn], Iúil 2020. De réir na meastóireachta, cuireadh bainistiú cásanna ar fáil do 126 duine aonair a raibh stádas inimirce neamhrialta acu mar chuid de na trí threoirthionscadal. Bhí 86 % díobh fós rannpháirteach, tharraing 12 % díobh siar nó d'éalaigh siad, agus baineadh 2 % díobh le forneart. Réiteach cásanna bainte amach ag 25 % acu, agus toradh buan nó sealadach imirce acu ⁽¹¹⁵⁾.



Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

I bprionsabal, is féidir gach cineál AtD a úsáid i gcomhthéacs nósanna imeachta teorann. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chleachtas, go bhféadfadh sé a bheith ní ba dhúshlánaí AtDanna áirithe a chur chun feidhme mar gheall ar shaintréithe sonracha na nósanna imeachta teorann, amhail ficsean dlí na neamhiontrála agus toisc gur minic a tharlaíonn na nósanna imeachta teorann i limistéir a bhfuil sé deacair rochtain a fháil orthu. D'fhéadfadh sé sin comhordú leis na heagraíochtaí a thacaíonn le bainistiú cásanna a dhéanamh níos casta toisc go bhféadfadh sé nach n-oibreodh siad sin ag suíomhanna teorann ⁽¹¹⁶⁾.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis AtDanna éagsúla a úsáid le linn nósanna imeachta teorann. Mar shampla, d'fhéadfaí cónaí i suíomhanna ainmnithe gar don teorainn a úsáid i dteannta le bearta eile amhail tuairisciú rialta. Ina theannta sin, is féidir le Ballstáit córais chomhtháite bainistithe cásanna a fhorbairt lena bhféadfar comhairliúcháin rialta a dhéanamh maidir le céimeanna nós imeachta, fiú i dtimpeallachtaí deacra amhail aerfoirt nó limistéir iargúlta. Sna cásanna sin, ní bhreithneofaí aistriú iarratasóirí chuig suíomhanna sonracha atá deartha do na nósanna imeachta teorann mar theacht isteach sa chríoch ⁽¹¹⁷⁾.

⁽¹¹⁵⁾ Dar le Frontex, tá ionadaíocht an tsampla a úsáideadh sna tionscadail phíolótacha 2 bhliain sách íseal, ní hamháin toisc go bhfuil sé comhdhéanta de 126 TCN ach toisc gur bhain 82 % de na rannpháirtithe le grúpaí leochaileacha freisin. Ina theannta sin, de réir anailís Frontex, tar éis 2 bhliain, níor shroich ach 25.4 % de na himircigh cás-réiteach de chineál éigin, le toradh buan agus sealadach imirce. As an 25.4 % sin de thorthaí réitigh cásanna, freagraíonn 16.6 % do TCNanna ar a mbronnadh tearmann, cosaint idirnáisiúnta nó cineálacha eile de stádas cónaithe sealadach nó buan dóibh. Níor fhill ach 8.7 % ar a dtíortha tionscnaimh faoi seach go deonach. Sa bhreis ar 2.4 % díobh siúd a baineadh le forneart, ba é an toradh a bhí ar an líon sin ná gur cuireadh 11.1 % d'imircigh san iomlán ar ais go héifeachtach. Mar sin, tar éis 2 bhliain, níorbh fhéidir ach 11.1 % de na himircigh a chur ar ais, d'éalaigh 12 % nó tharraing siad siar ó na tionscadail phíolótacha, bronnadh cosaint idirnáisiúnta nó cártaí cónaithe eile ar 16.6 % díobh, agus níor baineadh réiteach cáis amach i gcás 60.3 % díobh. Féach Frontex, [Good Practices on Alternatives to Detention](#) [Dea-chleachtais maidir le roghanna malartacha ar choinneáil], 2024.

⁽¹¹⁶⁾ Sonraítear in Airteagal 54(1) RNIT nach mór d'iarratasóirí atá faoi réir nós imeachta teorann cónaí sna críosanna teorann seachtracha nó sna críosanna idirthurais seachtracha nó gar dóibh, nó in áiteanna eile arna n-ainmniú ag an mBallstát.

⁽¹¹⁷⁾ Aithris 65 agus Airteagal 54(5) RNIT.





Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

D'fhéadfadh sé a bheith ní ba dheacra na príomhghnéithe de AtDanna rathúla, amhail socrúchán pobalbhunaithe, rochtain ar sheirbhísí, an cumas freastal ar riachtanais, caidreamh muiníne agus bainistiú cásanna éifeachtach a fhorbairt, a bhaint amach i bhfianaise na ndúshlán thuasluaite. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin. D'fhéadfadh ficsean dlí na neamhiontrála, a chuirtear i bhfeidhm sa nós imeachta teorann um thearmann, difear suntasach a dhéanamh do AtDanna trí shrian a chur le rochtain ar an gcríoch agus ar na seirbhísí. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine aonair, go háirithe iad siúd atá i staideanna leochaileacha, ar na seirbhísí tacaíochta is gá.

Ní mór na próisis uile a leagtar amach in “[Treoirlíne 8](#)” (eisiúint doiciméadachta, rochtain ar dhálaí maireachtála díniteacha, rochtain ar fhaisnéis, rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus ar chabhair dhlíthiúil) a dhéanamh go córasach agus go héifeachtúil, agus i bhfianaise na hamlíne doichte ar laistigh di nach mór an nós imeachta teorann um thearmann a chur i gcrích. Tá comhar le ESSanna agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ríthábhachtach. Is féidir leis na gníomhaithe sin ról lárnach a bheith acu maidir le AtDanna a chur chun feidhme, réitigh shaincheaptha a thairiscint agus seirbhísí speisialaithe a chur ar fáil do ghrúpaí sonracha, lena n-áirítear daoine aonair leochaileacha.



Roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 9

Ní mór go mbeadh roghanna malartacha ar choinneáil faoi réir athbhreithniú breithiúnach ina gcuirtear san áireamh aon athrú ar na himthosca aonair

Athbhreithniú ar choinneáil agus ar roghanna malartacha ar choinneáil

Ós rud é go bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith i gceist le coinneáil nó AtDanna ar cheart chun sairse daoine aonair, tá sé ríthábhachtach **sásraí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a áirithiú**, i gcomhréir leis an gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil ⁽¹¹⁸⁾.

Tá forálacha sa **RCD (2024) agus sa Treoir um Fhilleadh** araon lena rialaítear an t-athbhreithniú breithiúnach ar choinneáil ach **ní thugtar aghaidh iontu ar ábhar an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar AtDanna**. Mar sin féin, d'fhéadfadh an t-athbhreithniú breithiúnach ar choinneáil a thabhairt le tuiscint go ndéanfaí (ath)scrúdú ar infheidhmeacht na mbeart nach bhfuil chomh comhéigineach sin, go háirithe AtDanna.

Tá sásraí athbhreithnithe dírithe go príomha ar mheasúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil coinneáil nó AtDanna riachtanach agus comhréireach agus ar mheastóireacht a dhéanamh ar aon athrú ar na himthosca aonair, amhail leochaileachtaí a tháinig chun cinn (e.g. meath ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte an duine aonair) agus/nó tosca riosca nua (e.g. comhlíonadh na n-oibleagáidí riachtanacha).

Athbhreithniú tosaigh ar choinneáil

Is é comhlacht breithiúnach a dhéanann an t-athbhreithniú tosaigh nuair a ordaíonn údarás riaracháin cur faoi choinneáil den chéad uair le linn nós imeachta tearmainn nó nós imeachta um fhilleadh ⁽¹¹⁹⁾. Leis an athbhreithniú sin dírithe ar na forais choinneála a bhailíochtú, chomh maith le hathmheasúnú a dhéanamh ar cheanglais an riachtanais

⁽¹¹⁸⁾ Airteagal 47 den Chairt.

⁽¹¹⁹⁾ I gcomhréir le hAirteagal 11(3) RCD (2024), “I gcás ina n-ordáinn údarás riaracháin an choinneáil, déanfaidh na Ballstáit foráil d’athbhreithniú breithiúnach mear ar dhlíthiúlacht na coinneála atá le déanamh ar bhonn *ex officio* nó arna iarraidh sin don iarratasóir, nó ar an dá bhealach sin”. Féach freisin Airteagal 15(2) den Treoir um Fhilleadh: “Nuair atá an choinneáil ordaithe ag údarás riaracháin, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas: (a) déanfaidh siad foráil maidir le hathbhreithniú breithiúnach brostaithe ar dhlíthiúlacht na coinneála ar a ndéanfar cinneadh chomh tapa agus is féidir ó thús thréimhse na coinneála; (b) nó deonóidh siad ceart don náisiúnach trú tír lena mbaineann imeachtaí a thionscnamh trína mbeidh dlíthiúlacht na coinneála faoi réir athbhreithniú breithiúnach brostaithe ar a ndéanfar cinneadh chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha. I gcás den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit in iúl láithreach don náisiúnach trú tír lena mbaineann go bhféadfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh”.



agus na comhréireachta (féach “[Treoirlíne 1](#)” agus “[Treoirlíne 5](#)”). Ní mór don chomhlacht breithiúnach atá i gceannas ar an athbhreithniú tosaigh athmheastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm AtDanna, agus imthosca nua a d’fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn ó rinneadh an cinneadh maidir le coinneáil á gcur san áireamh freisin. Mura dtabharfar an t-athbhreithniú chun críche laistigh de na spriocdhátaí, ní mór an duine a scaoileadh saor (féach “[Treoirlíne 10](#)”) ⁽¹²⁰⁾.

Is féidir an t-athbhreithniú tosaigh a dhéanamh *ex officio*, arna iarraidh ag an duine, nó ón dá rud.

- **Athbhreithniú *ex officio***

Ní mór an t-athbhreithniú *ex officio* le linn an nós imeachta tearmainn a dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus tráth nach déanaí ná 15 lá (21 lá i gcásanna eiseachtúla) ó thús na coinneála ⁽¹²¹⁾.

Sa nós imeachta um fhilleadh, ní mór do na húdaráis a mheas ar cheart an duine a chur faoi choinneáil chomh tapa agus is féidir, ó thús na coinneála ⁽¹²²⁾.

- **Athbhreithniú arna iarraidh sin ag an duine aonair**

Is féidir leis an iarratasóir agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh tosaigh i ndáil le cur faoi choinneáil tráth ar bith agus athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh, de bhua an chirt chun leigheas éifeachtach. Is é an spriocdháta chun an t-athbhreithniú seo a thabhairt chun críche ná 15 lá (21 lá i gcásanna eisceachtúla) ón iarraidh a dhéanamh le linn an nós imeachta tearmainn, agus chomh tapa agus is féidir le linn an nós imeachta um fhilleadh. I gcás den sórt sin, is féidir AtDanna a scrúdú le linn na héisteachta cúirte.

Tá an fhéidearthacht éifeachtach chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh maidir le coinneáil ag brath ar fhaisnéis a bheith ar fáil, ar rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce agus, i gcás leanáí, ar chaomhnóir nó ar ionadaí a cheapadh (féach freisin [Treoirlíne 4](#)).

Athbhreithniú tréimhsiúil

Tá an cinneadh maidir le coinneáil faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla ar cheart a dhéanamh ag eatrainmh rialta ama, bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta, go háirithe nuair a mhaireann coinneáil ar feadh tréimhse fada, nuair a thagann imthosca ábhartha chun

⁽¹²⁰⁾ Ní fhoráiltear sa Treoir um Fhilleadh do spriocdháta sonracha don athbhreithniú tosaigh ar an gcoinneáil. Ní luaitear ann ach an oibleagáid atá ar na Ballstáit foráil a dhéanamh d’athbhreithniú breithiúnach tapa. Maidir leis an ábhar sin, luaitear i [Moladh \(AE\) 2017/2338 ón gCoimisiún](#), mír 14.2., lch. 142, maidir le huastréimhse “athbhreithniú breithiúnach mear” go bhfuil téacs na Treorach um Fhilleadh bunaithe ar fhoclaiócht Airteagal 5(4) ECHR, lena gceanglaítear “athbhreithniú breithiúnach mear ó Chúirt”. Soiléirítear i gcásdlí ábhartha ECtHR nach féidir uastréimhse inghlactha (i.e. tréimhse réasúnta) a shainiú go teibí. Ní mór cinneadh a dhéanamh i bhfianaise imthosca gach cáis, agus castacht na n-imeachtaí chomh maith le hiompar na n-údarás agus an iarratasóra á gcur san áireamh. Is cinnte gur dea-chleachtas é cinneadh a dhéanamh laistigh de níos lú ná seachtain amháin, rud a chomhlíonann an ceanglas dlíthiúil maidir le luas.

⁽¹²¹⁾ Airteagal 11(3) RCD (2024).

⁽¹²²⁾ Airteagal 15(2) den Treoir um Fhilleadh.



cinn nó nuair a bhíonn faisnéis nua ar fáil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na coinneála ⁽¹²³⁾.

D'fhéadfadh an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar choinneáil a bheith ina chúis leis an scrúdú ar AtDanna freisin. Is é is príomhchuspóir dó a fhíorú cibé an bhfuil na forais choinneála tosaigh fós bailí agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá na ceanglais maidir le riachtanas, réasúntacht agus comhréireacht na coinneála fós i bhfeidhm nó nach bhfuil. Le linn athbhreithniú den sórt sin, ní mór d'údaráis inniúla athmheastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm AtDanna, agus imthosca nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn á gcur san áireamh freisin.

Ar an gcuma chéanna leis an athbhreithniú tosaigh ar choinneáil, is féidir an t-athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh *ex officio*, arna iarraidh sin ag an duine, nó acu beirt araon. Os a choinne sin, ní mór an t-athbhreithniú tréimhsiúil ar chinneadh maidir le leanbh neamhthionlachta a chur faoi choinneáil a ghníomhachtú *ex officio* ⁽¹²⁴⁾ (féach freisin "[Treoirlíne 7](#)").

Nósanna imeachta athbhreithnithe sonracha maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

Ag brath ar an reachtaíocht náisiúnta, d'fhéadfadh na bealaí dlíthiúla chun agóid a dhéanamh in aghaidh AtDanna a bheith mar an gcéanna leo siúd a úsáidtear chun agóid a dhéanamh i gcoinne coinneála. Mar sin féin, féadfar AtDanna a athscrúdú freisin le linn nósanna imeachta athbhreithnithe sonracha ina ndéanann an duine aonair lena mbaineann agóid i gcoinne chur i bhfeidhm AtDanna amháin, má fhoráiltear amhlaidh i reachtaíocht an Bhallstáit.

Na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an athbhreithniú breithiúnach

D'fhéadfadh torthaí éagsúla a bheith mar thoradh ar an bpróiseas athbhreithnithe bhreithiúnaigh, mar a shonraítear thíos.

Roghanna malartacha ar choinneáil

Ba cheart cinneadh AtD a dheimhniú i gcás ina bhfuil na forais choinneála fós infheidhme agus: (i) i gcás nár tháinig aon imthoisic ábhartha nua chun cinn sa chás, nó (ii) i gcás nach féidir aon AtD éifeachtach eile a chur i bhfeidhm.

An duine lena mbaineann a scaoileadh saor

Bunaítear le hAirteagal 11(5) RCD (2024) agus le hAirteagal 15(2) den Treoir um Fhilleadh, i gcás ina meastar, mar thoradh ar an athbhreithniú breithiúnach, go bhfuil an choinneáil neamhdhleathach, nach mór an duine lena mbaineann a scaoileadh saor láithreach (féach "[Treoirlíne 10](#)").

⁽¹²³⁾ Airteagal 11(5) RCD (2024). Féach freisin Airteagal 15(3) den Treoir um Fhilleadh: "I ngach cás, déanfar athbhreithniú ar choinneáil ag eatrainmh réasúnta, ar iarratas a fháil ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann nó ar bhonn *ex officio*. I gcás tréimhsí fadaithe coinneála, beidh athbhreithnithe faoi réir maoirseacht údaráis bhreithiúnaigh."

⁽¹²⁴⁾ Airteagal 11(5) RCD (2024).



Ina theannta sin, ní mór nósanna imeachta riaracháin leanúnacha atá ábhartha do na forais choinneála a fhorghníomhú le dícheall cuí. Maidir le moilleanna ar nósanna imeachta riaracháin nach féidir a chur i leith an duine aonair lena mbaineann, níor cheart dóibh údar a thabhairt le leanúint den choinneáil ⁽¹²⁵⁾.

Sa nós imeachta um fhilleadh, ní mór an duine aonair lena mbaineann a scaoileadh láithreach nuair is cosúil nach ann a thuilleadh d'ionchas réasúnach aistrithe ⁽¹²⁶⁾.

Aistriú ó roghanna malartacha ar choinneáil go coinneáil

Má cheadaítear amhlaidh leis an reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh an t-údarás breithiúnach atá i gceannas ar an athbhreithniú cinneadh a dhéanamh AtDanna a tharraingt siar agus coinneáil a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, ní mór go mbeadh feidhm ag gach saincheart agus ag gach ráthaíocht atá bailí d'aon chinneadh tosaigh maidir le coinneáil. Áirítear orthu sin cloí le caighdeáin um chearta bunúsacha agus le dlíthe náisiúnta, athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an gcinneadh chomh maith leis na prionsabail gur rogha dheiridh í an choinneáil, ní mór a mheas go bhfuil sí riachtanach, comhréireach agus i bhfeidhm ar feadh na tréimhse is giorra agus is féidir. D'fhéadfadh an t-aistriú ó AtD go coinneáil tarlú i gcásanna éagsúla, mar a shonraítear sna samplaí thíos.

- **Mainneachtain oibleagáidí tearmainn nó fillte a chomhlíonadh**

Má theipeann ar dhuine aonair comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn nó leis an bpróiseas um fhilleadh, e.g. gan freastal ar agallaimh, gan an doiciméadacht is gá a chur ar fáil, bac a chur ar an bpróiseas um fhilleadh gan chúis a bhfuil bonn cirt léi nó bac a chur ar ullmhú an phróisis um fhilleadh nó ar an bpróiseas aistrithe, féadfaidh na húdaráis cinneadh a dhéanamh go bhfuil gá le coinneáil ⁽¹²⁷⁾.

- **Neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha**

Mura gcomhlíonann duine aonair na coinníollacha a leagtar amach faoin AtD atá i bhfeidhm, féadfar a mheas go bhfuil an AtD atá i bhfeidhm neamhéifeachtach. D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh leanúnach a bheith ina chúis le breithniú ag údaráis ar choinneáil mar bheart riachtanach chun a áirithiú go gcloifear le próisis inimirce.

- **Baol éalaithe méadaithe**

Má tá fianaise ann go bhfuil baol éalaithe níos airde ann, féadfaidh na húdaráis athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na coinneála. Mar shampla, d'fhéadfadh ní ba mhó struis nó eagla maidir le díbeart a bheith mar thoradh ar dhiúltú d'éileamh ar thearmann an duine aonair, rud a lena méadófaí an dóchúlacht go n-éalóidís.

⁽¹²⁵⁾ Airteagal 11(1), an dara fomhír, RCD (2024). Sa nós imeachta um fhilleadh, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh an tír thionscnaimh freagrach as moilleanna ar nósanna imeachta riaracháin, i.e. moilleanna ar an doiciméadacht is gá a fháil ó thrú tíortha. I gcásanna den sórt sin, cé nach féidir glacadh leis go bhfuil an TCN freagrach as na moilleanna, tá sé dleathach an choinneáil a choimeád ar bun, ar bhonn Airteagal 15(6)(b) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹²⁶⁾ Airteagal 15(4) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹²⁷⁾ Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh; Airteagal 5(3) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.



- **Bagairt níos mó ar an ord poiblí nó ar an tslándáil náisiúnta**

Má tá fianaise ann go bhfuil bagairt níos mó ar an tslándáil náisiúnta nó ar an ord poiblí, féadfaidh na húdaráis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le coinneáil. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cásanna ina bhfuil fianaise inchreidte ann go bhfuil siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí coiriúla nó i gcomhlachais le grúpaí a chuireann sábháilteacht an phobail i mbaol, cé nach mór do Bhallstáit, sa chás sin, tosaíocht a thabhairt d'ionchúiseamh coiriúil agus do choinneáil faoin dlí coiriúil ⁽¹²⁸⁾.

Aistriú ó choinneáil go roghanna malartacha ar choinneáil

Os a choinne sin, le hathbhreithniú d'fhéadfaí cinneadh coinneála roimhe sin a thiontú ina AtD, bunaithe ar athruithe ar na himthosca aonair agus ar an mbreithniú go bhfuil AtD iomchuí go deimhin.

D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a thagann athruithe ar shaol an teaghligh (amhail breith linbh) nó nuair a thagann leochaileachtaí nó riochtaí sláinte eile chun cinn nach bhfuil comhoiriúnach leis an gcoinneáil agus nach féidir cóireáil leordhóthanach a chur orthu i suíomhanna coinneála le linn na coinneála ⁽¹²⁹⁾.

D'fhéadfadh an cinneadh chun aistriú ó choinneáil go AtDanna a bheith mar thoradh freisin ar thásca atá ag teacht chun cinn go bhféadfadh riachtanais ghhlactha speisialta a bheith ag an duine aonair lena mbaineann ⁽¹³⁰⁾ chomh maith le toradh an mheasúnaithe chomhfhreagraigh ⁽¹³¹⁾.

Ina theannta sin, má fhaigheann an duine atá á gcoinneáil acmhainní airgeadais tar éis an chinnidh an duine a chur faoi choinneáil, féadfaidh na húdaráis é sin a bhreithniú mar imthoisc nua a d'fhéadfadh tús a chur leis an gcinneadh an duine a scaoileadh faoi bhannaí (féach "[Treoirlíne 3](#)", fonóta [41](#)).

An rogha mhalartach/na roghanna malartacha ar choinneáil atá i bhfeidhm a mhodhnú

D'fhéadfadh an próiseas athbhreithnithe a dheimhniú go bhfuil gá le AtD agus a ordú nach mór cineál nó ceanglais an AtD atá i bhfeidhm a mhodhnú. Is iad seo a leanas na torthaí praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith ann:

- cineál nua AtD a chur i bhfeidhm nó, má tá sé ar fáil sa chomhthéacs náisiúnta, meascán de AtDanna nua a bhreithnítear a bheith níos éifeachtaí;
- an AtD atá i bhfeidhm a úsáid le rogha mhalartach;
- riachtanais an AtD atá i bhfeidhm a mhodhnú ionas go mbeidh sé níos oiriúnaí do riachtanais agus d'imthosca an duine aonair.

⁽¹²⁸⁾ Aithris 30 RCD (2024).

⁽¹²⁹⁾ Airteagal 13(1) RCD (2024).

⁽¹³⁰⁾ Airteagal 10(3) RCD (2024).

⁽¹³¹⁾ Airteagal 25 RCD (2024).



Fógra um tharraingt siar

Nuair a tharraingítear siar AtDanna, bíonn sé ríthábhachtach fógra a thabhairt don duine aonair lena mbaineann go pras agus i scríbhinn.

Maidir le fógra a thabhairt faoin gcinneadh (féach “[Treoirlíne 6](#)”), ba cheart an fógra i scríbhinn faoin tarraingt siar a sholáthar i bhformáid a bhfuil rochtain ag an duine aonair uirthi, agus aon bhacainn teanga nó litearthachta á gcur san áireamh. Ba cheart go n-áireofaí ann míniú mionsonraithe ar na cúiseanna a dtarraingítear siar na AtDanna, agus tagairt á déanamh d’ábhair imní nó do thosca sonracha as ar eascair athmheasúnú ar phróifíl riosca an duine aonair, cuir i gcás gur éalaigh siad uair éigin cheana féin nó más ann do chruthúnas de neamhchomhlíonadh coinníollacha ar leith. Ina theannta sin, ba cheart dó faisnéis shoiléir a sholáthar maidir leis an gceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh AtDanna a tharraingt siar, le treoracha maidir le conas an próiseas seo a thionscnamh agus faisnéis bhreise nó fianaise bhreise a chur ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

I gcás ina mbeidh siad ar fáil, ba cheart daoine aonair a threorú chuig seirbhísí nó eagraíochta tacaíochta ar féidir leo cúnaimh agus treoir a chur ar fáil le linn na hidirthréimhse sin, lena n-áirítear soláthraithe cúnaimh dhlíthiúil, eagraíochtaí pobail nó gníomhaireachtaí seirbhísí sóisialta.



Roghanna malartacha ar choinneáil a tharraingt siar: leanaí neamhthionlactha

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar AtDanna do leanaí neamhthionlactha a tharraingt siar, tá sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt dá leasanna agus deis a thabhairt dóibh éisteacht a fháil in aon imeacht breithiúnach agus riaracháin a dhéanann difear dóibh. Le linn a gcuid ama in AtDanna, go minic bunaíonn leanaí neamhthionlactha gnáthaimh agus caidreamh laistigh den phobal a sholáthraíonn cobhsaíocht agus slándáil. Is féidir le hathruithe tobanna ar a socruithe maireachtála cur isteach go mór ar a gcobhsaíocht, rud a dhéanann difear dá bhfolláine mhothúchánach agus shíceolaíoch.

Más gá aistriú a dhéanamh agus ar mhaithe le leas an linbh, ba cheart faireachán agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar aistrithe ar bhealach lena gcuirtear folláine an linbh chun cinn agus lena n-urramaítear a gcearta.



Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Le linn na nósanna imeachta teorann, ba cheart an t-athbhreithniú ar choinneáil a dhéanamh ag eatraimh rialta. Ba cheart an t-athbhreithniú ar roghanna malartacha seachas coinneáil a dhéanamh freisin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le minicíocht na n-athbhreithnithe sin, ní mór do na húdaráis a chur san áireamh gur gá na nósanna imeachta teorann a chur i gcrích laistigh de thréimhse ghearr. Ba cheart go mbeadh an duine lena mbaineann in ann athbhreithniú a iarraidh freisin, go háirithe má tháinig imthosca nua chun cinn ina gcás.

Chomh maith le hathbhreithnithe tréimhsiúla, bíonn faireachán leanúnach ríthábhachtach. Is éard atá i gceist leis sin rianú fíor-ama a dhéanamh ar chomhlíonadh choinníollacha na AtDanna. Ba cheart go spreagfadh aon tasc maidir le neamhchomhlíonadh nó le baol éalaithe méadaithe athbhreithniú láithreach chun athmheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na rogha malartaí atá i bhfeidhm.

Ba cheart go mbeadh an próiseas athbhreithnithe sách solúbtha chun freastal ar réiteach tapa aon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Má bhíonn rogha mhalartach ar leith neamhéifeachtach nó míchuí, ba cheart d'údaráis a bheith toilteanach chun beart ní b'oiriúnaí a chur chun feidhme go tapa. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin aistriú ó chineál AtD amháin go cineál AtD eile, leibhéal na tacaíochta a sholáthraítear a mhéadú nó, nuair is gá, breithniú a dhéanamh ar choinneáil mura féidir roghanna eile a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



Deireadh a chur le roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 10

Ní mór gur roghanna sealadacha iad roghanna malartacha ar choinneáil

Ba cheart go mbeadh tréimhse theoranta i gceist le roghanna malartacha ar choinneáil

Mar a léirítear in Airteagal 11(1) RCD (2024), ba cheart go mbeadh coinneáil incheadaithe ar feadh “na tréimhse is giorra is féidir agus ní choinneofar iarratasóir ach fad atá na forais [...] infheidhme”.

Ar an gcuma chéanna, luaitear in Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh go mbeidh tréimhse aon choinneála chomh gearr agus is féidir agus ní choinneofar ar bun í ach fad a bheidh socruithe um aistriú idir lámha agus á gcur i gcrích le dícheall cuí. Sa nós imeachta um fhilleadh, féadfaidh Ballstáit TCNanna atá faoi réir nós imeachta um fhilleadh a chur faoi choinneáil ar feadh 18 mí ar a mhéad ⁽¹³²⁾. Mar sin féin, ní mór deireadh a chur leis an gcoinneáil más rud é nach ann a thuilleadh d’ionchas réasúnta go mbainfear an t-aistriú ⁽¹³³⁾.

I gcás ar bith, níor cheart go mairfeadh an choinneáil ní b’fhaide ná an tréimhse is gá chun cuspóir dlisteanach an stáit a bhaint amach. Ba cheart go sonrófaí sa dlí náisiúnta an uastréimhse choinneála; mar atá molta ag UNHCR ⁽¹³⁴⁾, tá coinneáil éiginnte le breithniú mar choinneáil threallach.

Mar thoradh air sin, ní mór AtDanna, freisin, a bheith teoranta ó thaobh tréimhse de. Leis an gcinneadh AtDanna a chur i bhfeidhm, ba cheart an t-am uasta inar féidir na AtDanna a chur i bhfeidhm a shocrú.

Dul in éag an bhunús dlí do roghanna malartacha ar choinneáil

Níl AtDanna infheidhme ach amháin má tá foras dlíthiúil coinneála i bhfeidhm (féach “[Treoirlíne 1](#)”). Má scoireann an foras dlíthiúil de bheith ann, mar shampla tar éis athbhreithniú breithiúnach, níl feidhm ag AtDanna a thuilleadh agus ní mór deireadh a chur leo láithreach, toisc nach bhfuil bunús dlí acu (féach “[Treoirlíne 9](#)”). Sa chás sin, d’fhéadfadh sé a bheith fós

⁽¹³²⁾ Airteagal 15(5-6) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹³³⁾ Airteagal 15(4) den Treoir um Fhilleadh.

⁽¹³⁴⁾ UNHCR, [Detention Guidelines](#) [Treoirlínte coinneála], *op. cit.*, fonóta [14](#), treoirlíne 6.



indéanta srianta ar shaoirse gluaiseachta a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 9 RCD (2024) (féach [“Treoirlíne 2”](#)).



Breithnithe a bhaineann le nósanna imeachta teorann

Le spriocdhátaí dochta na nósanna imeachta teorann (12 sheachtain don nós imeachta teorann um thearmann agus 12 sheachtain don nós imeachta teorann um fhilleadh), cuirtear as an áireamh sa chleachtas cur i bhfeidhm éiginnte coinneála agus AtDanna.

Ní chiallaíonn sé sin, áfach, gur cheart an duine aonair lena mbaineann a chur faoi choinneáil nó na hoibleagáidí arna mbunú ag AtDanna a chomhlíonadh ar feadh thréimhse iomlán na nósanna imeachta teorann, gan dochar d’Airteagal 54(1) RNIT. Ní mór do na húdaráis measúnú leanúnach a dhéanamh ar na himthosca aonair. Mura féidir cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de réir na dtuillteanas sa nós imeachta teorann um thearmann, d’fhéadfadh deireadh teacht le coinneáil nó le AtD. Mar shampla, i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir faoi choinneáil (nó faoi réir AtD) ar fhoras cinneadh a dhéanamh maidir leis an gceart dul isteach sa chríoch agus ina mbronntar an ceart sin, ní mór an t-iarratasóir a threorú amach as an nós imeachta teorann um thearmann agus deis a thabhairt dóibh tairbhe a bhaint as an ngnáthnós imeachta tearmainn. Sa chás sin, is féidir leis na húdaráis náisiúnta cinneadh a dhéanamh AtD (nó, más gá, coinneáil) a chur i bhfeidhm arís le linn an nós imeachta tearmainn, má tá na ceanglais ábhartha infheidhme (i.e. tá feidhm ag forais choinneála eile).



Iarscríbhinn 1. Tábla le hachóimre ar na treoirlínte

AtD a shainiú	Treoirlíne 1	Níor cheart roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm ach amháin más ann d'fhoras dlisteanach coinneála
	Treoirlíne 2	Níor cheart go mbeadh cailleadh saoirse mar thoradh ar roghanna malartacha ar choinneáil
AtD a bhunú	Treoirlíne 3	Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú de réir an dlí, agus ba cheart a shonrú go soiléir iontu an t-údarás atá freagrach as na roghanna sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme, na critéir maidir lena gcur i bhfeidhm agus raon na roghanna atá ar fáil
	Treoirlíne 4	Ní mór go gcloífeadh roghanna malartacha ar choinneáil le caighdeáin agus le prionsabail bhunúsacha maidir le cearta an duine
Cinneadh a dhéanamh maidir le AtD	Treoirlíne 5	Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú go cuí agus a chur as an áireamh sula dtéitear i muinín na coinneála, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta
	Treoirlíne 6	Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus na himthosca aonair agus na riachtanais shonracha á gcur san áireamh
	Treoirlíne 7	Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm, de ghnáth, aon uair a chuirtear coinneáil leanaí san áireamh, i gcomhréir le prionsabal leas an linbh
AtD a chur chun feidhme	Treoirlíne 8	Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí, trí choimirce agus próisis a chur i bhfeidhm chun an ráta comhlíonta a mhéadú
AtD a atbhreithniú	Treoirlíne 9	Ní mór go mbeadh roghanna malartacha ar choinneáil faoi réir atbhreithniú breithiúnach ina gcuirtear san áireamh aon athrú ar na himthosca aonair
Deireadh a chur le AtD	Treoirlíne 10	Ní mór gur roghanna sealadacha iad roghanna malartacha ar choinneáil



Iarscríbhinn 2. Seicliostaí treoirlínte



Seicliosta – Roghanna malartacha ar choinneáil a shainiú

Treoirlíne 1: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm díreach más ann d'fhoras coinneála

- Déantar na forais coinneála a rialáil go soiléir sa dlí náisiúnta.
- Sainiúnaíodh foras coinneála dlisteanach sa chás aonair.

Treoirlíne 2: Níor cheart go mbeadh cailleadh saoirse mar thoradh ar roghanna malartacha ar choinneáil

- Is de chineál neamhchoinneála iad AtDanna agus níl siad chomh sriantach céanna le cailleadh saoirse.
- Ní hionann na srianta ar chearta agus ar shaoirsí a fhorchuirtear sa chás sonrath, agus a bhreithnítear ina n-aonar nó go carnach, agus cás atá inchomparáide le coinneáil.



Seicliosta – Roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú

Treoirlíne 3: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a bhunú le dlíthe náisiúnta ar cheart dóibh a shonrú go soiléir an t-údarás atá freagrach as iad a ghlacadh agus a chur chun feidhme, na critéir maidir lena gcur i bhfeidhm agus raon na roghanna atá ar fáil

- Tá na AtDanna leagtha síos sa dlí náisiúnta.
- Tá dhá AtD ar a laghad ar fáil.
- Sonraítear sna dlíthe ábhartha an t-údarás atá freagrach as AtDanna a ghlacadh agus a chur chun feidhme.
- Ní choinnítear aon duine ar an mbonn nach bhfuil aon AtD ar fáil.

Treoirlíne 4: Ní mór do roghanna malartacha ar choinneáil seasamh le príomhchaighdeáin agus príomhphrionsabail bhunúsacha maidir le cearta an duine

- Urramaíonn AtDanna prionsabal an neamh-idirdhealaithe.
- Urramaíonn AtDanna dínit an duine agus ní bhíonn céastóireacht, íde ná pionós atá mídhonna nó táireach mar thoradh orthu ná ní chuimsítear iad sin iontu.
- Urramaíonn AtDanna an ceart chun príobháideachais agus ní chuireann siad isteach go treallach ná go neamhdhleathach ar shaol príobháideach an duine lena mbaineann.
- Urramaíonn AtDanna an ceart chun sláinte, lena n-áirítear trína áirithiú go gcomhlíontar riachtanais sláinte.



- Urramaíonn AtDanna an ceart chun saol an teaghlaigh, lena n-áirítear gan cosc a chur ar dhaoine aonair teagmháil a choimeád ar bun lena muintir.
- Urramaíonn AtDanna leas an linbh, cearta an linbh chun faisnéis agus rannpháirtíocht, agus ceart an linbh chun oideachas.
- Urramaíonn AtDanna an ceart chun leigheas éifeachtach.



Seicliosta – Cinneadh a dhéanamh maidir le roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 5: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a scrúdú go cuí agus a chur as an áireamh sula dtéitear i muinín na coinneála, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta

- Déantar AtDanna a bhreithniú, a anailísiú agus a chur as an áireamh sa chás aonair sula ndéantar scrúdú ar choinneáil.
- Ní eisítear aon ordú coinneála go huathoibríoch sula mbreithnítear infheidhmeacht AtD i bhfianaise imthosca sonracha an duine aonair.
- Tugtar cúiseanna i gcás nach gcuirtear AtDanna i bhfeidhm.
- Ní chuirtear coinneáil i bhfeidhm ach amháin tar éis a léiriú go bhfuil sé riachtanach chun na cuspóirí dlisteanacha sa chás aonair a shaothrú.
- Ní chuirtear coinneáil i bhfeidhm ach amháin tar éis a léiriú go bhfuil an díobháil a rinneadh de bharr cailleadh saoirse i gcomhréir leis na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú sa chás aonair.

Treoirlíne 6: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a mheasúnú ar bhonn cás ar chás agus na himthosca aonair agus na riachtanais shonracha á gcur san áireamh

- Déantar AtDanna a scrúdú ar bhonn measúnú aonair.
- Le linn an mheasúnaithe aonair, cuireann na húdaráis an méid seo a leanas san áireamh:
 - o cruthúnas de chomhlíonadh le horduithe na n-údarás nó na AtDanna a forchuireadh roimhe sin;
 - o táscairí oibiachtúla a bhaineann leis an mbaol éalaithe, lena n-áirítear aon fhianaise ar éalú roimhe sin chomh maith le tosca a d'fhéadfadh baol den sórt sin a mhaolú agus a ísliú;
 - o an méid comhair a léirigh an duine lena mbaineann.
- Le linn an mheasúnaithe aonair, cuireann na húdaráis san áireamh an gcuirfidh coinneáil sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte an duine i mbaol tromchúiseach.
- Rinne foireann oilte agus speisialaithe leochaileachtaí a shainaitheint agus a mheasúnú.
- Déantar aon chomhartha, ráiteas nó iompar infheicthe a thugann le fios go bhfuil riachtanais ghlacktha speisialta ag an iarratasóir a bhreithniú go cuí fad is atá iarratasóir á choinneáil nó á coinneáil.





- Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an AtD is oiriúnaí nó an meascán díobh sin sa chás sonrath:
 - o déantar an rogha is lú cunórtas a bhreithniú agus a chur i bhfeidhm;
 - o cuirtear san áireamh tosca amhail an cineál AtD, an fad agus an tionchar ar an duine aonair lena mbaineann;
 - o Déantar oibleagáidí agus coinníollacha AtD(anna) (e.g. minicíocht an tuairiscithe) a chalabrú don chás aonair.

Treoirlíne 7: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur i bhfeidhm de ghnáth nuair a bhítear ag déileáil le leanaí, i gcomhréir le prionsabal leas an linbh

- Má chuirtear i bhfeidhm é, meastar go bhfuil coinneáil (agus AtD) ar mhaithe le leas an linbh tar éis measúnú leasa a dhéanamh.
- Tugann AtDanna tús áite do shocruithe teaghlaigh do leanaí neamhthionlactha nó scartha.
- Urramaítear prionsabal na haontachta teaghlaigh.
- Foráiltear le AtD go gcuirfead teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i gcóiríocht atá oiriúnach dóibh.
- Tá bearta coimirce i bhfeidhm chun rioscaí foréigin, mí-úsáide agus dúshaothraithe a mhaolú, mar aon le sásraí sábháilte, inrochtana agus rúnda chun aon teagmhas gaolmhar a thuairisciú.



Seicliosta – Roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme

Treoirlíne 8: Ní mór roghanna malartacha ar choinneáil a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí, trí choimircí agus próisis a chur i bhfeidhm chun an ráta comhlíonta a mhéadú

Doiciméadacht

- Eisítear doiciméadacht go tráthúil lena ndeimhnítear a stádas do dhaoine aonair atá faoi réir AtDanna.

Coinníollacha díniteacha agus rochtain ar sheirbhísí

- Tá rochtain ag iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá faoi réir AtDanna ar dhálaí glactha ábhartha agus neamhábhartha mar a léirítear sa RCD (2024), agus an cineál AtD a chuirtear i bhfeidhm sa chás sonrath á chur san áireamh freisin.
- Go dtí go bhfilltear iad, tá rochtain ag TCNanna ar deonaíodh tréimhse dóibh le haghaidh imeacht deonach ar phríomhsheirbhísí amhail cúram sláinte agus oideachas do leanaí.



Rochtain ar fhaisnéis

- Cuirtear daoine aonair atá faoi réir AtDanna ar an eolas go tráthúil faoin scéim mhalartach a chuirtear i bhfeidhm ina gcás, faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí, lena n-áirítear iarmhairtí an neamhchomhlíonta.
- Cuirtear an fhaisnéis ar fáil i scríbhinn i bhfoirm atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus a bhfuil rochtain éasca uirthi.
- I gcás inar gá sin sna himthosca, soláthraítear an fhaisnéis ó bhéal nó i bhfoirm amhairc freisin, e.g. trí fhíseáin agus trí phicteagraim.
- Cuirtear an fhaisnéis ar fáil i dteanga a thuigeann an duine.
- Cuirtear an fhaisnéis in oiriúint do riachtanais shonracha agus d'imthosca aonair an duine aonair lena mbaineann.
- Cuirtear ateangaire ar fáil, más gá sin sna himthosca.
- Déantar tuiscint ar an duine aonair lena mbaineann a fhíorú.

Comhairleoireacht dhlíthiúil agus cabhair dhlíthiúil

- Tá rochtain thráthúil ag daoine aonair atá faoi réir AtDanna ar chomhairleoireacht dhlíthiúil agus ar chabhair dhlíthiúil.
- Tá comhairleoireacht dhlíthiúil ar fáil saor in aisce.
- Cuirtear an duine lena mbaineann ar an eolas faoin bhféidearthacht a bhaineann le comhairleoireacht dhlíthiúil a iarraidh tráth an chlárúcháin ar a dhéanaí.
- Le linn an nós imeachta chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh dhiúltaigh maidir le tearmann nó filleadh, is féidir leis an duine aonair cabhair dhlíthiúil saor in aisce a iarraidh.

Bainistiú cásanna

- Tacaíonn bainisteoir cásanna le daoine aonair atá faoi réir AtDanna agus a gcás á réiteach acu.

Oiliúint

- Tá oiliúint chuimsitheach faighte ag oifigigh ábhartha, lena n-áirítear na póilíní, oifigigh teorann, údaráis inimirce agus breithiúna, chun a áirithiú gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh agus go bhfuil siad in ann cásanna a bhainistiú agus aird chuif á tabhairt ar fholláine an duine aonair lena mbaineann agus ar an urraim do chearta bunúsacha.



Meastóireacht ar AtDanna

- Tá sásra i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht fhoriomlán AtDanna.
- Bailítear sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla go córasach maidir le táscairí éagsúla, amhail ráta comhlíonta, ráta éalaithe, cost-éifeachtúlacht, tionchar AtDanna ar chearta bunúsacha agus ar phobail, inrochtaineacht agus úsáid seirbhísí.
- Tá sásraí sábháilte agus rúnda i bhfeidhm chun aon teagmhas foréigin, mí-úsáide agus dúshaothraithe a thuairisciú agus tá rochtain ag daoine aonair atá faoi réir AtDanna orthu.
- Tá rochtain ag daoine aonair atá faoi réir AtDanna ar shásra éifeachtach gearán agus freagartha, de réir mar is infheidhme.



Seicliosta – Athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 9: Ní mór go mbeadh roghanna malartacha ar choinneáil faoi réir athbhreithniú breithiúnach ina gcuirtear san áireamh aon athrú ar na himthosca aonair

Athbhreithniú breithiúnach tosaigh

- Déantar infheidhmeacht AtDanna sa chás nithiúil a (ath)scrúdú le linn an athbhreithnithe tosaigh ar choinneáil.

Athbhreithniú tréimhsiúil

- Déantar athbhreithnithe tréimhsiúla ar choinneáil ag eatraimh rialta chun bailíocht leanúnach na bhforas coinneála tosaigh a fhíorú chomh maith leis na ceanglais maidir le riachtanas agus comhréireacht.
- Déantar AtDanna a (ath)scrúdú go tréimhsiúil.
- Bíonn coinneáil leanaí neamhthionlactha faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla ex officio i gcónaí.

Nósanna imeachta athbhreithnithe sonracha

- Má shamhlaítear é leis an dlí náisiúnta, déantar AtDanna a (ath)scrúdú le linn nósanna imeachta athbhreithnithe sonracha arna ngníomhachtú ag an duine aonair lena mbaineann.

Fógra a thabhairt maidir le roghanna malartacha ar scor de choinneáil

- I gcás AtDanna a tharraingt siar, tugtar fógra i scríbhinn go pras don duine aonair lena mbaineann, i bhformáid ar féidir leo rochtain a fháil uirthi agus i dteanga a thuigeann siad.
- Áirítear san fhógra míniú ar na cúiseanna a dtarraingítear siar na AtDanna.
- Áirítear san fhógra faisnéis maidir leis an gceart agus na módúlachtaí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh AtDanna a tharraingt siar.





Seicliosta – Deireadh a chur le roghanna malartacha ar choinneáil

Treoirlíne 10: Ní mór gur roghanna sealadacha iad roghanna malartacha ar choinneáil

- Tá uasfhad an AtD leagtha síos sa chinneadh lena n-ordaítear an rogha mhalartach.
- Má scoirtear den fhoras coinneála, scoirtear den AtD freisin.





Iarscríbhinn 3. Scagadh agus na nósanna imeachta teorann

An Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann

Leis an gComhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann, tugtar isteach rialacha nua atá dírithe ar chomhchuíbhiú a dhéanamh ar an gcaoi a mbainistíonn Ballstáit sreafaí imirce nuair a thagann daoine isteach ar bhealach neamhrialta ag teorainneacha seachtracha an Aontais, agus treoraítear iad i dtreo an nós imeachta iomchuí. Go deimhin, tugtar isteach leis an gComhshocrú nós imeachta éigeantach teorann um thearmann nua chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar bhealach brostaithe, chomh maith le nós imeachta teorann um fhilleadh chun daoine nach ndéanfaítear cosaint idirnáisiúnta dóibh a chur ar ais go tapa.

Faoin gcóras nua, tá trí phíosa den reachtaíocht ríthábhachtach le haghaidh na nósanna imeachta ag an teorainn sheachtrach: 1) an Rialachán maidir le Scagadh, 2) RNIT (an chuid ina mbeartaítear an nós imeachta teorann um thearmann); agus 3) an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh. Ainneoin go bhfuil siad le fáil in ionstraimí dlí éagsúla, is é is aidhm do na forálacha sreabhadh oibre amháin gan uaim a bhunú chun sreafaí imirce ag teorainneacha seachtracha a bhainistiú go héifeachtach.

Scagadh

Tá feidhm ag an scagadh maidir le TCNanna nach gcomhlíonann na coinníollacha teacht isteach a leagtar amach i gCód Teorainneacha Schengen agus:

- go ngabhtar iad i dtaca le trasnú neamhúdaráithe teorann seachtraí; nó
- atá tar éis tuirlingt i ndiaidh oibríocht chuardaigh agus tarrthála; nó
- a bhfuil iarratas déanta acu ar chosaint idirnáisiúnta ag pointí trasnaithe teorann seachtraí nó i gcriosanna idirthurais; nó
- atá ag fanacht go neamhdhleathach laistigh den chríoch tar éis dóibh teorainn sheachtrach a thrasnú ar bhealach neamhúdaráithe agus nach ndearnadh scagadh orthu cheana féin ⁽¹³⁵⁾.

Is uirlis é an scagadh chun faisnéis tosaigh faoin duine aonair a bhailiú agus chun cabhrú leis na húdaráis an duine aonair a threorú chuig an nós imeachta iomchuí. Dá réir sin, is roimh an nós imeachta teorann um thearmann a dhéantar scagadh agus ní mar chuid de.

⁽¹³⁵⁾ Airteagal 5(1)-(2) agus Airteagal 7(1) den Rialachán maidir le Scagadh.



Ní mór an scagadh a chur i gcrích laistigh de 7 lá ag teorainneacha seachtracha nó laistigh de 3 lá má fhaightear amach go bhfuil duine ag fanacht go neamhrialta laistigh den chríoch ⁽¹³⁶⁾. Ní féidir síneadh a chur leis na teorainneacha ama sin agus ba cheart an duine a tharchur chuig na nósanna imeachta agus na húdaráis iomchuí (tearmann nó filleadh) sula rachaidh an spriocdháta in éag.

Áirítear na céimeanna seo a leanas leis an scagadh:

- soláthar faisnéise;
- réamhsheiceáil sláinte agus réamhsheiceálacha leochaileachta;
- measúnú aoise, más gá;
- fíorú nó sainaitheint chéannachta;
- clárú sonraí bithmhéadracha;
- seiceáil slándála;
- líonadh amach foirme scagtha;
- tarchur chuig an údarás iomchuí.

Nuair a bheidh an scagadh críochnaithe nó nuair a bheidh an spriocdháta caite, tarchuirfean an TCN chuig na húdaráis atá freagrach as an bhfillleadh nó, má rinne siad iarratas ar chosaint idirnáisiúnta roimh an scagadh nó lena linn, chuig na húdaráis atá inniúil chun an t-iarratas ar thearmann a chlárú ⁽¹³⁷⁾. Sa chás deireanach sin, bíonn feidhm iomlán ag an RCD (2024). Dá bhrí sin, ní mór na saoráidí a úsáidtear le haghaidh scagtha a bheith leordhóthanach chun dálaí glactha a chur ar fáil i gcomhréir leis an RCD (2024).

Le linn an scagtha, ceanglaítear ar an duine aonair a bheith ar fáil do na húdaráis fhreagracha i suíomh tiomnaithe atá suite ag na teorainneacha seachtracha nó gar dóibh nó, de rogha air sin, in áiteanna eile laistigh den chríoch náisiúnta ⁽¹³⁸⁾. Ní mór do Bhallstáit bearta a dhéanamh chun éalú a chosc, mar shampla trí shrian a chur le saoirse gluaiseachta ⁽¹³⁹⁾.

I gcás ar bith, ní mór do choinneáil le linn an phróisis scagtha prionsabail na dlíthiúlachta, an riachtanais agus na comhréireachta a urramú (féach “[Treoirlíne 5](#)”). Ní ann do choinneáil uathoibríoch le linn an scagtha. Má chuirtear i bhfeidhm í, ní mór do choinneáil na coimircí nós imeachta atá sa RCD (2024) nó sa Treoir um Fhilleadh a chomhlíonadh, ag brath ar cé acu a dhéanann an duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó nach ndéanann.

⁽¹³⁶⁾ Féach Airteagal 7(1) den Rialachán maidir le Scagadh, “Déanfaidh na Ballstáit scagadh ar náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach laistigh dá gcríoch i gcás inar thrasnaigh náisiúnaigh tríú tír den sórt sin teorainn sheachtrach ar bhealach neamhúdaraithe chun dul isteach ar chríoch na mBallstát agus nár cuireadh faoi réir an scagtha cheana i mBallstát iad...”

⁽¹³⁷⁾ Airteagal 18(1) agus Airteagal (2) den Rialachán maidir le Scagadh.

⁽¹³⁸⁾ Airteagal 6 agus Airteagal 8(1) den Rialachán maidir le Scagadh.

⁽¹³⁹⁾ Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi na prionsabail lena rialaítear saoirse gluaiseachta agus srianta gaolmhara, is féidir leat tagairt a dhéanamh do Chomhairle na hEorpa, [Guide on Article 5 of the Convention – Right to Liberty and Security](#) [Treoir maidir le hAirteagal 5 den Choinbhinsiún – An ceart chun saoirse agus slándála], 2014.



An nós imeachta teorann um thearmann

Má tá iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta ag an TCN le linn an scagtha, tá sé éigeantach don Bhallstát an nós imeachta teorann um thearmann a chur i gcrích d'iarratasóirí más rud é go mbíonn an méid seo a leanas i gceist leo:

- tá siad an t-údarás a chur amú d'aon ghnó trí fhaisnéis bhréagach/trí dhoiciméid bhréagacha a chur i láthair nó trí fhaisnéis/trí dhoiciméid ábhartha a choimeád siar;
- tá siad ina gcontúirt don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí; nó
- tagann siad ó thír ísealaitheantais ⁽¹⁴⁰⁾.

Féadfaidh an Ballstát an nós imeachta teorann um thearmann a chur i bhfeidhm freisin maidir le catagóirí breise iarratas bunaithe ar fhórais eile, ar scrúdú brostaithe ar na tuillteanais nó ar an neamh-inghlacthacht.

Ní féidir an nós imeachta teorann um thearmann a chur i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

- nuair is leanbh neamhthionlactha an t-iarratasóir, ach amháin má chruthaítear baol don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí;
- nuair nach bhfuil na fórais chun an t-iarratas a dhiúltú mar iarratas neamh-inghlactha nó na fórais le haghaidh scrúdú brostaithe infheidhme;
- mura féidir ráthaíochtaí nós imeachta speisialta nó riachtanais ghlactha a sholáthar/a chomhlíonadh;
- i gcás cúiseanna leighis ábhartha;
- nuair nach gcomhlíontar ráthaíochtaí agus coinníollacha coinneála agus nuair nach féidir an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm ar an iarratasóir gan dul i muinín na coinneála.

Sna cásanna sin, ní mór go mbeadh an t-iarratasóir údaraithe chun dul isteach ar chríoch an Bhallstáit agus é nó í a threorú chuig an nós imeachta tearmainn rialta.

Ní mór an nós imeachta teorann um thearmann, idir tráth chláru an iarratais agus tráth dhéanamh an cinneadh (an t-achomharc san áireamh) a chur i gcrích laistigh de 12 sheachtain. Tar éis na tréimhse sin, ní mór an t-iarratasóir a údarú chun dul isteach ar chríoch an Bhallstáit ⁽¹⁴¹⁾.

Má tá an cinneadh maidir le tuillteanais an iarratais ar thearmann diúltach, ba cheart é a eisiúint in éineacht leis an gcinneadh um fhilleadh. Is féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh an dá cheann i gcomhpháirt.

Os a choinne sin, má tá an cinneadh dearfach, ní mór cead fanachta a eisiúint agus ní mór an teacht isteach ar chríoch a bhronnadh.

⁽¹⁴⁰⁾ Airteagal 45(1) RNIT.

⁽¹⁴¹⁾ Airteagal 51(2) RNIT





Ba cheart go gcomhlíonfadh glacadh iarratasóirí sa nós imeachta teorann um thearmann na caighdeáin a leagtar amach in RCD (2024). Ní mór aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go mbeidh teaghlaigh a bhfuil leanaí acu ina gcónaí i saoráidí glactha atá oiriúnach do leas an linbh le caighdeán leordhóthanach maireachtála d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta an linbh ⁽¹⁴²⁾.

An nós imeachta teorann um fhilleadh

Tá feidhm ag an nós imeachta teorann um fhilleadh maidir le TCNanna ar diúltaíodh dóibh i gcomhthéacs an nós imeachta teorann um thearmann ⁽¹⁴³⁾, ach amháin má chinneann an t-údarás náisiúnta gan an Treoir um Fhilleadh a chur i bhfeidhm ⁽¹⁴⁴⁾.

Ní mór tréimhse le haghaidh imeacht deonach a cheadú ach amháin má tá baol éalaithe ann, má diúltaíodh don iarratas toisc é a bheith go follasach gan bhunús nó más rud é go bhfuil an duine ina riosca don bheartas poiblí agus don tslándáil phoiblí nó náisiúnta. Níor cheart an tréimhse sin a dheonú ach amháin arna iarraidh sin agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos faide ná 15 lá. Son tréimhse imeachta dheonaigh atá le deonú, ní mór don duine aon doiciméad taistil bailí atá ina seilbh a thabhairt suas do na húdaráis chun éalú a chosc ⁽¹⁴⁵⁾.

Mura féidir an cinneadh um fhilleadh a fhorfheidhmiú laistigh de 12 sheachtain, ní mór nós imeachta um fhilleadh rialta a chur i gcrích i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Treoir um Fhilleadh ⁽¹⁴⁶⁾.

Ba cheart na dálaí glactha ginearálta agus cúram sláinte a ráthú do na daoine atá páirteach sa nós imeachta teorann um fhilleadh, leis na caighdeáin chéanna le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ⁽¹⁴⁷⁾.

D'fhéadfadh duine atá páirteach sa nós imeachta teorann um fhilleadh a bheith faoi réir coinneála nó AtD(anna) ⁽¹⁴⁸⁾.

Ficsean dlí na neamhiontrála

Tagraíonn an coincheap “ficsean na neamhiontrála” i gcomhthéacs nósanna imeachta scagtha agus teorann do struchtúr dlíthiúil agus riaracháin a úsáidtear chun daoine aonair a bhainistiú agus a phróiseáil, lena n-áirítear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, a thagann chuig na teorainneacha ach nár ligeadh isteach go foirmiúil i gcríoch an Bhallstáit. Tugann sé le tuiscint go gcaitear leis an duine aonair amhail is nár tháinig siad isteach sa tír go dleathach, cé go

⁽¹⁴²⁾ Airteagal 54(2) RNIT.

⁽¹⁴³⁾ Airteagal 1(1) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.

⁽¹⁴⁴⁾ Airteagal 2(2)(a) den Treoir um Fhilleadh

⁽¹⁴⁵⁾ Airteagal 4(5) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.

⁽¹⁴⁶⁾ Airteagal 4(4) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.

⁽¹⁴⁷⁾ Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach Airteagal 4(2) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh ar dá réir a “[c]omhlíonfaidh na dálaí ar na suíomhanna sin na caighdeáin atá coibhéiseach le caighdeáin na ndálaí glactha ábharacha agus an chúraim sláinte i gcomhréir le hAirteagail 19 agus 20 de Threoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar atá feidhm acu maidir le daoine a mheastar a bheith ina n-iarratasóirí fós”.

⁽¹⁴⁸⁾ Airteagal 5(1-3) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh





bhfuil siad i láthair go fisiciúil ag an teorainn nó i gcrios idirthurais laistigh den tír. Tá feidhm i gcónaí ag an gCairt chomh maith leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe.

Níor cheart TCNanna a údarú chun dul isteach i gcríoch an Bhallstáit le linn an scagtha, an nós imeachta teorann um thearmann agus an nós imeachta teorann um fhilleadh ⁽¹⁴⁹⁾. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit forálacha a leagan síos ina ndlí náisiúnta agus ba cheart do na daoine leanúint de bheith ar fáil don údarás sna suíomhanna atá tiomnaithe don scagadh ⁽¹⁵⁰⁾. Ní mór go mbeadh aon bheart chun teacht isteach neamhúdaraithe ar an gcríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chosc i gcomhréir leis an RCD (2024) ⁽¹⁵¹⁾.

Déantar scagadh agus na nósanna imeachta teorann, mar riail ghinearálta, gar do na teorainneacha seachtracha nó do na críosanna idirthurais. De rogha air sin, is féidir iad a chur i gcrích i suíomhanna ainmnithe laistigh den chríoch ina gceanglaítear ar an duine cónaí ⁽¹⁵²⁾. Leis an RCD (2024), tugtar roinnt solúbthachta do na Ballstáit maidir leis na nósanna imeachta teorann a chur i gcrích. Cuidíonn an tsolúbthacht sin leo an acmhainneacht agus an lóistíocht leordhóthanach is gá a chruthú chun í a chur chun feidhme.

Gné eile atá le breithniú is ea an tacaíocht is gá a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu. Gné thábhachtach eile atá le breithniú is ea an suíomh ina gcuirfead AtDanna chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar rochtain ar sheirbhísí.

Sa chreat sin, is féidir le Ballstáit srian a chur le saoirse gluaiseachta an iarratasóra bunaithe ar Airteagal 9 RCD (2024) trína cheangal gur gá cónaí in áit shonrach nó trína cheangal ar an iarratasóir tuairisciú do na húdaráis. Mar sin féin, ní coinneáil ná AtDanna iad srianta faoi Airteagal 9 RCD (2024), a rialaítear le hAirteagal 10 RCD (2024) (féach "[Treoirlíne 2](#)").

⁽¹⁴⁹⁾ Airteagal 6 den Rialachán maidir le Scagadh, Airteagal 43(2) RNIT agus Airteagal 4(1) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.

⁽¹⁵⁰⁾ Airteagal 6 den Rialachán maidir le Scagadh.

⁽¹⁵¹⁾ Airteagal 43(2) RNIT.

⁽¹⁵²⁾ Airteagal 8(3) den Rialachán maidir le Scagadh, Airteagal 54(1) RNIT agus Airteagal 4(2) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh.



An nós imeachta scagtha agus an nós imeachta teorann

Má dhéanann an TCN iarratas ar IP

Má dhiúltaítear don iarratas ar IP

Scagadh

Le cur i gcrích laistigh de 7 lá ag an teorainn sheachtrach nó laistigh de 3 lá laistigh den chríoch



- Soláthar faisnéise
- Réamhsheiceáil sláinte agus leochaileachta
- Measúnú aoise (más gá)
- Fíorú nó sainaitint céannachta
- Clárú sonraí bithmhéadracha
- Seiceáil slándála
- Lónadh amach foirme scagtha
- Tarchur chuig an nós imeachta iomchuí

Nós imeachta teorann um thearmann

Le críochnú laistigh de 12 sheachtain



- Soláthar faisnéise
- Clárú agus cur ar fáil cóiríochta
- Cinneadh an Bhallstáit atá freagrach
- Cinneadh maidir le tearmann agus filleadh
- Achomharc – iarratas ar fhanacht
- Cinneadh maidir leis an iarratas ar fhanacht
- Éisteacht
- Cinneadh ón gcomhlacht achomhairc

An nós imeachta teorann um fhilleadh*

Le críochnú laistigh de 12 sheachtain



- Soláthar faisnéise
- Comhairleoireacht maidir le filleadh (bíonn feidhm aici ag gach céim den phróiseas um fhilleadh)
- Céannacht an duine a dheimhniú agus doiciméad taistil bailí a fháil (más gá)
- Measúnú ar mhódúlachtaí maidir le filleadh agus ar shocruithe a eascraíonn as sin.
- Filleadh a chur chun feidhme (filleadh/imeacht nó aistriú deonach).

* Níl an nós imeachta iarbhrí bunaithe go fóill. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí ord na gcéimeanna thíos a athrú agus/nó d'fhéadfaí céimeanna breise a chur san áireamh.

* Níor áiríodh cinneadh um fhilleadh agus achomhairc ina dhiaidh sin mar, i gcomhréir le hAirteagal 37 den nós imeachta teorann um thearmann, ní mór an cinneadh um fhilleadh a eisiúint mar chuid den chinneadh lena ndiúltaítear don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.





Iarscríbhinn 4. Gluais

Téarma	Sainmhíniú	Foinse
Ceartha bunúsacha	ráthaíochtaí dlíthiúla uilíocha nach féidir le daoine aonair agus le grúpaí a saoirsí bunúsacha agus a ndínit dhaonna a dhaingniú dá n-uireasa agus a bhfuil feidhm chomhionann acu maidir le gach duine gan beann ar náisiúntacht, áit chónaithe, inscne, bunadh náisiúnta nó eitneach, dath, reiligiún, teanga, nó aon stádas eile de réir chóras dlí tíre gan aon choinníollacha.	Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN)
Coinneáil	iarratasóir a bheith á ngaibhniú ag Ballstát laistigh d'áit ar leith, i gcás ina mbaintear a saoirse gluaiseachta díobh.	Airteagal 2(9) RCD (2024)
Éalú	Sa nós imeachta tearmainn: an ghníomhaíocht arb é atá i gceist léi nach bhfanann iarratasóir ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, amhail trí chríoch an Bhallstáit a fhágáil gan cead a fháil ó na húdaráis inniúla, ar chúiseanna a bhfuil neart ag an iarratasóir orthu.	Airteagal 2(12) RCD (2024)
	Sa nós imeachta um fhilleadh: gníomhaíocht lena bhféachann duine le bearta riaracháin agus/nó imeachtaí dlíthiúla a sheachaint trí gan bheith ar fáil do na húdaráis ábhartha ná don chúirt.	Bailiúchán téarmaí an Aontais in IATE
Fanacht neamhrialta	náisiúnach tríú tír a bheith ar chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha maidir le teacht isteach a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen) nó coinníollacha eile maidir le teacht isteach, fanacht nó cónaí sa Bhallstát sin den Aontas.	Bailiúchán téarmaí an Aontais in IATE



Téarma	Sainmhíniú	Foinse
Filleadh	an próiseas a bhaineann le náisiúnach tríú tír a bheith ag dul ar ais – cibé acu go deonach a chomhlíontar oibleagáid maidir le fillleadh, nó a fhorfheidhmítear – chuig: - a dtír thionscnaimh, nó - tír idirthuais i gcomhréir le comhaontuithe Comhphobail nó déthaobhacha um athligean isteach nó le socruithe eile, nó - tríú tír eile, a gcinneann an TCN lena mbaineann fillleadh uirthi go deonach agus ina nglacfar leo.	Airteagal 3(3) an Treoir um Fhilleadh
Iarratasóir	náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu ach nach bhfuil cinneadh críochnaitheach ina leith déanta go fóill.	Bailiúchán téarmaí EUAA in IATE
Íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach	cóireáil lena n-áirítear nó lena ndéantar beag is fiú de dhuine aonair, rud lena léirítear easpa measa ar dhínit an duine, nó lena laghdaítear dínit an duine, nó – nuair a músclaítear léi mothúcháin cosúil le heagla, crá nó ísleacht – a d’fhéadfadh cur isteach ar fhrithsheasmhacht mhorálta agus fhisiciúil an duine aonair.	Gluais Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN)
Imeacht deonach	comhlíonadh na hoibleagáide fillleadh laistigh den teorainn ama a socraíodh chun na críche sin sa chinneadh um fhilleadh	Airteagal 3(8) an Treoir um Fhilleadh
Leanbh/ mionaoiseach	Náisiúnach tríú tír nó duine gan stát faoi bhun 18 mbliana d’aois ⁽¹⁵³⁾ .	Airteagal 2(4) RCD (2024)

⁽¹⁵³⁾ Breithnítear gur comhchiallaigh iad leanbh agus mionaoiseach agus úsáidtear an dá théarma sin san fhoilseachán seo. Is é leanbh an téarma is fearr le EUAA, ach baintear úsáid as an téarma “mionaoiseach” nuair a úsáidtear go sainráite i bhforáil dhlíthiúil nó in airteagal sonrath (mar shampla i bhforálacha *acquis* an Aontais um thearmann).



Téarma	Sainmhíniú	Foinse
Leanbh/ mionaoiseach neamhthionlactha	mionaoiseach a shroicheann críoch na mBallstát gan tionlacan duine fhásta atá freagrach astu, de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann, agus fad nach dtógtar an mionaoiseach sin faoi chúram an duine fhásta sin go héifeachtach, lena n-áirítear mionaoiseach a fhágtar gan tionlacan tar éis dóibh dul isteach i gcríoch na mBallstát	Airteagal 2(5) RCD (2024)
Náisiúnach tríú tír	aon duine nach saoránach de chuid an Aontais iad agus nach bhfuil an ceart saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais.	Díorthaithe ó Rialachán (AE) 2016/399 (Rialachán Schengen)
Tír thionscnaimh	an tír nó na tíortha náisiúntachta nó, i gcás daoine gan stát, an tír nó na tíortha ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe sin.	Airteagal 3(13) Rialachán (AE) 2024/1347 (an Rialachán Cáilitheachta)





Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

